

Iniúchadh ar Ghnéithe den Fhantaisíocht i nGearrscéalta Mhichíl Uí

Chonghaile

Siobhán Máiréad Kennedy

10097619

Mórthráchtas MA sa Ghaeilge

Coláiste Mhuire Gan Smál, Ollscoil Luimnigh

Stiúrthóir: Róisín Nic Dhonncha

Iúil 2015

Dearbhú

Dearbhaím leis seo, gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atá á chur faoi bhráid Roinn na Gaeilge agam le haghaidh measúnachta don chéim MA sa Ghaeilge, agus nár tógadh aon chuid eile de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mheid atá luaite agus aitheanta i dtéacs an tsaothair seo.

Síniú: _____

Dáta: _____

Nóta Buíochais	iv
Coimriú	v
Réamhrá	vi
Noda	ix
Caibidil a hAon:	1
An Fhantaisíocht mar Sheánra Liteartha	
Caibidil a Dó:	32
An Traidisiún agus an Nua	
Caibidil a Trí:	60
Carachtar agus an Charachtracht i nGearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile	
Caibidil a Ceathar:	89
Cúrsaí Stíle agus Teanga i nGearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile	
Focal Scoir	115
Leabharliosta	117

Nóta Buíochais

Le linn an tráchtais, ba mhór an tacaíocht a thug foireann dhíograiseach Roinn na Gaeilge i gColáiste Mhuire Gan Smál dom faoin gCeann Roinne, Máire Ní Neachtain. Dhá bhliain ó shin, shuigh an Dr. Liam Ó Páircín síos liom tar éis scrúduithe na céime chun iarratas a chur le chéile don MA Taighde ar an gcéad dul síos. Táim an-bhuíoch as an tacaíocht agus comhairle a thug sé dom is mé ag tosú amach mar thaighdeoir iarchéime. Ón am sin amach, mura mbeadh mo stiúrthóir, Róisín Nic Dhonncha, chomh cabhrach, díograiseach, flathúil agus foighneach lena cuid ama, ní bheadh an saothar seo ann anois. Tá mé fíorbhuíoch de na léachtóirí ar fad as gach deis a chuir siad ar fáil dom chun mé a chur ar an mbóthar ceart ar thuras dian, dúshlánach an taighde. Deirtear gur próiseas aonrach atá sa scríbhneoireacht ach ó mo thaithíse, is mó an chomhairle agus na deiseanna comhrá a fuair mé idir cruinnithe agus ranganna ar an siúltán a chothaigh na scileanna a raibh mé ag iarraidh forbairt a dhéanamh orthu dom féin.

Ní fhéadfainn gan an t-údar féin, Micheál Ó Conghaile, a lua agus mé ag scríobh m'fhocal buíochais. Thosaigh an próiseas seo leis na ceisteanna a d'fhan ar chúl mo chinn tar éis staidéar a dhéanamh ar an gcnuasach *An Fear a Phléasc* (1997) sa bhunchéim agus is ó na ceisteanna seo a chuir mé iarratas le chéile tabhairt faoi thaighde níos faide ar shaothar Uí Chonghaile ar chríochnú na céime dom. Ní hamháin gur thug a chuid scríbhneoireachta ábhar machnaimh dom, ach tar éis seans a fháil labhairt leis an bhfear féin, tháinig míle ceist eile chugam a d'athraigh mo dhearcadh féin arís agus thug ár gcomhrá misneach dom leanúint leis an obair. Dá bhrí sin, táim an-bhuíoch de Mhicheál Ó Conghaile as an splanc a las a chuid scríbhneoireachta ionam cúpla bliain ó shin agus as a bheith chomh flathúil lena chuid ama liom le linn a bheith ag caint leis.

Coimriú

Is éard atá sa saothar seo ná iniúchadh ar ghnéithe den fhantaisíocht i ngearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile. Is iad *An Fear a Phléasc* (1997), *An Fear Nach nDéanann Gáire* (2003) agus an cnuasach nua-fhoilsithe *Diabhlaíocht Dé* (2015) is mó atá á bplé agam. Déantar iarracht spléachadh a thabhairt ar an bhfantaisíocht mar sheánra liteartha agus ar na ceisteanna a nochtáítear don léitheoir a roghnaíonn saothar fantaisíochta a léamh. Díritear go háirithe ar an gcarachtracht shainiúil a fhaightear i ngearrscéalta Uí Chonghaile mar aon le plé ar na ceisteanna teanga agus stíle a chuireann an oiread sin beochta ina shaothar.

Réamhrá

Is í bunaidhm an tsaothair seo ná iniúchadh a dhéanamh ar ghnéithe den fhantaisíocht i ngearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile, *An Fear a Phléasc* (1997), *An Fear Nach nDéanann Gáire* (2003) agus an cnuasach nua-fhoilsithe *Diabhlaíocht Dé* (2015). Is díol suime gur seánra leathan ina bhfuil fosheánraí le fáil í an fhantaisíocht i gcúrsaí litríochta timpeall an domhain. Is deacair, dá réir, cur síos sásúil a dhéanamh ar aon saothar i nGaeilge ná i dteanga ar bith eile a luaitear gnéithe den fhantaisíocht leo. Is mian linn mar léitheoirí a bheith in ann cur síos beacht a dhéanamh ar an gcineál scéil a thaitníonn linn agus is ábhar frustachais é nuair nach n-éiríonn linn é sin a dhéanamh. Tá súil agam a bheith in ann staidéar a dhéanamh ar thaithí an léitheora agus iad ag dul i ngleic leis an bpróiseas seo i dtaca le taighde atá déanta ag léirmheastóirí bunaithe ar rannpháirtíocht an léitheora i saothair áirithe.

Ar leibhéal bunúsach, ní foláir go bhfuil míthuiscintí againn ó thaobh na fantaisíochta mar sheánra liteartha agus go mbímid rótheoranta ó thaobh úsáid an téarma ‘fantaisíocht’. Is iondúil go nglacaimid mar léitheoirí leis an lipéad a chuireann foilsitheoirí agus siopaí leabhar ar shaothair, rud a chuireann bac ar bhreis smaointeoireachta ar cheist na seánraí. Ar ndóigh, ó thaobh phróiseas na cumadóireachta de, bíonn an scríbhneoir féin dílis dá cheird níos mó ná a bheith ag iarraidh cloí le lipéad nó rangú áirithe dá chuid saothar. Gné amháin a thugann léargas dúinn ó thaobh céard is fantaisíocht ann ná an tslí ar fhorbair seánra na fantaisíochta sa litríocht go ginearálta go dtí na cineálacha saothar atá ag teacht amach do léitheoirí na linne seo. Leis an staidéar seo, beidh bonn nithiúil againn maidir le tréithe na fantaisíochta sa tseanlitríocht agus sa nualitríocht.

Is spéisiúil an ní é ó thaobh litríocht na Gaeilge de, nach bhfeictear an bhéim chéanna ar rangú na seánraí mar a bhíonn chun tosaigh do lucht léite an Bhéarla, cuir i gcás. D’fhéadfá a áiteamh go mbaineann sé sin leis an líon níos lú daoine a bhíonn ag scríobh agus ag léamh saothar as Gaeilge sa lá atá inniu ann, ach rith sé liom gur nós nuálach é an oscailteacht ó thaobh ábhair de atá le feicéail i litríocht na Gaeilge trí chéile. Ag tabhairt sracfhéachaint ar stair na litríochta Gaeilge, is léir go bhfuil an fhantaisíocht mar choincheap tar éis fás as foirmeacha éagsúla den litríocht sin agus as tréimhsí ama éagsúla freisin ón traidisiún béil go dtí filíocht na mbard agus saothair na hAthbheochana, cuir i gcás. Tá traidisiún láidir ag an ngearrscéal féin sa Ghaeilge agus tugann an Conghaileach ábhar machnaimh dúinn le húsáid an ghearrscéil mar mhodh scríbhneoireachta chun é féin a chur os ár gcomhair mar ghearrscéalaí triallach. Is éard atá againn i ngearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile ná saothar a bhaineann an anáil dinn go minic leis an meascán seo den sean agus nua a bhíonn le fáil iontu.

Áitíonn an scoláire, Tuan, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an bhfantaisíocht i gcultúir go ginearálta timpeall an domhain nuair a deir sé, ‘... truth; moreover, fantasy merits serious study because it plays a key role in the enlightenment and transformation of culture’ (Tuan, 1990:435). Is as an smaoinemh seo a fheicimid an chumhacht atá ag an bhfantaisíocht ceisteanna a nochtadh ionainn faoin saol atá timpeall orainn trí mheán liteartha. I mbun léitheoireachta, buaileann an léitheoir le go leor téamaí comhaimseartha agus is minic a bhíonn conspóid ag baint leo a chuireann dúshlán suntasach romhainn trí na ceisteanna tromchúiseacha a nochtaítear ionainn. Nuair a chuireann an Conghaileach an léitheoir i ndomhan osréalaíoch a chruthaíonn sé féin laistigh dá chuid gearrscéalta, tugann sé deis don léitheoir briseadh a fháil ón saol atá timpeall orthu. Is i ndomhan nua na fantaisíochta a dhéanann an léitheoir iniúchadh ar an saol atá timpeall orthu.

Gné thánaisteach den staidéar seo ar thréithe na fantaisíochta ná an caidreamh atá ann idir an réalachas agus an fhanaisíocht mar choincheapa. Feicimid le linn an tráchtais seo go bhfuil bua ar leith ag an gConghaileach déileáil le coincheap na fantaisíochta agus an réalachais mar ‘dhá thaobh den phingin chéanna’ mar a deir sé féin.

Le linn an staidéir seo, pléifear cúrsaí carachtrachta chun fáil amach céard iad na bealaí a gcuireann an Conghaileach an duine daonna a chur os ár gcomhair. Ní nach ionadh, tá béim ar leith curtha agam ar chúrsaí teanga agus stíle i dtaca le gnéithe den fhanaisíocht i ngearrscéalta Uí Chonghaile chomh maith. Ag rith tríd an saothar mar sin, is mian liom léirmheas a dhéanamh ar chúrsaí stíle agus teanga, cuir i gcás, chomh maith leis an gcarachtracht chun fáil amach céard iad na bealaí a bhforbraíonn sé gnéithe den fhanaisíocht sa saothar sin mar scríbhneoir Gaeltachta an aonú haois is fiche.

Noda:

Mac an tSagairt (1986) - (MS)

An Fear a Phléasc (1997) - (AFP)

An Fear Nach nDéanann Gáire (2003) - (AFNDG)

Diabhláocht Dé (2015) - (DD)

Caibidil a hAon

An Fhantaisíocht mar Sheánra Liteartha

Aithnítear go forleathan gur tréithe iad an réalachas agus an fhantaisíocht atá le fáil i ndaoine agus i gcultúir (Tuan, 1990:435). Sa lá atá inniu ann, tá greim shuntasach ag seánra na fantaisíochta mar a thuigimid é ar litríocht do pháistí agus do dhaoine fásta araon. Ní gá ach súil a chaitheamh ar an tsraith dar teideal *Harry Potter* ó 1997-2007 le JK Rowling chun feiceáil chomh tarraingeach is atá an fhantaisíocht mar choincheap sa litríocht chomhaimseartha. Tá stair fhada, áfach, ag traidisiún na litríochta fantaisíochta mar a fheicfear ar ball agus is seánra liteartha é atá le fáil beagnach i ngach teanga agus cultúr. Caithfear an cheist a chur mar sin – an bhfuil an réalachas leis féin míshásúil mar fhráma tagartha don chruthaitheacht liteartha? Is léir go mothaíonn lucht ealaíne trí chéile go gcaithfidh siad, amanta, dul i ngleic le domhan nach bhfuil ann ar chor ar bith. Is díol suime mar phointe tosaigh, gur tháinig an fhantaisíocht mar sheánra mar fhreagairt ar an ‘miméis’ ar téarma eile é ar an réalachas (James agus Mendlesohn, 2012). Úsáidtear an téarma miméis chun ionadaíocht a dhéanamh ar an aithris a dhéantar ar an saol timpeall orainn. Baineann James agus Mendlesohn (2013) leas as téarma níos sainiúla agus úsáideann an t-ainmfhocal ‘the fantastic’ chun trácht a dhéanamh ar an bhfantaisíocht mar a bhí sí le fáil sa litríocht le linn an ré Victeoiriaigh. Dar leo, ní raibh ‘the fantastic’ oiriúnach nuair a bhí eolaíocht agus móráltacht chun tosaigh in anailís liteartha na tréimhse sin. Bhí an réalachas chun tosaigh, mar sin, in aineoinn go n-aithnítear an ré Victeoiriach mar thréimse shuntasach don fhantaisíocht i litríocht do pháistí go háirithe. Sa dioscúrsa liteartha le linn an ré Victeoiriaigh, bhí béim ar an réalachas ach de réir a chéile thosaigh sé sin ag athrú. Ag déanamh staidéir ar an gcur síos a dhéanann an léirmheastóir Kathryn Hume (1984) ar an réalachas, is ionann é agus a bheith ag glacadh leis an domhan agus an nádúr os do chomhair gan rómánsúlacht ar bith a bheith ag baint leis. Tugann sampla ó E.S. Rabkin (1976) míniú ar an rómánsúlacht seo. Má fhéachann tú ar bhláthanna sa ghairdín le súile an réalachais, rudaí nádúrtha is ea iad. Ag caint faoin leabhar ‘*Alice’s Adventures in Wonderland*’ (1865) le Lewis Carroll (1832-1898) deir Rabkin, má shamhlaíonn tú go bhfuil

cumas cainte ag na bláthanna sin, d'fhéadfaidís caint. Ar leibhéal na cumadóireachta, cumhacht is ea an fhantaisíocht a fhásann as samhlaíocht an duine. Mar sin, i scéalta ina bhfuil gnéithe den fhantaisíocht cosúil le gearrscéalta Uí Chonghaile, bí ag súil le casadh éigin ar bhunrialacha an tsaol maidir le gné éigin den saol sin ar nós na mbláthanna seo.

Is amhail go bhfeicimid forbairt na fantaisíochta i scéal ar bith mar athrú ar eachtraí, nósanna agus daoine a fhaighimid sa ghnáthshaol laethúil atá againn, is é sin le rá, iompaíonn suíomh a bhfuil cleachtadh ag an léitheoir air bun os cionn nó droim ar ais. Tá dúshlán ag baint leis seo don scríbhneoir toisc go gcaitheann an scríbhneoir scríobh faoi eachtraí nár tharla dóibh agus go bhféadfaí a rá gur taithí mhíshásúil atá ann dá bharr. An bhfágann sé sin gur bréag í an litríocht nó an bhfuil fírinne ar bith sa litríocht? An gá go mbeadh? Don léitheoir, tá dúshlán eile os a c(h)omhair mar is deacair an ní é a bheith muiníneach as taithí na gcarachtar i scéal fantaisíoch. Níor tharla na heachtraí oréalaíochta dóibh féin nó don duine daonna riamh má ghlactar leis nár tharla eachtra an scéil don scríbhneoir. Dá bhrí sin, is ionann iarrachtaí an scríbhneora ar pár agus taithí iomlán nua, ní hamháin do na carachtair, ach do na léitheoirí agus don scríbhneoir féin mar a tharlaíonn in 'Alice's Adventures in Wonderland' nó i mórshaothar na Gaeilge, 'Cré na Cille' (1949) le Máirtín Ó Cadhain (1905-1970), cuir i gcás. Ní féidir leis an scríbhneoir féin breith ar shuíomh an scéil trí thaithí an chéad nó an tríú pearsa fiú. An dúshlán amach is amach é do scríbhneoirí dul i ngleic le domhan na fantaisíochta? Ní dóigh liom gurb ea. B'fhéidir gurb é a mhalairt atá fíor nuair a smaointítear go bhfuil gnéithe den osréalachas agus den fhantaisíocht go ginearálta le fáil i litríocht an domhain trí chéile, mar aon le litríocht na Gaeilge ó na meánaoiseanna ar a laghad.

Is ó scríbhneoirí cáiliúla an Bhéarla cosúil le William Morris (1834-1896) a fhaighimid aistriúcháin de na ságaí Íoslánacha sa naoú haois déag a thug spreagadh do scríbhneoirí na fantaisíochta cosúil le J.R.R Tolkien (1892-1973) níos déanaí (James agus Mendlesohn, 2012:8). Tríd an naoú haois déag, léiríonn Mendlesohn agus James (2012) go raibh staidéar

agus foilseacháin déanta ar litríocht mheánaoiseach na Gaeilge agus na Breataine Bige ('Beowulf' mar shampla) trasna na hEorpa (2012:9). An rud a bhí i gceist leis an staidéar seo ná bailiúcháin ar fhoclóir na Breataine Bige agus na hÉireann ó scothaicmí chun smaointe osréalaíochta an tuathánaigh Eorpaigh a athchruthú. In Éirinn, bailiúchán ina bhfuil eilimintí na fantaisíochta ag rith tríd a tháinig anuas chugainn ón seachtú haois déag ia ea 'Scéalta Céitinn' ó *Foras Feasa ar Éirinn* (1930). Sa chnuasach seo, imítear ón réalachas sna scéalta nuair a tharlaíonn eachtraí osréalaíochta, cuir i gcás, sa scéal 'Dá Chluais Chapail ar Labhraidh Loingseach' nuair a bhí cluasa an asail ag an rí. Ag caitheamh súil ar na scéalta Fiannaíochta, tá eilimintí osnádúrtha sa scéal 'Táin Bó Cuailgne' nuair a bhí an lámh in uachtar ag Cú Chulainn agus é i gcoinne shaighdiúirí na banríona Médb. Ina theannta sin, gné eile den scéal a chuireann an t-osréalachas chun cinn ná na tairbh fhiáine, fhíochmhara agus an cogadh a bhí eatarthu sa scéal. Ní deacair an ní é féachaint ar na scéalta seo i bhfráma tagartha na fantaisíochta. Is amhail, mar sin, gur féidir leat a rá go nochtáíonn scéalta ar nós na samplaí sin eilimintí den bhfantaisíocht ar nós an casadh ar an ngnáthshaol, ach an ionann é sin is a rá gur fantaisíocht atá iontu? Cé nach nasctar iad le seánra na fantaisíochta go ginearálta, is léir go bhfuil eilimintí atá lasmuigh de nádúr an duine ag rith trí scéalta mar seo.

Is léir go bhfuil tionchar ón bhfantaisíocht Cheilteach le feiceáil san fhanaisíocht nua-aimseartha ó Mheiriceá Thuaidh ó údair ar nós Evangeline Walton (Evangeline Wilna Ensley) (1907-1996) agus a scéal 'The Island of the Mighty' (1936). Ní foláir a áiteamh gur thug scríbhneoirí na fantaisíochta aitheantas don chineál litríocht osréalaíoch a bhí á saothrú sular thosaigh daoine ag caint faoin bhfantaisíocht mar sheánra liteartha. Ba san ochtú haois déag ar aghaidh a fheictear bláthú i gcás úsáid na fantaisíochta go dtí na hiarrachtaí atá i mbéal an phobail san fhichiú haois, cuir i gcás, an cnuasach *The Wheel of Time* (ó 1990 ar aghaidh) le Robert Jordan agus sampla san aonú haois is fiche, 'Eragon' (2001) le Christopher Paolini. I gcás litríocht na Gaeilge, is léir go raibh eilimintí na fantaisíochta sna scéalta traidisiúnta agus

ritheann macallaí na seanscéalta ní hamháin ó litríocht bhéil na Gaeilge, ach téann scríbhneoirí i ngleic le scéalta traidisiúnta ó chultúir dhifriúla timpeall an domhain. Tugann scríbhneoirí eile na Gaeilge sa lá atá inniu ann fuinneamh do charachtair ón miotaseolaíocht, cuir i gcás, Seán Mac Mathúna le ‘Quizmháistrí’ ón gnuasach *Úlla* (2005). Sa scéal seo, úsáideann sé ainmneacha atá tógtha ón miotaseolaíocht ar nós Anthropas agus Parnassus. Aistríonn an Conghaileach féin scéalta traidisiúnta ón gCian-Oirthear ina chnuasach *An Diabhal ar an Ól*

(2013). Ní hamháin go bhfuil an Conghaileach ag tabhairt scéalta traidisiúnta i bhfoirm athchruthaithe go glúin eile, tugann sé freagra cruthaitheach ar an gcineál litríochta atá á scríobh ag scríbhneoirí i dteangacha eile.

Ní furasta seánra ar bith i gcúrsaí litríochta a shainmhíniú agus ní eisceacht ar bith seánra na fantaisíochta. Ag déanamh gliúcaíochta ar an litríocht ón seachtú haois déag ar aghaidh, tá cuma ar an scéal go raibh an réalachas nó an fhantaisíocht chun tosaigh do scríbhneoirí ag tréimhsí éagsúla. Scaití, d’iompai scríbhneoirí i dtreo na fantaisíochta díreach mar theicníc amháin agus ansin mar sheánra ann féin diaidh ar ndiaidh. Is fiú a áiteamh i gcás Uí Chonghaile nach bhfuil seánra ar leith chun tosaigh ina chuid scéalta. Cá seasann gearrscéalta Uí Chonghaile i gceist na seánraí, mar sin? Tar éis na scéalta a léamh dom féin don chéad uair, an ghné is mó a sheas amach dom ná na heilimintí den fhantaisíocht a théann i bhfad ó thaithí an gnáthshaoil laethúil. Ritheann an téarma ‘an fhantaisíocht imeallach’ nó *liminal fantasy* liom a úsáideann Mendlesohn agus James (2012) agus mé ag smaoineamh ar an gcineál fantaisíochta a thagann chun cinn i saothar Uí Chonghaile. An rud atá i gceist ná go mbíonn eilimintí den fhantaisíocht i scéal ach ní mhínítear iad don léitheoir go díreach. Ní gá ach sracfhéachaint a thabhairt ar theidil na ngearrscéalta atá tagtha ó pheann Uí Chonghaile chun seasamh éigin a bheith aige mar scríbhneoir a úsáideann gnéithe a bhaineann le domhan na fantaisíochta, cuir i gcás, ‘Ar Pinsean sa Leithreas’ (*AFP*, 1997) agus ‘An Fear Nach nDéanann Gáire’ (*AFNG*, 2003) agus nochtáítear eilimintí osréalaíochta sa chnuasach nua i scéalta cosúil le

‘Diabhlaíocht Dé’ (DD, 2015). Le linn ghearrscéalta Uí Chonghaile, feictear rudaí atá as alt leis an saol mar a thuigimid é ar nós fear a phléasc ar an mbóthar ach ag an am céanna, tráchtar ar mhionsonraí agus ar eagraíochtaí móra domhanda atá lárnach i saol comhaimseartha an chaipitleachais. Is minic a bhaineann teideal cosúil leis na cinn thuas meangadh gáire as an léitheoir agus go ndeimhníonn siad freisin dúinn go bhfuil droim láimhe á thabhairt don saol réalaíoch mar a thuigimid é chomh maith. An féidir a rá, áfach, gur seánra na fantaisíochta atá Micheál Ó Conghaile ag saothrú? B’fhéidir go mbíonn seánra amháin in intinn scríbhneoirí áirithe ach ní minic a bhíonn sé ag feidhmiú ar chúl a gcinn ag scríbhneoirí eile. I mbun cainte le Micheál Ó Conghaile féin, theastaigh níos mó ná an lipéad ‘fantaisíocht’ uainn chun a chuid scéalta a phlé¹.

Má ghlactar leis gur féidir linn saothar Mhichíl Uí Chonghaile a nascadh le heilimintí na fantaisíochta, tá deacrachtaí ar leith le bheith ag foilsíú i seánra teibí mar é. Ní foláir a lua go raibh agus go mbíonn tionchar ag cúrsaí foilsitheoireachta ar na lipéid a chuirtear ar leabhair agus ar an rangú a dhéantar orthu. D’fhéadfá a áiteamh, go mbíonn coimhlint ann don scríbhneoir de dheasca thionchar na meán cumarsáide ar a gcuid scríbhneoireachta go háirithe i gcás litríocht na Gaeilge agus an lucht léitheoireachta níos lú a léann í. Is minic a bhíonn brú ar scríbhneoirí áirithe saothar a chur i gcló. Deir Micheál Ó Conghaile, go bhfuil an ghráin aige ‘ar an deifir seo’ (Ó Conghaile, 2001:286). Is cosúil go mbíonn brú tráchtála agus brú na margaíochta ar chúl a gcinn ag scríbhneoirí amanta le linn phróisis na cumadóireachta. Mar sin, tá difríocht shuntasach anseo idir mianta an scríbhneora chruthaithe agus aidhm na margaíochta praiticiúla le sárú ag an scríbhneoir. É sin ráite, an ní is tábhachtaí don scríbhneoir ná go bhfuil siad in ann a leagan féin den scéal a chumadh i slí atá dílis dá mianta féin. Ní fhéadfá a bheith dílis don phróiseas cruthaitheach dá mbeadh an scríbhneoir buartha faoi céard

¹ Roghnaigh mé an teideal fantaisíocht mar théarma cuimsithe nó scáth-théarma a chlúdaíonn gnéithe éagsúla na fantaisíochta ar nós áibhéil srl. atá le fáil sna cnuasaí gearrscéalta atá á bplé agam.

atá ag teastáil ó fhoilsitheoirí an t-am ar fad ach oiread. Amanta mar sin, seasann scríbhneoirí na fantaisíochta siar ón saol atá timpeall orthu nuair a bhíonn siad i mbun scríbhneoireachta. Is minic a éiríonn leis an scríbhneoir a thréigean an réalachas teachtaireacht níos doimhne a chruthú don léitheoir i suíomh osréalaíoch, neamhchleachtaithe chun ceisteanna a spreagadh ionainn faoin saol a cheapaimid a bhfuil cleachtadh againn air. Ní hionann an taithí atá againn ar an ngnáthshaol laethúil agus tuiscint ar chúrsaí an tsaoil, áfach. Is minic a thagann an ghné seo chun cinn don léitheoir trí thimpiste beagnach mar chuid den rannpháirtíocht agus é/í i mbun léitheoireachta.

Má ghlactar leis go bhfuiltear in ann ceisteanna a spreagadh ionainn faoin saol a cheapaimid a bhfuil cleachtadh againn air, caithfidh go mbeadh trasnaíl éigin ag tarlú idir an réalachas agus an fhantaisíocht. Chomh luath is a dhéanann tú iarracht sainiú a dhéanamh ar an bhfantaisíocht, is ionann é agus a bheith ag díriú ar sheánra amháin. Is féidir a rá go dtagann an réalachas agus an fhantaisíocht as an áit chéanna – smaointe agus samhlaíocht an duine dhaonna. Is éard atá á áiteamh agam anseo ná go gcruthaíonn an scríbhneoir spás fantaisíoch chun ciall a bhaint as an réalachas ina dtimpeall. Is leis an seasamh siar seo a fhaighimid tuiscint níos fearr ar an saol inár dtimpeall. Níl aon teorainn docht daingean idir an réalachas agus an fhantaisíocht mar sin. Ar leibhéal níos praiticiúla na foilsitheoireachta, bíonn deacrachtaí idirdhealú a dhéanamh idir ficsean réalaíoch agus an fhantaisíocht leis na fosheánraí ar fad atá tagtha chun cinn ó dheireadh an naoú haois déag – an ficsean eolaíochta agus scéalta bleachttaireachta, cuir i gcás.²

² Míniú amháin a thugann Shaw (1972) ar an téarma ‘ficsean eolaíochta’ ná ‘narrative which draws imaginatively on scientific knowledge, theory, and speculation in its plot, theme, and setting. Science fiction is a form of fantasy in which hypotheses form the basis, by logical extrapolation, of space travel, adventures on other planets etc. The form has been in existence since at least the second century: Lucian, a Greek writer, created a hero who travelled to the moon. Jules Verne (Twenty Thousand Leagues under the sea) wrote science fiction more than a century ago’. (Shaw, 1972:335)

Is muid ag déanamh trácht ar an bhficsean eolaíochta agus scéalta bleachtairreachta, tagann scríbhneoir amháin chun tosaigh i gcás litríocht na Gaeilge. Aithnítear Cathal Ó Sándair (1922-1996) mar scríbhneoir a chuir leabhair do dhaoine óga ar fáil, cuir i gcás, ‘An Captaen Spéirling agus An Phlainéad do Phléasc’ (1959). Nuair a thosaigh sé ag scríobh go lánaimseartha, chum sé carachtair cosúil le ‘Reics Carló’ agus ‘An Captaen Spéirling’ chomh maith le ‘An Captaen Toirneach’ agus ‘Réamonn Óg’. Ag caint faoina shraith eile *Reics Carló*, d’éirigh go maith leis an gcéad daichead leabhar ó pheann Uí Shandair (MacAonghusa, 1996). Bhain Ó Sándair úsáid as na meáin chlóite nuair a chuir sé leathanach ar fáil sa nuachtán INNIU (1943-1984) go seachtainiúil. Scéalta faoin spás agus scéalta bleachtairreachta, mistéireacha a bhí iontu a thug taithí nua do pháistí tríd an litríocht a bhí á scríobh aige. Mar thoradh air sin, rinne sé forbairt ar fhoclóir na Gaeilge leis na téarmaí nua a chuir sé ar chúrsaí taistil agus an spás as Gaeilge, cuir i gcás, ‘póirse friotspáis’, ‘spás-ardán’ agus ‘spás-long’. Ar an ábhar sin, tá sé luaite ag Mac Aonghusa nach bhfuair Ó Sándair an t-aitheantas a bhí tuillte aige ach is léir fós gur saothair luachmhara a bhí iontu a rinne iarracht taithí lasmuigh den Ghaeilge a chur ar fáil do phobal na Gaeilge. Sampla amháin is ea saothar Uí Sandair mar sin den éagsúlacht atá ar fáil laistigh de shaothar údair amháin. Ó thaobh úsáid na fantaisíochta de mar sheánra, bhí agus tá fós ar sheánra na fantaisíochta an míniú a thugtar ar an téarma ‘fantaisíocht’ a leathnú. Bealach amháin chun déileáil leis sin dá bhrí sin, ná fosheánraí éagsúla, cuir i gcás, an fantaisíocht uirbeach a phléann James agus Mendlesohn ina saothar criticiúil. Is deacair an ní é do léirmheastóirí rianú ceart a dhéanamh ar an bhfantaisíocht leis na fosheánraí ar fad a tháinig chun cinn agus atá ag teacht chun cinn fós.

Úsáideann Rabkin an frása ‘continuum of the fantastic’ (Rabkin, 1976), ach ní furasta rianú cróineolaíoch a dhéanamh ar fhorbairt téamaí na fantaisíochta sa litríocht. Léirítear i saothar Rabkin, ámh, iarracht léargas éigin a thabhairt ar an bhforbairt a tháinig ar an bhfantaisíocht mar sheánra i gcomparáid leis an bhficsean réalaióch. Ar thaobh amháin, bhí spás don fhicsean

eolaíochta cosúil le ‘I Robot’ le Isaac Asimov (1950) agus ar an taobh eile faightear saothair cosúil le ‘A Voyage to Arcturus’ (1920) le David Lindsay. Má deir tú go gcaithfear casadh bunrialacha an ghnáthshaoil a léiriú sa scéal chun an lipéad ‘fantaisíocht’ a bhronnadh air, is féidir seánraí eile a chur san áireamh chomh maith leis an bhficean eolaíochta. Ritheann trí shaothar Ghaeilge ó lár na haoise seo caite liom: ‘Manannán’ (1940) le Máiréad Ní Ghráda, ‘Algoland’ (1947) le Seán Mac Maoláin agus níos déanaí ‘Cré na Cille’ (1949) le Máirtín Ó Cadhain inár cuireadh na mairbh ag caint. Is léir go raibh gnéithe den fhantaisíocht á n-úsáid mar theicnící ag scríbhneoirí le fada an lá mar sin, ach ní gá go mbaineann na saothair sin le seánra na fantaisíochta *per se*. De thoradh sin, d’fhéadfadh an iarracht rianú a dhéanamh ar an bhfantaisíocht bac a chur idir an saothar cruthaitheach, an léitheoir agus an scríbhneoir.

Ní mór, áfach, sracfhéachaint a thabhairt ar stair na litríochta Gaeilge chun iarracht éigin a dhéanamh rianú a dhéanamh ar fhorbairt na fantaisíochta sa litríocht sin. Le linn aimsir na hAthbheochana, d’fhéadfá a rá go raibh gnéithe na fantaisíochta á bplé go hindíreach sa díospóireacht a d’fhorbair eatarthu siúd a bhí ag iarraidh glacadh leis an Litríocht Chlasaiceach agus daoine a bhí ag iarraidh fanacht dílis do *chaint na ndaoine* i ré na nualitríochta. Sheas Risteárd de Hindeberg amach mar dhuine a cháin *caint na ndaoine* i gcás phrós na Gaeilge. An míniú a bhí taobh thiar den fhrása sin ná an cineál litríochta a thóg fráma as ‘foinsí dúchais litríochta’ (Nic Eoin, 2005: 51). Ag an am, bhí caomhnú na teanga ina chnámh spairne ag scríbhneoirí. Is féidir a rá nach raibh éagsúlacht ó thaobh ábhair de ar fáil do léitheoirí na teanga seachas cúpla eisceacht a bheidh á lua ar ball. Glacadh le *caint na ndaoine* de réir a chéile seachas leis an nGaeilge Chlasaiceach mar mheán liteartha. Is léir go raibh tionchar ag cúrsaí polaitíochta ar an bhfís a bhí acu don litríocht nó an t-idéalúchachas ó thaobh stíl agus caighdeán na teanga ag cur isteach ar fhorbairt na litríochta le linn na tréimhse sin, agus go raibh téamaí eile cosúil le gnéithe den fhantaisíocht á bhfágáil ar lár i smaointeoireacht na tréimhse sin. Ní de thimpiste a lean cuid mhaith de scríbhneoirí na hAthbheochana le téamaí ó

shaol réalaíoch na Gaeltachta agus na Gaeilge a raibh eolas acu air, mar shampla, bochtanas, an imirce srl. Ba léir tionchar an choilíneachas ar ábhar na scríbhneoireachta chomh maith:

‘few writers could resist the temptation to offer their fictional perspective on the recent struggle against the English.’ (O’Leary, 2005:250). Le linn an ochtú haois déag (sa Ríocht Aontaithe go háirithe) bhí an réalachas chun tosaigh maidir le litríocht do dhaoine fásta faoi réir thionchar mheon praiticiúil na tionsclaíochta. Bhí an tuairim ann nach raibh áit do chumhacht an iontais a bhí ann dá sinsir ‘simplí’ mar a dúirt criticeoirí sna hocht déag ochtóidí. D’éirigh siad níos sceipticiúla le linn ré na heolaíochta (Cornwell,1990). Is fíor a rá gur fhorbair meon níos praiticiúla leis an tionsclaíocht, go háirithe le linn Réabhlóid Thionsclaíoch na Breataine (ón seachtú haois déag go dtí an naoú haois déag). Ag an am céanna i gcás Litíocht na Gaeilge, feictear dearcadh polaitiúil le linn ré na hAthbheochana. Trí úsáid a bhaint as an réalachas mar chúlbhrat, cuireadh scéalta os comhair an phobail a mheall fúscailt na mothúchán polaitiúil iontu ar nós ‘Aodh Ó Néill’ (1902) le Pádraig Ó Séaghdha (1855-1928) faoina ainm cleite ‘Conán Maol’. Ní bhfuair an fhantaisíocht staid chun tosaigh sa litríocht a bhí á cumadh ag an am sin mar sin.

Ní ar na scríbhneoirí a bhí an locht ar fad faoi raon teoranta téamaí a bhí á bplé acu ina gcuid saothar. Caithfear a thabhairt faoi deara go raibh tionchar ag cúrsaí polaitíochta ar an bhfís a bhí acu maidir leis an litríocht. Is mar seo a chuireann O’Leary é: ‘this antiquarian approach may have been unintentionally fostered by the Gaelic League’s...An tOireachtas’ (O’Leary, 2006:229). Ag féachaint ar an aiste cháiliúil ‘An tÚrscéal nár Tháinig’ le Cathal Ó Háinle (1975), tugtar léirgeas nua dúinn ó thaobh phrós na Gaeilge. Is soileir ón teideal nach raibh seans ceart ag an úrscéal. Cúrsaí polaitíochta a bhí á léiriú tríd an litríocht agus ba mhínic a bhí scríbhneoirí an ama ag scríobh ar chúiseanna polaitíochta seachas cruthaitheacha. Nach bhféadfaí a rá, mar sin, go raibh na prionsabail fhealsúnachta a bhí ag Conradh na Gaeilge

díobhálach i gcás fhorbairt na litríochta ag an am? De dheasca meon polaitíochta an ama in Éirinn, cuireadh bac ar éabhlóid na litríochta ag tús na hAthbheochana agus ar fhorbairt na teicneolaíochta a bhain léi cosúil le hacmhainní clóite (O’Leary, 2006). Éiríonn le scríbhneoirí deileáil le téamaí conspóideacha na haimsire seo nuair nach mbíonn tionchar coimeádach dírithe ar chaighdeán na litríochta. Ba dheacair do scríbhneoirí ag tús na haoise seo caite déileáil le téamaí conspóideacha inar admháodh go mbíonn mianta coirpeacha nó laigí áirithe ag an duine ar nós féinmharú, striapachas nó alcólachas.

Cé go raibh go leor de na scríbhneoirí tógtha le ról na hAthbheochana i slánú na Gaeilge, tá neart fianaise ann a thugann le fios go raibh eisceachtaí ina measc. Bhí daoine ann a bhí díograiseach déileáil le téamaí comhaimseartha, uilíocha nár bhain le saol traidisiúnta na Gaeilge. Sampla de scríbhneoir a sheas amach ná León Ó Broin a d’úsáid téamaí cosúil le féinmharú (‘Ag Stracadh leis an Saol’, 1929) - rud a bhí réabhlóideach do chriticeoirí an ama. D’úsáid sé Gaeilge go héifeachtach i ndomhan nár úsáideadh Gaeilge ann mar a deir Philip O’Leary (2006). Leis an stíl neamhchleachtaithe a d’úsáid Ó Broin, dar le O’ Leary go raibh sé in ann An Saorstát a cháineadh ina chuid scéalta, cuir i gcás, in ‘Troid na gComharsan’. Mar sin, is fíor a rá go raibh Ó Broin compordach ag magadh faoi ghnéithe coimeádacha na linne sin (O’Leary, 2010) . Duine eile a sheas amach ná Pádraic Ó Conaire a cheistigh an t-idéalú a rinneadh faoin nGaeilge agus an Ghaeltacht i litríocht na Gaeilge go dtí sin: ‘he did... indirectly make possible the publication of the first collection of Gaelic stories that treated urban life with an unselfconscious and natural honesty’ (O’Leary, 2005:246). Diaidh ar ndiaidh, bhí litríocht na Gaeilge ‘ag bogadh amach ón gcarn aoiligh’, mar a chuir an Píarsach é, agus ag déileáil le téamaí agus ceisteanna a bhain leis an *condition humaine*. I gcás Uí Chonaire, is féidir *tonnbhriseadh an tseanghnáimh* a úsáid faoi iarrachtaí ó pheann an údair seo. Cé gur scríobh sé faoi na téamaí a bhí in úsáid le linn na hAthbheochana – ‘Seacht mBuaidh an Eirghe Amach’ (1917), le scéalta cosúil le ‘Nóra Mhaircuis Bhig’ sa chnuasach *Deoraidheacht* (1910),

braithimid an coimhthíos a leanann ar aghaidh mar théama i litríocht Uí Chonaire. Blas réalaíoch atá ag an scéal ‘Nóra Mhaircuis Bhig’ ach nochtaítear doimhneacht na mothúchán a mhaireann in intinn an duine go macánta. Ina intinn siúd, bhí sé tábhachtach a bheith comhaimseartha chun Gaeilge a thabhairt ó ghlúin an bhéaloidís go dtí glúin eile.³

Ábhar suime eile a bhaineann le saothar Uí Chonaire nach dtugtar aitheantas chomh minic sin dó ná na gnéithe den fhantaisíocht atá sa scéal ‘Teatrarc na Gaililí’ ón gcnuasach *An Chéad Chloch* (1914). Sa ghearrscéal seo, tugtar sampla dúinn d’úsáid chomhaimseartha na fantaisíochta le cur síos draíochtúil na mná ina ndúradh gur ‘ón londubh a ghoid sí a guth’ (Ó Conaire, 1914:34). Gné shuimiúil ar tharraing Denvir (1997) aird uirthi ná nach raibh aon slánú ag na carachtair ag deireadh cuid de na scéalta. Chreid Ó Conaire go mór as a bheith in ann ‘croí an duine a chorraíl’ (Denvir, 1978:46). Sa ghearrscéal ‘Teatrarc na Gaililí’, tá iarracht déanta ag an gConaireach an duine daonna a chur chun cinn sa scéal: ‘...in aisling feicim seanfhear lofa brocach ina luí ar chíb sléibhe i bpóirtín agus na céadta míle cruimh ag tochailt ina chuid feola agus ag tolladh a chnámh’(Ó Conaire, 1978:45). Ag an am céanna, feictear atmaisféar osnádúrtha a chruthaíonn Ó Conaire le linn an ghearrscéil.

Sna tríochaidí, bhí tionchar na críche sona le brath ar an litríocht do pháistí ó Mheiriceá ar nós na scéalta fantaisíochta ó Disney, mar shampla. Is spéisiúil an ní é go raibh feidhm eile ag an litríocht do dhaoine fásta a bhain úsáid as eilimintí na fantaisíochta cosúil le saothar Uí Chonaire. Lena chuid scéalta siúd, déantar a mhalairt don lucht léitheoireachta, is é sin le rá, tógtar an chríoch shona sin ón léitheoir. Bhí scríbhneoirí na hEorpa tábhachtach in intinn Uí Chonaire ag iarraidh ‘aigne an Éireannaigh a chur in iúl dó féin agus don saol mór’ (Denvir, 1997:40). Ag an am sin, b’fhéidir go raibh sé ag iarraidh saol lasmuigh den réalachas Gaelach a chur os comhair an phobail m.sh teorainneacha ón eaglais, cúrsaí polaitíochta srl. – léargas

³ Is í an ealaín comhaimseartha a léiríonn an bheatha chomhaimseartha. (de Paor,2005:21) Is as an ealaín mar sin a thuigimid muid féin mar shochaí.

gan idéalú. Ar leibhéal praiticiúil na scríbhneoireachta, tá sé ráite aige ina chuid aistí go raibh sé buartha faoi líon na ndaoine a bhí ag léamh agus ag scríobh. Ar an ábhar sin, shíl sé go raibh lucht léitheoireachta ann agus fiú nuair a bhí sé féin ag scríobh bhí laghdú ann ar an méid scríbhneoirí a bhí ar fáil dóibh. Scríbhneoir eile a raibh tionchar aige ar litríocht na Gaeilge ná Pádraig Mac Piarais (1879-1916). Scríbhneoir triallach ab ea é a leag amach an taobh draíochtúil a bhaineann leis an bpáiste chomh maith le simplíocht an fhir i gcás an chnuasaigh ‘Íosagán’ (1900). Is é toradh an chineáil seo scríbhneoireachta ná go dtaispeánann sé gur féidir linn teorainneacha an ghnáthshaoil laethúil a bhriseadh. Ba iad Ó Conaire agus Mac Piarais a sheas amach ag tús an fhichiú haois maidir leis an nuálaíocht seo agus más tada é, is féidir a rá gur lean an tionchar sin ar aghaidh go dtí glúnta eile i scríbhneoirí ina ndiaidh. Sampla amháin a threisiúnn é seo ná scríbhneoirí ar nós Sheosaimh Mhic Grianna a bhí an-tógtha le saothar Uí Chonaire agus a spreag é féin dul i mbun pinn fiú. Is léir gur thug scríbhneoirí thús na haoise misneach agus deashampla maidir le himeacht ón idéalachas agus ón rómánsúlacht a bhí luaite chomh minic sin le saol na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Is fiú a rá go bhfuil saghas timthriall nó próiseas ciorclach i gceist i gcás litríocht an Bhéarla agus litríocht na Gaeilge araon ó thaobh úsáid na fantaisíochta nó an réalachais de. Ar dtús, bhí gnéithe den fhanaisíocht le fáil sna ságaí Íoslannacha, ‘Beowulf’ agus an Fhiannaíocht i gcás litríocht na Gaeilge. Sna caibidilí eile, pléifimid úsáid an bhéaloidis i scéalta Uí Chonghaile agus ní foláir a lua, mar sin, go raibh (agus go bhfuil fós) nasc leis an mbéaloideas le fáil i roinnt de litríocht na Gaeilge. Is le linn ócáid na scéalaíochta atá cumhacht ag an mbéaloideas samhlaíocht an lucht éisteachta a nochtadh mar ‘i ndorchadas neamh-chomhfhiosach na n-oícheanta geimhriúla, géilleann an pobal do shaol eile na scéalta seo’ (de Paor, 2005:31). Le linn an tseachtú haois déag i gcás litríocht na Gaeilge, mothaítear an teannas a mhair le linn an ama trí fhilíocht an seachtú haois déag i saothar Piarais Mhic Gearailt (1709-1792) ‘Rosc

Catha na Mumhan' agus mianta na bhfilí faoi cheilt de dheasca dhearcadh polaitiúil an ama, cuir i gcás, cur chun cinn an Chaitliceachais. Ag díriú ar thréimhse scríbhneoireachta níos luaithe na filíochta sin, is é sin le rá, filíocht na mbard (1200-1650), is spéisiúil an ní é i gcás na filíochta sin go raibh seasamh tábhachtach ag eilimintí na fantaisíochta do phróiseas cumadóireachta na mbard. Ag déanamh anailíse ar an bpróiseas cumadóireachta, thuigfeá conas gur éirigh leo dánta osréalaíochta a chumadh leo féin: 'Ba iad na filí riamh anall i dtraidisiún na Gaeilge a rinne idirghabháil idir an saol seo agus an saol diamhair eile sin amuigh' (Denvir, 1997:18). Bhí taobh mistéireach greannta ann toisc go raibh ar na baird dul go dtí dorchadas a seomraí chun dán a chumadh do thiarna talún srl. Is san áit seo a bhí spás na cumadóireachta, is é sin le rá, suíomh scartha ón 'ngnáthshaol laethúil'. Is leis an taobh mistéireach a osclaíonn samhlaíocht an fhile agus tig leo imeacht ón saol seo go dtí saol eile chun an fhírinne a fháil. Ba é an seans a bhí acu éalú ón saol atá timpeall orthu go dtí áit dhorcha ina seomraí a thug tuiscint níos fearr dóibh ar a gcuid samhlaíochta féin. Leis sin, bhí na baird in ann domhan nua a chumadh sa dorchadas leis an tsaoirse a bhí acu maidir le hábhar na ndánta agus is léir go raibh mistéir ag baint leis na filí féin dá bharr. De réir tuairiscí éagsúla, fuair na filí a gcumas ó neacha neamhshaolta. Deirtear faoin bhfile Toirdhealbhach Ó Cearbhalláin go bhfuair sé a bhua tar éis a radharc a chailleadh. Bhí ceann eile faoi Antoine Ó Reachtabhra a mhínigh go bhfuair sé a bhua cumadóireachta tar éis dó bualadh le sióg (Ó hÓgáin, 1982). Mar sin, caithfear a áiteamh go bhfuil dlúthbhaint ag an bhfantaisíocht lenár gcumas muid féin a chur in iúl trí mheán cruthaitheach. In áit dhorcha, tháinig claochlú ar na coinníollacha a thug deis d'fhilí féachaint ar chúrsaí an lae agus ní heol dúinn gur ó neacha neamhshaolta a fuair siad a gcumas.

Tréith eile atá lárnach i litríocht na Gaeilge ó aimsir na mBard anuas is ea an aoir. Is teicníc an aoir atá le fáil i ngach seánra de litríocht na Gaeilge idir ghearrscéalta, úrscéalta, fhilíocht agus

drámaí. Is san fhilíocht is mó a fheicimid an aoir agus ag déanamh trácht ar chúrsaí aoire, deir Nuala Ní Dhomhnaill:

Once you get over the Shannon, conversation becomes double-edged, and people make great imaginative leaps in the middle of sentences...It's the constant joking and sly way of talking that we have that's fascinating.

(Ó Caiside,2006)

Is éard atá i gceist leis an aoir ná píosa ioróin ina ndéantar cúis magaidh as duine éigin. An cur síos a dhéanann Ó hÓgáin ar an téarma ná ‘ionsaí pearsanta i bhfocail ar dhuine nó ar dhaoine’ (Ó hÓgáin, 1982: 307). Teicníc liteartha is ea í ar thaobh amháin ach le linn an seachtú haois déag, bhí go leor piseoga ag baint léi agus leis an tslí ar úsáid na filí í. Tréimhse shuntasach i gcás seasamh na bhfilí ab ea í a thóg a gcuid inspioráide as bua na samhlaíochta agus na gcumhachtaí neamhshaolta a bhí acu. Tá iniúchadh cuimsitheach déanta ag Ó hÓgáin (1982) ar an tslí ar chreid pobal na hÉireann go raibh smacht acu ar na daoine daonna ina dtimpeall de bharr na gcumhachtaí osnádúrtha a bhí acu. Nuair a tharla drochrud do dhuine tar éis file a mhaslú, chreid an pobal le linn an seachtú haois déag gur ar na filí a bhí an locht. Is as cúis feirge is mó a chasadh na filí ar an aoir (Ó hÓgáin, 1982:307). Chreid an pobal go raibh droch-ádh i ndán don té a léirigh dímheas ar na filí mar go rabhadar chun díoltas a bhaint amach. Tá tuairiscí ag Ó hÓgáin ó fhilí éagsúla – Eoghan Rua Ó Súilleabháin, cuir i gcás, ag gealladh go dtarlódh go leor drocheachtraí do bhean amháin. Tá tréithe de na mallachtaí is mó a fheictear ó fhilí curtha le chéile ag Ó hÓgáin:

I measc na nithe is minice a ghuítear do dhaoine tá aicídí agus galair, crochadh agus anbhás, íde tharcaisneach don chorp tar éis bháis, bás gan ola agus ifreann mar chríoch.

(Ó hÓgáin, 1982:315)

Ag caitheamh súil ar na tuairiscí atá ag Ó hÓgáin, ní hionadh go luann sé gur fhorbair an ‘aoir liteartha’ as ‘dúil an scriosta’ agus go dtagann ‘gnéithe draíochta den aoradh’ chun cinn sa

saothar (1982:307). I gcuid de ghearrscéalta Uí Chonghaile, is iondúil go bhfeictear coimhlint dhíreach idir beirt a bhaineann leas as an stíl shearbhasach seo chun mianta an duine dhaonna a léiriú. Sa ghearrscéal ‘Bualadh an Bháis’ le Micheál Ó Conghaile féin, d’fhéadfá a rá go mbaineann cuid de na maslaí a bhí ag lucht na sochraide le traidisiún na haoire.

Ní hamháin gur san aoir a fheicimid macallaí osnádúrtha na bhfilí san fhilíocht chomhaimseartha, áfach. Seasann tábhacht na mban sí mar mheafar fós i bhfilíocht na Gaeilge. Ag tagairt siar den mhíord a bhí a baint leo go traidisiúnta, úsáideann Nuala Ní Dhomhnaill pearsana difriúla. Ceann a thagann chun cinn mar íomhá d’fhilíocht Ní Dhomhnaill ná an phearsa ‘Bean an Leasa’. Deir Ní Dhomhnaill féin go mbíonn sí ag caint leis an léitheoir fantaisíochta go minic agus baineann sin leis na scéalta béaloidis a chuala sí le linn a hóige. Trí úsáid a bhaint as an osréalachas, cruthaíonn sí saghas ciapaire i bhfoirm ‘Bhean an Leasa’. Úsáidtear gnéithe den bhéaloideas ina cuid dánta cosúil le ‘An Bhatráil’ freisin, rud a threisiúnn an t-atmaisféar osnádúrtha atá le sonrú ann, cuir i gcás, móitíf uimhir a trí: ‘trí bhanaltra a bhí aige ann’ (Ní Dhomhnaill, 1991:14) agus an ‘fear caol dubh’ a bhí ann díreach cosúil leis an mBás in ‘Cearbhach Mac Cába’. Is léir, mar sin, go dtéann filí ar nós Ní Dhomhnaill go dtí domhan na fantaisíochta chun teacht ar ábhair dánta. Leis an osnádúr atá ann, tig léi topaicí conspóideacha cosúil le cúrsaí gnéis a phlé go hindíreach. Trí phróiseas cruthaitheach mar seo, faigheann scríbhneoirí ar nós Ní Dhomhnaill agus an Conghaileach féin spreagadh i ndomhan fantaisíochta chun mianta an scríbhneora a scaoileadh. Ceann de na ceistanna conspóideacha a phléitear go minic i litríocht na hÉireann trí chéile is ea An Eaglais Chaitliceach. Ní eisceacht Ó Conghaile ach an oiread sa chás seo agus tá staid lárnach ag an téarma seo ina shaothair is nuafhoilsithe *Diabhláocht Dé* – sa ghearrscéal dár teideal ‘An Soiscéal de réir Naomh Iúdas’, cuir i gcás. Sa ghearrscéal ó chnuasach níos sine leis, ‘Ar Pinsean sa Leithreas’ (*AFP*), mar shampla, d’fhéadfá a áiteamh go n-úsáidtear eilimintí osréalaíochta chun an eaglais a cháineadh nuair a dhéanann an príomhcharachtar cinneadh bogadh isteach sa leithreas. Is é buaicphointe

an scéil ná an agóid atá idir an fear agus a bhean leis an sagart. I gcás ‘Leabhar na bPeacaí’, tugtar léargas dúinn ar shruth smaointeoireachta an phríomhcharachtair nach réitíonn ar chor ar bith leis an réalachas oifigiúil atá leagtha síos agus buanaithe ag an Eaglais.

Tar éis scracfhéachaint a thabhairt ar fhorbairt na litríochta do dhaoine fásta ní foláir a lua go raibh stádas níos údarásaí ag scéalta fantaisíochta do pháistí go stairiúil. Nuair a smaoinítear ar an bhfantaisíocht ar chor ar bith, is minic gur scéalta fantaisíochta do pháistí a thagann chun cinn. Tá an seans ann nach raibh daoine chomh criticiúil ar litríocht do pháistí. Bhí meas ag an lucht léitheoireachta sa Ríocht Aontaithe agus níos faide ó bhaile ar an bhfantaisíocht i scéalta do pháistí. Ní fheicimid an leibhéal céanna measa ar an litríocht do dhaoine fásta go dtí deireadh an naoú céad déag. Is féidir a rá go raibh an fphantaisíocht nua-aimseartha ag brath ar na hathruithe a tháinig le hAois na hEagna intleachtúla a d’fhás san Eoraip (James agus Mendlesohn, 2012). I scéalta fantaisíochta do pháistí, déantar cur síos ar chruachás an tsaoil do charachtair na scéalta go fochomhfhiosach agus nach den domhan seo go hiomlán mórcharachtair na litríochta sin, mar shampla, ‘The Little Mermaid’ (1837) le Hans Christian Andersen (1805-1875) nó ‘Pinochio’ (1883) le Carlo Collodi (1826-1890). Bhí difríocht shuntasach idir an tóir a bhí ar an bhfantaisíocht do dhaoine fásta agus do pháistí sa naoú céad déag. Is léir gur sa tréimhse seo a bhí bláth ag teacht ar an bhfantaisíocht do pháistí: ‘[The] Victorian era was something of a golden age of children’s fantasy, while remaining all but intolerant of fantasy for adult (James agus Mendlesohn, 2013:14). Is as an ré Victeoiriach a fhaighimid an-chuid scéalta do pháistí ina bhfuil leagan fós ar fáil sa litríocht inniu.

Le linn an ré Victeoiriaigh, bhí daoine cosúil leis na nDeartháireacha Grimm go mór chun cinn maidir le forbairt na litríochta fantaisíochta chomh maith le Hans Christian Andersen. Bhíodar in ann scéalta ón traidisiún béil a chur in oiriúint don chló. Chuir na scríbhneoirí sin snas ar na síscéalta a bhí in úsáid acu le móitífeanna agus rialacha (James agus Mendlesohn, 2012).

B’fhéidir gur aithin lucht léitheoireachta na Gaeilge é sin ar shlí má fhéachann tú ar an úsáid a

bhaintear as an traidisiún nuair a rinne *Irisleabhar na Gaedhilge* aistriúchán ar cheann de scéalta Grimm. Dar le lucht na hirise, bheadh sé mícheart gné a bhí chomh lárnach sa litríocht agus a bhí fós i measc na ndaoine a shéanadh orthu – bhí an oiread sin tábhachta leis an mbéaloideas agus leis an osréalachas. Léiríonn sé go raibh meas ag lucht léitheoireachta na Gaeilge ar scéalta fantasisíochta. Ag plé fhorbairt na fantaisíochta do pháistí go ginearálta, dar le Farah Mendlesohn agus Edward James (2012), i gcás Hans Christian Andersen, go n-osclaítear súile an léitheora do thaobh níos dorcha den saol. Is annamh a bhíonn clabhsúr ag an léitheoir ná ag na carachtair ag druidim chun deiridh, dar leo. Is é an taobh dorcha den saol a nochtaíonn Micheál Ó Conghaile chomh maith le heilimintí na fantaisíochta. Seachmall de shaghas a bhí á chumadh ag scríbhneoirí do pháistí le linn an ré Vichteoiriaigh má smaoiníonn tú ar an gcodarsnacht a bhíonn idir an cúlra taitneamhach ag dromchla an scéil agus an teachtaireacht níos dorcha a bhíonn i bhfolach ann. Mar léitheoir óg, an féidir leat dul i ngleic le scéal mar seo nach dtuigeann tú ar leibhéal níos teibí? Ar thaobh eile, b'fhéidir go n-athraíonn brí an scéil don léitheoir ag amanta éagsúla le linn a shaoil. Sa tslí sin, b'fhéidir go seasann carachtair éagsúla do dhaoine éagsúla i scéal don léitheoir óg. Ar bhealach eile, d'fhéadfá a rá gur féidir leis an léitheoir léamh eile a dhéanamh ar charachtair éagsúla. B'fhéidir gurb é sin an fáth go bhfuil scéalta do pháistí a foilsíodh le linn an ré Vichteoiriaigh fós in ann ceisteanna a spreagadh ionainn.

Is díol suime nach raibh scríbhneoirí do pháistí coimeádach ó thaobh téamaí de. I litríocht do pháistí le linn an ochtú haois déag, bhí mothúcháin, cuir i gcás, éad, grá, díomá le sárú ag na carachtair. Sa scéal 'The Little Mermaid' (1837) le Hans Christian Andersen, faightear grá éagmaiseach na murúcha don phrionsa, bás na murúcha de dheasca a cinneadh leis an gcailleach, chomh maith le teachtaireacht do pháistí ag an deireadh. Ar an gcéad dul síos, tá dóchas ann don mhurúch ach bhí uirthi a daonnacht a chailleadh chun sásamh a fháil arís. Glactar le forlámhas na mothúchán daonna ag an deireadh chun an t-anam síoraí a shásamh ach

theip uirthi a hanam a shásamh nuair a bhraith sí grá an phrionsa uaithi nuair nach raibh an sé tógtha léi. Ag caitheamh súil ar scéalta traidisiúnta na Gaeilge atá fós á léamh ar nós na bhfinscéalta, tig leat comparáid a dhéanamh idir an taobh dorcha atá ar fáil iontu agus scéalta le linn an ré Victeoiriaigh ar nós scéalta Andersen. I scéalta cáiliúla ar nós ‘Clann Lir’ nó ‘Deirdre na nDólás’ mar a aithnítear inniu iad, scéalta dorcha éadóchasacha is ea iad. Ar an gcuma chéanna, tugann an blas osréalaíoch a bhíonn ag na scéalta, cuir i gcás, na meafair a fheictear in ‘Clann Lir’ seans don léitheoir óg déileáil leis an éadóchas a bhíonn iontu. Is léir gur bhronn tionchar na fantaisíochta saoirse áirithe ar scríbhneoirí a lig dóibh déileáil le téamaí dorcha cosúil le bás, daoirse agus míshuaimhneas. Tugadh páirt lárnach do theachtairacht níos dorcha cosúil leis seo i scéalta do pháistí.

I gcás litríocht na Gaeilge sna tríochaidí, bailíodh scéalta traidisiúnta béil nach raibh rófhada ó iarrachtaí na nDeartháireacha Grimm níos luaithe. Cuireadh críoch le Bailiúchán na Scol ó Bhailiúchán Chumann Béaloideas Éireann (1937-1938), an chéad uair a cuireadh scéalta ó phobail éagsúla timpeall na tíre le chéile ar phár. I measc na scéalta a scríobhadh síos bhí scéalta draíochta do pháistí – ‘An tSlat Draíochta’, ‘An Fathach agus an Bhean Draíochta’, ‘Mac na Baintrí ó Éirinn’ agus ceann idirnáisiúnta, ‘An Rí agus a Dháiréag Iníon’ mar shamplaí. Is spéisiúil an rud é go raibh cumhacht na scéalaíochta fós beo in Éirinn nuair a bhí ‘The Wonderful Wizard of Oz’ (1939) le Disney ag díriú ar pháistí óga le teicneolaíocht nua aimseartha. Cé gur meáin éagsúla an scáileán agus an scéalaíocht bhéil, bhíodar ag díriú ar shamhlaíocht na bpáistí a spreagann sonas iontu. Ar an taobh eile den scéal, níos déanaí nuair a tháinig ré na teicneolaíochta leis na scannáin chun cinn níos mó, úsáideadh an fhandaisíocht chun críoch shona a gheallúint don lucht féachana. Ar bhealach, b’fhéidir gurb í an chríoch shona seo a mheall daoine chuig an bhfantaisíocht agus a thug cáil do scéalta fantaisíochta mar bhriseadh as an ngnách a thugann faoiseamh dóibh.

Le saothar na fantaisíochta do dhaoine fásta, ámh, feictear bláthú ó thaobh úsáid na fantaisíochta de chun ceisteanna a nochtadh don léitheoir seachas a bheith ag brath ar an gcríoch shona mar a tháinig chun cinn sna tríochaidí i litríocht do pháistí. Is minic a fheictear saothar nuálach, draíochtúil nuair a athraíonn an rud a bhfuilimid ag súil leis i scéal éigin mar a tharla i gcás ‘Cré na Cille’ nuair a chuir Máirtín Ó Cadhain na mairbh ag caint le chéile i reilig. Cé gur foilsíodh é le linn an Dara Cogadh Domhanda, feictear saghas briseadh as an ngnáth a úsáideann rian den osnádúr chun ceisteanna a chur faoi dhearcadh an ama, cuir i gcás, cumhacht na heaglaise agus leochaileacht agus laigeachtaí an duine. Deir Denvir go bhféadfaí a rá ‘gur micreacasma den taobh míthaitneamhach de shaol tuaithe na hÉireann’ atá le feiceáil in ‘Cré na Cille’. (Denvir, 1997: 86). Idir na headarlúidí, is dóigh liom go bhfuil léiriú ar an saol lasmuigh de cheartlár na Gaeltachta. Salaíonn an leabhar muintir na Gaeltachta cúngaigeanta ar leibhéal eile. Laistigh den scéal, déanann Ó Cadhain iarracht an ghné ó cheartlár na Gaeltachta a nascadh leis an domhan⁴ lasmuigh d’Éirinn in áit osréalaíoch faoi chré, nó mar a deir Stoc na Cille, ‘níl am ná beatha sa gCill’ (Ó Cadhain, 1949:71). Is léir gur thuig Ó Cadhain an géarghá a bhí le samhlaíocht leathan, oscailte agus is léir é sin ón méid a dúirt sé ina léacht cháiliúil, ‘Tuige nach bhfuil litríocht na Gaeilge ag fás?’ (Feasta, 1949)⁵. Saothraíonn Ó Conghaile an teannas a chruthaigh Ó Cadhain roimhe ina chuid gearrscéalta féin leis an míshuaimhneas a chruthaíonn sé in áit nua na fantaisíochta chomh maith. Sampla maith den mhéid sin ná an gearrscéal ‘An Chéad Duine Eile’ a thugann le fios go bhfuil suíomh an scéil lonnaithe sa bhroinn. Ag féachaint ar na samplaí mar sin, tá níos mó ná scéal le críoch shona

4 Anseo ciallaíonn ‘domhan’ suíomh eile na gcarachtar i scéal éigin. Cuimsíonn sé sin an dearcadh a bhíonn ag na carachtair, an stair a bhaineann leo agus an léargas a bhíonn acu ar an saol, cuir i gcás, céard a cheapann na carachtair faoi ghnáthcheisteanna an tsaoil.

5 An rud a dúirt an Cadhnach faoi scríbhneoireacht na Gaeilge ná gur ‘mhian le cuid agaibh scríobhneoireacht a oscailt díobh féin. Dá mhéad acu sea is fearr: fealsúnacht, eolaíocht, dánra- an saol ar fad atá ceilte ar an nGaeilge le ceithre chéad bliain. Ná cuireadh téarmaíocht aon scáth oraibh’. (Feasta, 1949). Anseo, is léir go raibh Ó Cadhain ag iarraidh a áiteamh gur féidir le scríbhneoirí na Gaeilge tarraingt as go leor foinsí insporáide dá gcuid saothar.

ar fáil i scéalta ina n-úsáidtear gnéithe den fhantaisíocht mar a dhéantar i saothar Uí Chonghaile. Is féidir a rá gur dúshlán taitneamhach do scríbhneoirí é úsáid éigin eile a bhaint as domhan an osnádúir seachas díreach chun críoch shona a thabhairt dá scéalta. Is é sin le rá, tá feidhmeanna eile le comhlíonadh ag úsáid na fantaisíochta. Is deacair an rud é spás a chur ar fáil chun rud nua a dhéanamh ar bhealach mar go dtaitníonn scéalta áirithe le lucht léitheoireachta mar atá amhlaidh le lucht féachana scannán freisin.

Leis an deifir a bhíonn ar scríbhneoirí saothair a fhoilsiú chun a bheith in iomaíocht le scríbhneoirí eile, d'fhéadfá a áiteamh gur seasamh in aghaidh an bhrú seo atá sa chineál scríbhneoireacht a théann i dtreo na fantaisíochta. Níor mhiste a thabhairt faoi deara go dtugann an seasamh seo saghas faoisimh don léitheoir chomh maith. Deir Tuan go mbíonn cúpla rud ar intinn an léitheora i gcás an fhaoisimh seo a bhíonn i litríocht na fantaisíochta. Ar an gcéad dul síos, b'fhéidir go mbíonn dúil againn mar léitheoirí éalú a fháil mar go mbíonn deis againn teacht ar níos mó eolais fúinn féin má ghlacaimid leis nach bhfuil deighilt cheart idir an réalachas atá os ár gcomhair agus an fhantaisíocht. An ionann é sin agus a rá go bhfuil fírinne áirithe ag baint leis na heachtraí a thiteann amach i ndomhan na fantaisíochta? An rud atá á rá ag Tuan ná gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar fhadhbanna an tsaol nó tuiscint níos fearr ar an duine daonna tar éis imeacht ón ngnáthshaol. Tá dlúthbhaint ag an bhfantaisíocht agus an t-éalúchas le chéile. Ní hionadh, mar sin, gur minic a fheictear an t-éalú seo i scéalta fantaisíochta. Éiríonn leis an gConghaileach cúlra iomlán difriúil a chruthú ón ngnáthshaol, sé sin le rá, tá carachtair ann a thagann as stair dhifriúil linne. Ciallaíonn an téarma 'stair' anseo cúlra na gearachtar féin. Mar léitheoirí, ghlacaimid leis gur fhás na carachtair suas i ndomhan difriúil ón saol atá timpeall orainn. Ceann de na samplaí is cáiliúla atá ann chun an stair seo a mhíniú ná stair na gearachtar sa tsraith 'The Lord of the Rings'. Glacaimid leis gur fhás Bilbo

Baggins as saol iomlán eile nach féidir linn breith air le sochaí dhifriúil, is é sin le rá, níl cur amach ag na carachtair ar mhóreachtraí an domhain mar atá doiciméadaithe ag staraithe an

tsaoil seo – níl an mapa atá againn don domhan ina bhfuilimid féin agus ‘Middle-Earth’ mar an gcéanna fiú. An t-aon nasc atá againn leo ná gur daoine daonna atá ionainn. Is cosúil gur éirigh leis briseadh a chruthú idir ár dtaithí féin agus cúlra na gcarachtar. Bíonn éalú ag baint le seánra na fantaisíochta chun ceisteanna tromchúiseacha a phlé i gcomhthéacs eile. I scéalta Uí Chonghaile, tig leis an léitheoir domhan nua a thriail nach bhfuil i bhfad ó na rudaí a tharlaíonn dóibh sa saol réalaíoch chun ráiteas nó ‘léiriú suntasach ar an mórlaige dhaonna’ (Breathnach, 2012:21) a dhéanamh mar a deir Pádraic Breathnach is é ag trácht ar an ngearrscéal ‘Bualadh an Bháis’. Sampla den éalúchas sa ghearrscéal seo ná nuair a bhíonn seans ag an léitheoir smaoineamh ar ócáid na sochraide ó léargas an mharbháin. I ndomhan nua an scéil, díríonn aird an léitheora ar fhadhb amháin – anseo is ar laigí an duine dhaonna a luíonn an Conghaileach isteach. In áit iomlán nua, tugtar seans don léitheoir gné ón saol atá timpeall orainn a aithint agus díriú ar an gcoimhlint in áit eile.

Is féidir linn éalú go dtí domhan eile leis an bhfantaisíocht, ach, conas gur féidir linn dul i ngleic leis an ‘mórlaige dhaonna’ trí úsáid na fantaisíochta i litriocht chomhaimseartha ar nós gearrscéalta Uí Chonghaile? Bheadh an ceart agat dá mbeifeá ag iarraidh gnéithe den réalachas a aithint i scéal fantaisíochta chun nasc a dhéanamh leis an duine daonna. Chun solas a chaitheamh an an gceist faoi úsáid na fantaisíochta chun iniúchadh a dhéanamh ar an mórlaige dhaonna, caithimid féachaint ar an gcaidreamh atá idir an réalachas agus an fphantaisíocht. Tá sé ráite nach dhá staid dhifriúla iad ach go maireann an fphantaisíocht agus an réalachas taobh le taobh. Baineann an fphantaisíocht le samhlaíocht an duine agus mar sin, is as foinse réalaíoch a fhásann cuid de na gnéithe atá tábhachtach don fphantaisíocht. Ach, tá sé ráite agam chomh maith go bhfuil éalú go dtí domhan eile na fantaisíochta de dhíth chun iniúchadh a dhéanamh ar mhórchéisteanna an tsaoil. Tugann Tuan (1990) ábhar machnaimh dúinn faoin tslí a mbíonn míthuiscintí againn faoin gcaidreamh idir an réalachas agus an fphantaisíocht:

...although the use of the words "realism" and "fantasy" suggests the existence of opposed and irreconcilable categories, in fact what humans do can seldom be designated unambiguously as either the one or the other.

(Tuan, 1990:441)

Is éard atá á dhéanamh ag scríbhneoirí cosúil le Micheál Ó Conghaile ná go dtaispeánann sé dúinn lena chuid gearrscéalta nach bhfuil a mhalairt do théarmaí i gceist leis an réalachas agus an fhantaisíocht.

Measann Rabkin nach féidir linn ciall nó neamhchiall a bhaint as an domhan nua gan rannpháirtíocht bháúil an léitheora (Rabkin, 1976:4). Ó am go ham, faightear nascanna leis an réalachas a chabhraíonn linn agus muid i mbun léitheoireachta.⁶ Nuair a bhíonn an léitheoir rannpháirteach, mothaíonn sé/sí gach bua agus gach buille íseal na gcarachtar. Trí phróiseas na rannpháirtíochta, forbraíonn tuiscint idir an léitheoir agus na carachtair. Má ghéilleann an duine d'iompu bhunrialacha an ghnáthshaoil, tig leis/léi a bheith páirteach sna heachtraí. Mar thoradh air sin, bíonn seans ag an léitheoir dul i ngleic leis an áit os a c(h)omhair trí shúile na gcarachtar. Nuair a bhíonn duine san áit ag an am céanna leis na carachtair, bíonn éifeacht ag eachtraí an scéil air/uirthi agus forbraíonn comhbhá idir é/í agus na carachtair. Fráma tagartha coitianta a úsáideann léirmheastóirí chun cur síos ar thaithí seo an léitheora ná teoiric an ghlactha, is é sin le rá, freagra an léitheora ar an scéal. Baineann sé leis an léirmheastóireacht a chuireann an léitheoir i lár an phróisis cumadóireachta⁷. Is páirt lárnach í an chomhchumadóireacht seo mar a aithníonn léirmheastóirí ar nós Hume (1984). Caithfear a áiteamh nach gcríochnaíonn an scéal le freagra an scríbhneora amháin mar a chonaiceamar leis an rannpháirtíocht go

⁶Deir James agus Mendlesohn go bhfaighimid gnáthdhuine nó ‘a very ordinary “little man”’ sna scéalta fantaisíochta m.sh Bilbo Baggins ‘The Hobbit’ (1937). Cabhraíonn an nasc seo le rannpháirtíocht an léitheora. Seo sampla de ghné ón réalachas a chabhraíonn linn i ndomhan nua na fantaisíochta.

⁷Mar scríbhneoir, ní smaoiním ar theoiricí mórán óir braithim go mbeinn ag cur croimeasc orm féin’ (Ó Conghaile, 2001:306)

ginearálta, ach dá mbeimís ag briseadh síos na rannpháirtíochta arís, gné amháin den rannpháirtíocht is ea an freagra seo a bhíonn ag an léitheoir ar an scéal.

Ag caitheamh súil ar fhreagra an léitheora ar scéal ar bith is easpa cumhachta an scríbhneora an chúis atá leis ar leibhéal amháin. Is cuma cén teachtaireacht a bhíonn in intinn an scríbhneora – bíonn dearcadh difriúil ag gach léitheoir tar éis staidéar a dhéanamh ar scéal ar bith. Is rianamh a bhíonn an duine críochnaithe le próiseas na léitheoireachta ach ní locht é sin atá ar an scríbhneoir. Tagann níos mó as an scéal ná an méid atá ar phár leis na ceisteanna a bhíonn ag an léitheoir. Iniúchann Hume an caidreamh a bhíonn idir an léitheoir agus an scríbhneoir nuair a chuireann an scríbhneoir áit iomlán nua roimh an léitheoir. Nuair a chruthaítear áit lasmuigh den ghnáthshaol don léitheoir, bíonn deis acu triail a bhaint as an áit a bhfuil an scéal lonnaithe. Leis an áit nua ('domhan a dó' a ghlaonn Hume air), tá tábhacht ar leith ag baint le freagra an léitheora ach, braitheann sé ar dhearcadh an léitheora freisin. Á chur sin i gcomhthéacs an Conghailigh, admhaíonn sé féin nach mbíonn sé ag smaoineamh ar rud ar leith agus é i mbun scríbhneoireachta. Ina intinn féin, tá cead ag an léitheoir a rogha rud a dhéanamh le scéal chomh fada is a bhíonn sé comhfhadaithe. Mar sin, tá cumhacht ag an léitheoir chomh maith a bheith páirteach sa chumadóireacht agus a stampa féin a chur ar an scéal. Lena chois sin, cuireann dearcadh an léitheora leis an saothar agus gné thualangach den rannpháirtíocht is ea an chomhchumadóireacht. Is féidir comparáid a dhéanamh idir é seo agus smaointe de Paor agus é ag caint faoi theachttaireacht ealaín Chathail Uí Shearcaigh: 'í cumtha aige féin *agus* ag a lucht éisteachta' (2005:15). Le easpa smachta an scríbhneora, fágann sé an scéal ar oscailt don léitheoir.

Dá mbeadh an léitheoir páirteach sa scéal agus in ann eachtraí an scéil a chomhthéacsú leis an ngnáthshaol atá timpeall orthu; is ionann é sin agus a rá go bhfaigheann an léitheoir éalú is iad i mbun léitheoireachta. Is feidhm thánaisteach atá ag an éalúchas i gcúrsaí litríochta agus is i seánra na fantaisíochta a bhíonn taithí shuntasach i ndán don léitheoir. Is éard atá i gceist leis

an éalúchas ná an deis a bhíonn ag an léitheoir iniúchadh a dhéanamh ar an domhan atá timpeall orainn. Tá ‘éalú’ i gceist leis mar go mbíonn an léitheoir ag déanamh iniúchadh ar an domhan iarbhír chun ceisteanna tromchúiseacha a phlé i suíomh nach féidir leo breith air, is é sin le rá, an domhan a chruthaíonn an scríbhneoir.⁸ Don staidéar seo, is le domhan na fantaisíochta a chruthaíonn Micheál Ó Conghaile ina chuid gearrscéalta a fheicimid samplaí den éalú seo go háirithe sa ghearrscéal ‘An Chéad Duine Eile’ nuair a chuirtear na carachtair agus na léitheoirí araon sa bhroinn chun beatha agus bás an duine a phlé. Má tá léitheoir sásta géilleadh agus a bheith rannpháirteach, caithfidh sé nó sí a bheith cailte ar feadh tamaill sa domhan nua chun éalú a fháil, is é sin le rá, ní gá mianta na gearachtar nó an suíomh ina bhfuil an scéal lonnaithe a thuiscint ar dtús. Is deacair an rud é ámh, focal cosúil le ‘éalú’ a nascadh le cailte ach, leis an aimhréidh sin, ligtear don duine seasamh lasmuigh de fhéin (de Paor, 2005). Bheadh sé deacair é sin a dhéanamh i suíomh réalaíoch toisc go bhfuil sé timpeall orainn an t-am ar fad⁹. Sa chnuasach *An Fear Nach nDéanann Gáire* (2003), d’fhéadfá a rá go bhfuil éalú ann don léitheoir nuair a thosaíonn Simpleoir agus cos an té a gortaíodh sa scéal ‘Cos Liombó’ díreach ag taispeáint na bhfadhbanna a bhaineann le dearcadh na ndaoine eile ag an tubaiste. Lena ainm

‘Simpleoir’, bheifeá ag súil le balbhán aineolach ach tugann sé féin agus an chos ábhar machnaimh dúinn mar léitheoirí faoi céard a bheadh in ann don chos atá anois scartha ó chorp an duine nuair a deir sé:

“An mbeidh an chos sna flaitheis roimhe féin ós rud é go bhfuil sí marbh roimh an gcuid eile de?” a d’fhiafraigh Simpleoir, a cheist dírithe ar an sagart an babhta seo...Ach níor dhúirt focal.

(Ó Conghaile, 2003:50)

⁸ ‘With imagination we respond to the pressures of external reality, apprehend it, probe it, and in doing so, extend its compass.’ (Tuan, 1990:443). Is as an mbrú seo a thugtar seans dúinn ceisteanna a phlé.

⁹ ‘Is í an ealaín chomaimseartha a fhoilsíonn dúinn ár maireachtáil chomhaimseartha nach bhfeiceann muid mar go bhfuil muid róghar’. (de Paor, 2005 : 21) Nuair a bhímid róghar don suíomh mar sin, caithfear comhthéacs nua a fháil chun iniúchadh a dhéanamh ar ár ndearcthaí.

Scrúdaítear ceannfháth na ndaoine trí cheisteanna, agus is cosúil go bhfuil comhthreomhaireacht idir intinn an léitheora agus intinn na gcarachtar le linn na n-imeachtaí a thiteann amach i suíomh an scéil. Ní foláir go nochtáítear ceisteanna don léitheoir agus iad ag dul i ngleic le dearcadh an charachtair cosúil le Simpleoir. Ina dhiaidh sin, áfach, beidh ar an léitheoir a stampa féin a chur ar an scéal agus iad féin a aimsiú i measc na gcarachtar, m.sh, an sagart, an máinlia srl. is iad i mbun léitheoireachta. Idir an dá linn, faightear dearcadh nua atá comhsheasmhach leis na ceisteanna a thagann chun cinn sa scéal. Le domhan nua na fantaisíochta, díthógtar an duine ach ‘tógtar le linn eacstais na healaíne’ (de Paor, 2005: 32) é ag an deireadh.

Gearrscéal amháin ó pheann Uí Chonghaile a nochtáíonn ceisteanna ionainn tríd an éalúchas ná ‘Bualadh an Bháis’ (AFP, 1997). Sa scéal seo, scrúdaítear sean-nósanna an duine dhaonna, m.sh, ag ócáid cosúil le sochraid ar nós na béasaí ón slua timpeall an chónra: ‘*misseáilfidh an baile go mór é.*’ (Ó Conghaile, 1997:133). Is gnás coitianta é seo fós sa lá atá inniu ann, ach iompaíonn an Conghaileach an suíomh bun os cionn san áit dhíostóipeach a chruthaíonn sé. Nuair a dhúisíonn an corp (darb ainm Éamann Bheairtle) tar éis an cómhbhá a léirigh lucht na sochraide ina thimpeall, bheartaigh sé aiséirí. Cé go raibh an lucht na sochraide chomh tógtha sin leis an gcorp, níl a leithéid fíor tar éis dó aiséirí. Is cosúil gur iompaigh siad go dtí nósanna págánacha ag an deireadh ag rá le chéile ‘ná ligigí dó fanacht beo.’ (Ó Conghaile, 1997:133). Is gearrscéal é seo a dhéanann tástáil ar agus a scrúdaíonn an daonnacht bhunúsach ionainn.

D’fhéadfá a áiteamh go bhfuil mianta faoi cheilt ag lucht na sochraide a nochtáíonn an fhíorphágántacht fhiáin atá iontu. Ag ócáid na sochraide coimeádann siad a gcuid mianta faoi rún na béasaíochta, ach, ní chreideann siad sna nósanna a chleachtann siad. I suíomh osréalaíoch eile in ‘Cré na Cille’, ceistíonn Ó Cadhain nósanna an phobail ó thaobh cúrsaí talaimh de agus na heaglaise nuair a bhí Neil ag mealladh an tsagairt paróiste le síob sa charr. Téitear thar fóir leis na héilimh sheafóideacha a bhíonn á lorg ag muintir na háite ar nós na

huaighe a bhí mar bheart práinne ag Caitriona. Leis an scéal, seo bhí ar an léitheoir déileáil leis an saol os a gcomhair i suíomh osréalaíoch sa chré. Ceistítear ord na sochaí – Neil agus Caitriona in iomaíocht a chéile, drochiompar na Máistreása Scoile le Billeachaí an Phoist agus iompar an Mháistir Mhóir agus Nóra Sheáinín. Fós féin, is tríd an ord díthógtha sa chré is mó a ardaítear na ceisteanna.

Ag tabhairt sracfhéachaint ar na samplaí ón gConghaileach agus ón gCadhach thuas, is minic a bhíonn staid intinne an duine dhaonna chun tosaigh.¹⁰ Bíonn éalú don léitheoir ón ngnáthshaol laethúil le suíomh cruthaitheach na scéalta os a gcomhair, ach éalú le praghas is ea é. Nuair a iompaíonn na suíomhanna cosúil leis na cinn san alt thuas, bíonn an léitheoir cailte agus braitheann sé/sí míchompordach. Ar an gcéad dul síos, mar sin, is cosúil go ndíthógtar an méid a greideann an léitheoir ann. Ansin, tugtar an rogha arís don léitheoir an chreidiúint atá acu a cheistiú nó gan a bheith rannpháirteach i scéal. Ar an dara dul síos, áfach, is deacair an ní é cur síos ginearálta a dhéanamh ar thaithí an léitheora agus iad ag cur ceisteanna orthu féin. Bíonn taithí dhifriúil ag gach léitheoir a bhraitheann ar an dearcadh a bhí acu roimh an scéal a léamh. Chun tacú leis an míniú a thugaim don tréimhse chailte, is féidir meafar na huaimhe ón bhfealsúnaí, Plato (428/427 R.C – 347 R.C), a úsáid. Smaoinigh ar an meafar i dtaca le cúrsaí litríochta, go háirithe taithí an léitheora ag léamh scéil. Tar éis scéal a léamh, braithimid cailte. Dá mbeimis sásta a bheith rannpháirteach, glactar leis go bhfuilimid réidh chun léargas nua a fháil agus ceisteanna a chur orainn féin faoin méid a greidimid ann. D'fhéadfá a rá, mar sin, go raibh muid aineolach ar shlí roimh an scéal agus ba mhaith linn éalú ón dearcadh aontaobhach a bhí againn. Éalú pianmhar a bhíonn i ndán don léitheoir, áfach. Leis an meafar a úsáideann Plato, tosaímid mar dhaoine ceangailte i bpríosún. Táimid ag féachaint ar scáileanna ar bhalla éigin taobh thiar de thine. Níl a fhios againn céard iad na scáileanna go

¹⁰ Fantasy in art remains independent of reality; it is the fact of fantasy in mental life which persuades people to view them as reflections upon actual life. (Apter, 1982:138)

díreach. Más daoine fiosracha muid, is féidir linn fáil amach céard atá taobh thiar den bhalla go díreach ach bheadh orainn éalú ón uaimh. Ansin, beidh amharc níos soiléire ós ár gcomhair¹¹. Is ionann an t-éalú míchompordach atá i ndán don té i bpríosún agus an turas a bhíonn á dhéanamh againn tar éis scéal a léamh chun iniúchadh a dhéanamh ar ár gcuid míthuiscintí. Má éiríonn le scéal an turas seo a nochtadh ionainn, tig leat a rá gur éirigh leis an scríbhneoir scéal a chumadh a labhraíonn leis an duine daonna ar leibhéal níos doimhne. Ar an gcuma chéanna, áfach, is deacair an rud é don scríbhneoir fáil amach ar éirigh leo le scéal éigin sa tslí sin: ‘bíonn sé deacair iad a scríobh agus deacair iad a mheas agus ní bhíonn tú cinnte uaireanta ar éirigh leat’ (Ó Conghaile, 2013). Is próiseas aonrach é an turas a bhíonn á dhéanamh ag an léitheoir agus iad ag cur ceisteanna orthu féin. Tosnaíonn sé ón duine féin, is é sin le rá, ní féidir le scríbhneoir míniú a chruthú don duine más ó rannpháirtíocht cheart an léitheora a thagann an míniú. Tá torthaí an turais suimithe go paiteanta ag Pádraig de Paor nuair a deir sé, ‘eispéiríonn an duine an spás thart air, agus buaileann míniú ar an taithí seo’ (de Paor, 2005:108). Cé go raibh de Paor ag caint faoin dinnseanchas, is féidir a mhacasamhail a nochtadh don tsúil anseo. Cruthaíonn an duine a áit féin as a thaithí féin. I slí éigin, díthógtar an áit a bhfuil cleachtadh ag an duine uirthi agus tógtar an áit in athuair ach, b’fhéidir go bhfuil radharcanna iomlán difriúil aici nó i bhfocail Plato faoi mheafar na huaimhe: ‘because, of course, he would need to grow accustomed to the light before he could see things in the upper world outside the cave’ (Lee, 1955:242). Is cosúil mar sin, go bhfuil dearcadh nua ag an léitheoir ina dhiaidh agus scaití, is léir go bhfágtar an léitheoir ‘gan mhapaí’¹² ar feadh tamaill.

11 Is anseo a dhéanann Plato (1955) trácht ar na scáileanna a fheiceann an duine i bpríosún ar an mballa. I gcás cúrsaí litríochta, is iad na scáileanna seo na ceisteanna atá ag snámh in intinn an léitheora. D’fhéadfaimís greim a fháil orthu mar sin, nuair a bhímid rannpháirteach i scéal.

12 Rud suimiúil a luann Máirín Nic Eoin is í ag léamh an cineál próis a scríobhann daoine ar nós an Chonghailigh ná go bhfuilimid ‘ag taisteal gan mhapaí’ (Nic Eoin, 2006:78) agus de dheasca sin, caithimid ár mapa féin a chruthú.

Is ionann an mapa nua a thógann an léitheoir tar éis staidéar a dhéanamh ar scéal le meon nua a bheith acu tar éis an scéal a léamh.

Glacaimid leis go bhfuil samhlaíocht an duine de dhíth, mar sin, chun ciall a bhaint as an éalúchas agus a bheith rannpháirteach i scéal fantaisíochta. Is féidir an chomparáid chéanna a aimsiú anseo i gcás fheidhm shíceolaíoch na scéalta fantaisíochta ar an duine. Ba mhinic a d'úsáid an síceolaí Sigmund Freud (1856-1939) scéalta fantaisíochta cosúil le 'The Sandman' (1815) le Hoffmann chun fráma a thabhairt do theoiricí síceolaíochta, cuir i gcás, An Ego. An ní atá tábhachtach ansin don fhanaisíocht ná aigne fhochoimhfhiosach an duine. Is é sin an taobh a bhíonn i bhfolach in intinn an duine ó lá go lá ach a threoraíonn muid sa saol i ngan fhios dúinn féin. Is cosúil mar sin, go bhfuil taobh eile níos teibí dínn ag brú isteach sa ghnáthshaol laethúil agus ní hionadh go labhraíonn na scéalta fantaisíochta le gné den duine faoin dromchla.

Cén fáth a meallann an fhanaisíocht an léitheoir ar leibhéal fochoimhfhiosach? Ar leibhéal fochoimhfhiosach an duine, tá fianaise ann chun tacú linn an leibhéal teibí seo a thabhairt faoi deara sa ghnáthshaol. Is cosúil go bhfeicimid leideanna i nithe fisiciúla i scéalta Uí Chonghaile - sa ghearrscéal 'Ar Pinsean sa Leithreas' (*AFP*), cuir i gcás. Le linn an scéil, imíonn an príomhcharachtar ó bhrúanna an tsaol ar nós a phost sa státseirbhís agus gnáthchúrsaí an lae. Cruthaíonn sé áit iomlán nua dó féin sa leithreas. Is cosúil gur chruthaigh sé an áit sin chun faoiseamh a thabhairt dó féin agus luann sé an plean atá aige don seomra folctha chun é a choimeád 'chomh *fit* le fíidil' (Ó Conghaile, 1997:80), cuir i gcás, le rothar ar an tsíleáil. Anseo, b'fhéidir go bhfeictear iarracht an duine áit utóipeach (an leithreas) a chruthú dó féin in áit dhiostóipeach (a ghnáthshaol). Ag breathnú ar scríbhneoir eile Gaeilge, Seán Mac Mathúna, agus a ghearrscéal 'Na Quizmháistrí, is dóigh liom go n-aimsítear an aigne fhochoimhfhiosach á scaoileadh amach de réir a chéile sa scéal. Don phríomhcharachtar Anthropos (nuair a thagann an cuairteoir go dtí a theach), éiríonn leis gach rud nach raibh ar chumas Anthropos a

dhéanamh. I measc na mbuanna atá ag an gcuariteoir, feictear go bhfuil sé in ann a bheith ina qhuizmháistir gan aon ródheacracht cosúil le Anthropos. An buile scoir a thug sé dó ná nuair a bhí sé in ann Iníon Parnasus a bhí á lorg ag Anthropos a mhealladh. Ar leibhéal an fhochoimhfheasa, déantar iniúchadh ar an teannas idir intinn an duine, mianta an duine chomh maith leis an suíomh mar a léirítear é sa ghnáthshaol. I ndeireadh na dála, cabhraíonn an fheartaisíocht linn aigne chomhfhiosach an duine a thuiscint. D'fhéadfá a áiteamh nach raibh a fhios ag Anthropos céard a bhí ag teastáil sa saol i gceart go dtí gur tháinig an cuairteoir chuige. Cé gur ciapathóir a bhí sa chuairteoir, bhrúigh sé mianta an phríomhcharachtair go dtí an dromchla.

Tar éis staidéar a dhéanamh ar stair na fantaisíochta agus téamaí scéalta ó litríocht na Gaeilge agus an Bhéarla, is léir ón iniúchadh atá déanta go dtí seo go bhfuil an Conghaileach in ann gnéithe ó scéalta traidisiúnta na Gaeilge agus ó shaothair i bhfad i gcéin a fhí isteach ina chuid gearrscéalta. Téann an scríbhneoir níos faide ná sin nuair a dhéanann na gearrscéalta iarracht aird a dhíriú ar cheisteanna tromchúiseacha an tsaol ina chuid scríbhneoireachta. Ina chuid gearrscéalta, scrúdaítear aigne an duine le tacú ó eilimintí na fantaisíochta agus seo í an ghné a bheidh chun tosaigh sa tráchtas seo. Is súimiúil an ní é gur fhás an Ghaeilge as traidisiún leathan, ilghnéitheach scríbhneoirí ina dtéann aon duine de na scríbhneoirí i ngleic le ceisteanna tromchúiseacha na linne. Is é an rud céanna a bhíonn idir lámha ag Micheál Ó Conghaile.

I gcás fhorbairt na fantaisíochta, is léir go mbíonn an seánra in ann fiosracht an léitheora agus an scríbhneora araon a spreagadh chun ceisteanna tromchúiseacha a phlé. Leis an dúshlán a thugann sí don scríbhneoir teorainneacha an tsaol a bhrú agus a leathnú chun ábhair dheacra a thabhairt chun cinn, ní hionadh go meallann an taobh osréalaíoch an Conghaileach mar sheánra chun a bheith triallach, nuálach lena chuid scríbhneoireachta féin. Caithfidimid a thabhairt faoi deara nach mór don scríbhneoir a bheith in ann bealaí nua a fháil chun an léitheoir a choimeád rannpháirteach ach gan a bheith rófhada ón domhan iarbhír ach an oiread mar nach é an oiread

sin de bhearna atá idir an réalachas agus an fhantaisíocht ag deireadh an lae, mar a chonaiceamar. Ní foláir a lua nach le heilimintí den fhantaisíocht a thosaigh an Conghaileach féin ina chuid gearrscéalta ar dtús, ach an oiread. Mar scríbhneoir cruthaitheach, is maith leis a bheith triallach agus tabhairt faoi stíleanna agus tréithe nua ina chuid scríbhneoireachta. Is bua é seo ar fiú iniúchadh a dhéanamh air agus is é an dinimic seo idir sean agus nua mar a fhaightear i ngearrscéalta Uí Chonghaile í a bheidh idir lámha agam sa chéad chaibidil eile.

Caibidil a Dó

An Traidisiún agus an Nuálaíocht

Is díol suime é gur minic a bhíonn sé deacair a aithint céard a bhaineann le saothar nuálach toisc go mbraitheann sé ar dhearcadh an léitheora agus dearcadh an scríbhneora araon. ‘Athrú’, ‘meiteamorfois’ agus ‘leagan eile den rud atá ar fáil cheana féin’ is ea an cur síos a thagann chun tosaigh go minic maidir leis an bhfocal ‘nuálaíocht’. An rud is mian linn a dhéanamh ná fáil amach an bhfuil údar cosúil le Micheál Ó Conghaile tar éis dearcadh nua a spreagadh ionainn nó tar éis ceisteanna nua a nochtadh ionainn faoi ábhar éigin. Taibhsítear domsa go mbaineann nuálaíocht an ábhair le cumas samhlaíochta an údair ar thaobh amháin agus an dearcadh claochaithe atá ag an lucht léitheoireachta ar saothar ar thaobh eile. I gcás litríocht na Gaeilge, ceann de na clasaicí is mó is ea ‘Cré na Cille’ (1949) le Máirtín Ó Cadhain ina bhfuil nuálaíocht go smior ann sa mhéid is gurb iad na mairbh atá ag caint. Bhí bua na nuálaíochta ag baint le JRR Tolkien agus a shraith ‘The Lord of the Rings’ (1954). Ní hamháin gur chum sé teanga nua (*Elvish*), chruthaigh sé ‘Middle-Earth’, suíomh iomlán nua dá charachtair chomh maith. Luann Edward James agus Farah Mendlesohn (2012) go gcabhraíonn stair fhada an *fandom* leis an saothar, sé sin le rá, nuair a roinntear leabhar idir daoine fásta go daoine óga ó ghlúin go glúin. Déanann Philip O’Leary (2006) rianú ar fhorbairt phrós na Gaeilge go ginearálta ó shaothair cosúil le ‘Táin Bó Cúalinge’ agus ‘Acallamh na Senórach’ go dtí an cineál saothar atá ar fáil againn sa Ghaeilge anois atá dírithe níos mó ar chastacht na haigne daonna agus ar streachailtí agus suáilcís an duine dhaonna sa domhan ina bhfuil sé ó scríbhneoirí na fichiú haoise deireanaí cosúil le Dara Ó Conaola, Seán Mac Mathúna agus daoine nach iad.

Braitheann coincheap na nuálaíochta, cuid mhaith, ar an tionchar a bhíonn ag scéal ar an lucht léitheoireachta. Is deacair an rud é, áfach, míniú sásúil a thabhairt ar an bhfocal ‘nuálaíocht’ sa litríocht. Má smaoiníonn tú ar thrí leabhar a thaitníonn leat, tá seans maith ann go seasann siad amach duit toisc go bhfuil rud éigin ann nach bhfaca tú roimhe sin. Ag an am céanna, áfach, caithfidh an scríbhneoir na léitheoirí a thabhairt leis lena scéal. Baineann domhan eile na samhlaíochta leis ach, d’fhéadfá dearcadh nua ar chúrsaí ár linne a fháil chomh maith. Táimid

ag caint faoin nuálaíocht nuair a bhíonn ábhar nua os ár gcomhair nó b'fhéidir seanábhar atá curtha i láthair ar bhealach nua.

Is iad gearrscéalta Uí Chonghaile atá á bplé agam sa saothar seo, mar sin, féachfaimid ar an ngearrscéal féin mar sheánra i gcomhthéacs na nuálaíochta. Tá forbairt mhaith déanta ag scríbhneoirí Éireannacha as Gaeilge agus as Béarla araon i seánra na gearrscéalta. Tugtar le fios dúinn cé chomh húdaráisach is atá an gearrscéal in Éirinn nuair a smaoinimid ar ráiteas ó Frank O'Connor a mhíníonn tábhacht an ghearrscéil mar mhodh scríbhneoireachta: 'it represents, better than poetry or drama, our own attitude to life' (O'Connor 1963:13). Tá teorainneacha ama agus spáis ag baint leis an ngearrscéal ach go minic is iontu a thugtar an léargas is grinne fúinn féin mar dhaoine. Ag féachaint ar an ngearrscéal mar mhodh scríbhneoireachta; seasann daoine ar nós Washington Irving (1783-1859) le 'The Legend of Sleepy Hollow' amach i gcás litríocht an Bhéarla. Tá cáil tuillte ag Edgar Allan Poe (1809-1849) don tionchar a bhí aige ar an litríocht Ghotach lena ghearrscéalta 'The Raven' agus 'The Black Cat' sa naoú haois déag. Ó thaobh phrós na Gaeilge de, tá seasamh údaráisach ag an ngearrscéalaíocht sa teanga ó ré na hAthbheochana. Le linn na hAthbheochana bhí tionchar ar leith ag an ngearrscéal ar fhorbairt na litríochta. Tá aithne ag pobal léitheoireachta na Gaeilge ar an gConghaileach mar scríbhneoir triallach, ach, maidir leis an ngearrscéal féin, ní foirm nua i litríocht na Gaeilge í. Ar ndóigh bhí forbairt na ngearrscéalta ceangailte le foghlaim agus forbairt na teanga. Is léir an bláthú agus an fhorbairt a tháinig chun cinn mar go raibh foghlaimeoirí a bhí ag lorg téacsanna gearra, agus mar sin, tugadh go leor deiseanna do scríbhneoirí triail a bhaint as an ngearrscéal (O'Leary, 2006). Aithnítear gur thacaíocht mhór é an gearrscéal mar sin, d'fhoghlaimeoirí agus scríbhneoirí nua na Gaeilge. I saothar gearr, bhí seans ag léitheoirí agus ag scríbhneoirí dul i dtaithe ar fhoclóir agus struchtúr na teanga. Ní foláir a lua go raibh éileamh ar scéalta gearra a raibh fáil orthu do dhaoine nach raibh mórán taithe acu ar scríbhneoireacht na teanga.

Ní hamháin go raibh caomhnú na teanga i gceist le forbairt na litríochta, bhí blas láidir na seanscéalta ar roinnt mhaith de phrós na Gaeilge le linn na hAthbheochana chomh maith amhail is nach raibh a fhios ag scríbhneoirí an ama sin conas a bheith nuálaíoch nó neamhspleách go hiomlán. Ag féachaint ar an ngné seo den phrós, aithníonn O’Leary blas de ghnéithe na seanscéalta ar scéalta luaithe Mháirtín Uí Chadhain fiú agus Sheosamh Mhic Grianna in ‘An Grá agus an Gruaim’ (1929). Deir an Conghaileach féin agus mé i mbun cainte leis, go smaoiníonn sé gur féidir leat rud as an nua a dhéanamh le leideanna ó na seanscéalta. Díol suntais é go raibh a mhalairt de thuairim ag Pádraig Mac Piarais céad bliain ó shin le prós na Gaeilge. Agus é ag scríobh in *An Claidheamh Soluis* faoi ábhair na scéalta a bhí á gcumadh ag scríbhneoirí an ama scríobh sé: ‘this is the twentieth century; and no literature can take root in the twentieth century which is not of the twentieth century’ (Mac Piarais, 1906). Conas is féidir linn rud a dhéanamh as an nua le hábhar a bhfuil cleachtadh againn air? Cé mhéad suíomh difriúil is féidir linn a chur i láthair faoin eaglais nó an galar dubh mar shampla? Is é dualgas an ealaíontóra rud atá fíor ina intinn féin a chur os comhair lucht léitheora, dar le go leor. Chun friotal a chur ar an íomhá atá ina intinn ag scríbhneoir ar bith ar nós Mhichíl Uí Chonghaile, caithfear roinnt taighde a dhéanamh ar an saothar féin. Is minic a bhíonn cúlra an scríbhneora tábhachtach chun léargas a fháil ar an saothar cruthaitheach ach ní gá go mbeadh i gcónaí. Is fiú spleachadh a thabhairt ar chúlra Uí Chonghaile chun rianú a dhéanamh ar an nuálaíocht a thugann bonn dá saothar.

Is féidir a rá go bhfuil litríocht na Gaeilge faoi chomaoin inniu ag scríbhneoirí atá sásta a bheith triallach - daoine cosúil le Dara Ó Conaola, Seán Mac Mathúna agus Micheál Ó Conghaile féin. Is sa bhliain a 1962 a rugadh an Conghaileach agus tógadh é in Inis Treabhair ar chósta iarthar na tíre lasmuigh de Chonamara. An dara duine ab óige ab ea é d’ochtár dá thuistí, Colm agus Bríd. Amanta ina chuid scéalta, aimsítear an tuiscint atá ag an gConghaileach ar a áit dhúchais (úsáid na logainmneacha sa scéal ‘Cailte i gConamara’ cuir i gcás). Ina úrscéal *Sna*

Fir (1999), tá Ó Conghaile ag tarraingt as a chultúr dúchais trí chéile agus tagairtí indíreacha d'amhráin ar an sean-nós le fáil go tréan ina shaothar. Is é an nós a bhíonn ag an gConghaileach gur meascán den nua agus den taobh traidisiúnta a thugann sé dúinn. Tar éis a chuid scolaíochta a fháil i nGaelscoil Choláiste Éinde, chuaigh an tréimhse a chaith sé in Ollscoil na Gaillimhe i bhfeidhm ar a chuid Gaeilge. Is le linn na tréimhse seo a thosaigh sé ag scríobh go díreach. Tar éis dó BA a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Stair, fuair sé MA sa Stair i 1986. Chaith sé an bhliain acadúil, 1984-5, ina Léachtóir Cúnta le Gaeilge i gColáiste Oideachais Froebel sa Charraig Dhubh agus tamall eile mar léachtóir i gColáiste Phádraig i mBaile Átha Cliath. Tá tréimhse caite aige mar scríbhneoir cónaithe in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus in Ollscoil Uladh, Cúil Raitin. Sa bhliain 1998, ainmníodh é mar bhall d'Aos Dána agus é aitheanta go náisiúnta ag an bpointe mar scríbhneoir bisiúil, spráúil.

Ba i lár na n-ochtóidí a chuir an scríbhneoir seo cnuasach d'amhráin cháiliúla ó Chonamara *Croch Suas É* (1986) agus *Gaeltacht Rath Chairn* (1986) amach. Mar aon leis sin, tháinig a fhoilseachán údarásach, *Mac an tSagairt* (1986) amach an bhliain chéanna. Is é seo an cnuasach a thug údarás dó mar ghearrscéalaí, dar le go leor léirmheastóirí. Blas réadúil, nua-aimseartha a nascann mórcheistean na duine dhaonna, cuir i gcás, bás, féinmharú, coimhlintí agus caidrimh dhaonna a luann Titley (1987: 40) atá ann. I measc na dtéamaí atá ann, tá anailís ar streachailt an duine dhaonna ar imeall na sochaí le sonrú in *Mac an tSagairt*. Bliain ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh sé cnuasach filíochta *Comhrá Caillí* (1987). Tá cúpla dráma tar éis teacht ó pheann Uí Chonghaile chomh maith ar nós *Cúigear Chonamara* (2003), *Jude* (2007), *Go dTaga do Ríocht* (2009) a léiríodh ar an stáitse Taibhdhearc na Gaillimhe. Fágann na saothair seo, idir scrípteanna agus scéalta, gur scríbhneoir ilghnéitheach, Gaeltachta atá ann. Sa bhliain 1999, foilsíodh an t-aon úrscéal aige go dtí seo, 'Sna Fir' (1999). Seo scéal a thaisceálann beatha duine atá ar imeall na sochaí. Deir Pádraic Breathnach agus Máire Ní Neachtain gur

féidir a rá ‘gurb é seo úrscéal mór hómaighnéasach na hÉireann’ (Breathnach agus Ní Neachtain, 2010:68). Anuas air sin, molann siad go hard é mar scéal oscailte agus lán de phaisean. Fiú le scéal atá bunaithe in áit réalaióch, coimeádann sé an scríobhán siséalach atá ann. I measc na nduaiseanna atá bainte amach ag Ó Conghaile, ainmníodh a úrscéal *Sna Fir* ar ghearrliosta Dhuais Liteartha de chuid *The Irish Times* 2001 agus bhronn an Foras Cultúir Ghael-Mheiriceánaigh Duais Liteartha an Bhuitléaraigh air. Chomh maith leis sin, tá duaiseanna Oireachtais, duais ó Fhoras na Gaeilge agus Duais Steward Parker/BBC Radió Uladh buaite aige. Sa bhliain 2002, foilsíodh nóibhille leis, dar teideal ‘Seachrán Jeaic Sheáin Johnny’. Mar sin, is scríbhneoir triallach é ó thaobh meán a chuid scríbhneoireachta toisc go bhfuil idir ghearrscéalta, fhilíocht, dhrámaí, úrscéal agus nóibhille foilsithe aige.

Táimse tar éis a bheith ag trácht ar an bhfantaisíocht mar sheánra a oireann do scéalta Uí Chonghaile, ach, b’fhéidir nach ‘fantaisíocht’ an téarma is cruinne don staidéar seo. Bainim úsáid aisti mar choincheap a thugann fráma tagartha don staidéar agus mar théarma a fhreagraíonn don saol sin nach é an réalachas é. Ag féachaint ar an gcur síos a dhéanann an léirmheastóir Kathryn Hume (1984: 33) ar an réalachas, is ionann é agus a bheith ag glacadh leis an domhan agus an nádúr os do chomhair gan rómánsúlacht ná samhlaíocht ar bith a bheith ag baint leis, dar léi. Luann Rabkin (1976), cé nach mbíonn an fhantaisíocht *per se* le feiceáil i scéal ar bith, bíonn gnéithe den fhantaisíocht ann. Ag déanamh anailíse ar scéalta Uí Chonghaile, d’fhéadfá a shamhlú go mbaineann na heachtraí nach rabhamar ag súil leo i scéal le gné osréalaíoch éigin i saol na gcarachtar agus gur cumhacht í an fhantaisíocht a fhásann as samhlaíocht an duine. Mar sin, i scéalta ina bhfuil gnéithe den fhantaisíocht cosúil le gearrscéalta Uí Chonghaile, bígí ag súil le casadh éigin ar bhunrialacha an tsaoil. Nuair a dhéantar iniúchadh níos leithne ar an bhfantaisíocht is ea a thuigtear dúinn nach bhfuil an fhantaisíocht ná an réalachas i bhfad óna chéile mar choincheapa. Fáiltíonn an tsamhlaíocht sin a bhíonn chun tosaigh san fhantaisíocht roimh neacha neamhshaolta, suíomhanna dochreite

agus daoine nach mbualaimíd leo ó lá go lá. Féachaimid ar an tréimhse a chaith an Conghaileach le téamaí réalaiócha mar sin, chun an t-imeartas idir an réalachas agus leagan éigin den fhantaisíocht a fheiceáil ina chuid scéalta.

Is scéal é ‘An Teachtaireacht’ (MS, 1986), ina ndéantar cur síos ar dhuine atá ag streachailt le bás a charad a bhí ar an scoil leis agus é ina ghasúr. Le linn an scéil, cuireann an príomhcharachtar go leor ceisteanna air féin faoin eachtra agus is léir óna cheisteanna gur críoch atá sa bhás, gur rud sealadach é an saol agus an duine. Ní thosaíonn an té atá faoin gcré ag labhairt leis an reacaire, níl againn ach smaointe an phríomhcharachtair chun lámh a choimeád ar ghné éigin den saol a aithníonn muid:

Shioc Seán é féin. Ar bhealach eicínt mhothaigh sé a shaol féin glasáilte istigh sa mbosca rúndiamhrach úd ag séalú uaidh go ciúin i measc na bhfíréan i ndorchadas dubh na huaighe.

(Ó Conghaile, 1986:67)

Sa ghearrscéal, tugtar cuntas soiléir réalaióch ar an mbás agus ba léir go raibh an Conghaileach ar an mbóthar a lean sé go dtí an stíl atá le sonrú ar na gearrscéalta a d’fhoilsigh sé níos déanaí.

Tarlaíonn an rud céanna le ‘Bualadh an Bháis’ (AFP, 1997) a foilsíodh níos mó ná deich mbliana tar éis *Mac an tSagairt*, is é sin, léirítear meon éadóchasach ar nós an mheoin a bhí ag an bhfear a bhí ag féachaint ar Mhicil san uaigh. Tá sé beagáinín cosúil le haor nuair a thagann Éamann Bheairtle ar ais tar éis ardmholadh mioscaiseach a fháil ó lucht na sochraide. Caint dhílis, mhacánta na gcarachtar atá le sonrú anseo nuair a iompaítear bunrialacha an tsaoil, áfach. Sa scéal, tá eachtra ann a bhfuil rian den osréalachas le brath air nuair a tháinig Éamann ar ais ar an saol ag a shochraid fhéin. Lena chur i malairt focal, tarraingíonn an taobh osréalaíoch nó an rud nach bhfuiltear ag súil leis fíor-nádúr an duine amach. Ina theannta sin, níos déanaí in ‘Gabh i Leith a Mhéit’ (AFNDG, 2003), feictear blas magúil, osréalaíoch arís anseo nuair a dhéantar pearsantú ar an mbás. Nuair a fhéachann reacaire an scéil ar an mbás sa tslí sin, faighimid dearcadh as an ngnách ar fad i leith an bháis; ‘sé an Bás an méit is fearr

atá agam’ (Ó Conghaile, 2003:97), amhail is go bhfuil an reacaire ag iarraidh smacht éigin a fháil ar an mbás. I gcás na ngearrscéalta seo, is léir go bhfuil an guth ag athrú de réir mar a mhéadaíonn úsáid na fantaisíochta. Ar an gcéad dul síos, bhí fear óg éadóchasach, gruama faoin mbás in ‘An Teachtaireacht’. Ansin, thug bás Éamainn in ‘Bualadh an Bháis’ seans dó iniúchadh a dhéanamh ar bhréaga na ndaoine a bhí á mholadh sular tháinig sé ar ais. Sa chnuasach is déanaí, is ionann an bás agus cuairteoir le míle fáilte roimhe go dtí teach an phríomhcharachtair. Mar sin, tá an Conghaileach tar éis forbairt a dhéanamh ar an tslí a n-úsáideann sé an t-osréalachas ina chuid gearrscéalta go dtí gur féidir a rá gur carachtar ann féin an bás in ‘Gabh i Leith a Mhéit’. Ag an am céanna, tugann an fhanaisíocht seans don scríbhneoir a bheith níos oscailte lena chuid iarrachtaí cruthaitheacha toisc nach gá cloí leis na tuiscintí coinbhinsiúnacha a bhíonn ag an duine daonna ar an saol mórthimpeall air.

Próiseas achrannach é siúd a bhaineann leis an scríbhneoireacht seo, agus bíonn ar scríbhneoirí próiseas cruthaitheach éigin a oireann dóibh a fhorbairt chun scéal a scríobh. Is minic a thagann an chruthaitheacht agus cúrsaí ama salach ar a chéile. Dúirt Micheál Ó Conghaile féin liom gur minic a théann sé thar lear go dtí an Spáinn nó áit éigin mar sin ar feadh coicíse chun píosa a scríobh. Nuair a bhíonn sé ann, déanann sé dearmad ar a chúramaí ag baile cosúil leis na dualgais atá air ina chomhlacht foilsitheoireachta, Cló Iar-Chonnacht. An rud a bhíonn le déanamh aige sa bhaile ná athscríobh nó taighde le haghaidh ábhar (Ó Conghaile 2014). Ba i lár na n-óicheanta geimhridh a scríobh sé an t-úrscéal *Sna Fir* (1999), mar shampla. Is suimiúil an nós é seo atá ag scríbhneoirí teitheadh ón domhan iarbhír chomh fada le háit nua neamhchleachtaithe, mar shampla, ar nós na Spáinne don Chonghaileach toisc go n-imíonn siad óna réalachas féin. Ag caint faoin bpróiseas scríbhneoireachta a leanann an Conghaileach, is iondúil go scríobhann sé míle focal sa lá (circa deich leathanach lámhscríofa). Tá a chuid uaireanta oibre féin leagtha amach aige agus amanta bíonn níos mó ná píosa amháin idir lámha aige ag aon am amháin. Agus mé i mbun cainte leis, admhaíonn sé go leanann sé ag scríobh i

lár na hoíche. Is cosúil go bhfuil na hamanta frithshóisialta go maith do scríbhneoirí go ginearálta gan éinne ag cur isteach orthu. Le gnáthchúrsaí an lae críochnaithe, is féidir do mhachnamh a dhéanamh ar céard a thit amach an lá sin. Níl an próiseas a leanann an Conghaileach rófhada ó nósanna na mbard trí chéad bhliain roimhe sin: ‘Bheadh an file leis féin in áit uaigneach éigin, agus é deighilte amach ó dhaoine eile.’ (Ó hÓgáin, 1982:102). Is cosúil go bhfuil an Conghaileach ag déanamh aithris ar an nós seo san aonú haois is fiche. Le linn a ghearrscéalta, tá fianaise ann a nascann an suíomh ón ngnáthshaol ina bhfuil a chuid scéalta lonnaithe agus stíl na mbard a bhí suite ar leibhéal eile i bhfad ón ngnáthshaol. Is minic a théann an léitheoir go dtí áiteanna éagsúla – an siopa (‘Seacht gCéad Uaireadóir’), domhan eile d’fhoclóir atá ag fáil bháis (‘Reilig na bhFocla’) agus is minic a léimeann an Conghaileach díreach isteach in aigne eile an duine atá ina choimhthíoch, ciotach sa saol (‘Mo Rogha Rud a Dhéanamh’). Mar sin, caithfidh an duine imeacht ón ngnáthshaol i slí éigin chun scríobh faoi. D’fhéadfá a rá, mar sin, gur aimsigh an Conghaileach a áit féin deighilte amach ó dhaoine eile sa Spáinn.

Ag fanacht leis an taobh praiticiúil de shaol an scríbhneora, ní beag an tionchar atá ag Ó Conghaile ar fhorbairt na litríochta Gaeilge i gcúrsaí foilsitheoireachta le tríocha bliain anuas. Ba i 1985 a bhunaigh sé féin agus a dheartháir an comhlacht, Cló Iar-Chonnacht nuair a bhí sé trí bliana is fiche d’aois. Is in Indreabhán atá an scríbhneoir féin lonnaithe anois chomh maith leis an gcomhlacht. An nasc is tábhachtaí atá acu le forbairt litríocht na Gaeilge ná go ndearna siad iarracht éagsúlacht a chur ar fáil chun tionchar na teanga a leathnú. Is cosúil go bhfeiceann siad na cineálacha leabhar atá ar fáil as Béarla agus teangacha eile agus cuirtear spás ar fáil don éagsúlacht chéanna i litríocht na Gaeilge chun ainm lárnach a bhaint amach i gcúrsaí foilsitheoireachta. Foilsíonn Cló Iar-Chonnacht ceol, leabhair agus áiseanna teagaisc. Is soiléir óna ráiteas misin go bhfuil spéis ar leith acu i gcaomhnú na teanga. Seo sliocht a léiríonn

an tábhacht a luann siad le caomhnú na teanga, ráiteas nach bhfuil rófhada ó mhianta
Chonradh na Gaeilge thart ar chéad bhliain roimhe sin:

Is mar choimirceoir, mar phatrún agus mar chaomhnóir ar chultúr na Gaeilge agus na Gaeltachta a fheidhmíonn CIC. Tuigeann muid an mhórthábhacht a bhaineann le caomhnú an tsaibhris chultúir seo, agus is é an aidhm atá againn spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do cheoltóirí agus do scríbhneoirí agus ardán náisiúnta a thabhairt dá nguthanna.

(Cló Iar-Chonnacht, 2015)

Leis an gcion atá ag an gConghaileach ar an amhránaíocht ar an sean-nós, is tacaíocht mhór é don cheol agus don ealaín seo go bhfuil áis ar nós Cló Iar-Chonnacht ar fáil. Is iomaí amhránaí sean-nóis a bhain ainm amach dóibh féin mar gheall ar thaifead a rinne siad le Cló Iar-Chonnacht, cuir i gcás. Is follasach go bhfuil cnuasaí na mórscríbhneoirí cosúil le Seán Ó Ríordáin, Máirtín Ó Cadhain, Gabriel Rosenstock agus daoine nach iad ar fáil a mbaintear úsáid astu san oideachas tríú leibhéal freisin. Chomh maith leis sin, tá leabhair ar fáil ó scríbhneoirí nua a scríobhann do dhaoine idir aosta agus óg, cuir i gcás, *An Diabhal ar an Ól* (2013) (aistriúchán de sheanscéalta na hEorpa) leis an gConghaileach féin do dhéagóirí chomh maith le leabhair d'fhoghlaimoirí fásta, mar shampla, *Na Comharsana Nua* (2008) le hÉamonn Ó Loinsigh. Tig leat ríomhleabhar a fháil chomh maith le ceol Gaelach. Mar sin, is léir gur comhlacht nuálach atá lonnaithe sa Ghaeltacht nach bhfuil chomh teoranta maidir leis an éagsúlacht seánaí agus ábhair atá ann.

Ní hamháin go greideann an Conghaileach go mór i scríbhneoirí na Gaeilge, tá sé ag iarraidh comhlacht foilsitheoireachta a fhorbairt ag leibhéal na gcomhlachtaí móra atá ann do litríocht an Bhéarla, is é sin le rá, ainm Chló Iar-Chonnacht a chur chun tosaigh mar phríomhfhoilsitheoir na Gaeilge. An príomhdhifríocht a luann an Conghaileach i gcomparáid le comhlachtaí foilsitheoireachta eile na Gaeilge ná go bhfuil Cló Iar-Chonnacht tar éis obair lánaimseartha a chur ar fáil do na daoine atá fostaithe ann agus gurb é an t-aon chomhlacht

foilsitheoireachta é a dhéanann é sin (Delap, 2010). Anseo is seirbhís bhuan atá forbartha aige do phobal na Gaeilge a dhéanann iarracht pobal léitheoireachta a chinntiú do scríbhneoirí na Gaeilge. Is í an chreidiúint atá aige, is cosúil, ná gur féidir gnéithe den scríbhneoireacht a theagasc agus gur gá scríbhneoirí a chothú go comhfhiosach. Ar an ábhar sin, eagraíonn sé ceardlanna do scríbhneoirí nua, chomh maith, i gcomhar le Micheál Ó Ruairc chun cabhair a thabhairt do scríbhneoirí. Ceann de na rudaí a thug sé faoi deara nuair a bhí sé ag tosnú amach leis an bhfoilsitheoireacht ná go raibh géarghá le freastal a dhéanamh ar scríbhneoirí Gaeltachta cosúil le Johnny Chóil Mhaidhc Ó Coisdealbha, Joe Steve Ó Neachtain, Seán Ó Curraoin agus scríbhneoirí eile nach raibh a saothair foilsithe go dtí sin (Delap, 2010). Is léir, mar sin, go bhfuil an Conghaileach in ann é féin a chur chun tosaigh mar fhoilsitheoir agus mar scríbhneoir araon agus go bhfuil sé tar éis ainm a bhaint amach sa dá ghort.

Gné lárnach a bhaineann leis an bpróiseas scríbhneoireachta, dar le hÓ Conghaile, ná cúrsaí smachta an scríbhneora. Caithfidh an scríbhneoir smacht a fháil ar na smaointe a bhíonn aige nó aici chun saothar cruthaitheach a chumadh. Ar dtús, admhaíonn Ó Conghaile nach é an duine is fearr é chun smacht a chur air fhéin. Tar éis scéal a chríochnú, ní bhíonn fonn air é a léamh arís ach amháin ag léamh poiblí ar eagla go mbuailfeadh cathú é é a athscríobh. Tuigeann sé nach féidir leis breith iomlán a fháil ar an toradh a thagann as a chuid iarrachtaí. Is próiseas suibiachtúil, aonarach í an scríbhneoireacht féin ar shlí, caithfear do scéal a scríobh seachas a bheith ag brath ar dhaoine eile. D'fhéadfá a shamhlú go gcuirfeadh dearcadh an duine eile isteach ar an bpróiseas cumadóireachta agus cruthaitheacht an scríbhneora de réir a chéile. Cuireann an Conghaileach an smaoineamh seo sa treis nuair a deir sé go molann duine topaic áirithe dó, cuir i gcás, 'ba chóir duit scéal a scríobh faoi...'. Is fuath leis é sin, a deir sé. (Ó Conghaile, 2014). Admhaíonn sé go mbíonn inní air uaireanta nach dtuigfeadh an léitheoir céard atá ar siúl aige sna scéalta, rud a mheabhraíonn dúinn go mbraitheann scríbhneoirí amanta freagracht éigin i ndáil lena gcuid léitheoirí. Mar scríbhneoir, tosaíonn tú le scéal ag pointe

éigin agus is dócha go gcaithfidh tú cinneadh a dhéanamh faoi dheireadh an scéil agus an scéal a fhágaint mar sin. Tagairt ó Leonardo Da Vinci (1452-1519) agus ón bhfile Paul Valéry (1871-1945) a luann sé go minic in agallaimh ná ‘no novel is ever finished, it is abandoned’. Is ionann é sin agus a bheith sásta le críoch éigin agus glacadh leis go mbeadh fonn air é a scríobh arís dá mbeadh seans aige. Fágann sé sin go bhfuil sé deacair ar scríbhneoirí cosúil leis an gConghaileach smacht a fháil ar na scéalta nuair a bhíonn tionchar ag daoine eile ar an saothar a fhoilsítear ag deireadh an lae.

I measc na bhfreagrachtaí atá ar an gConghaileach comhlacht rathúil a reáchtáil ó lá go lá, is fíú fiosrú an bhfuil sé deacair deighilt a dhéanamh idir an fear gnó agus an fear cruthaitheach? Is beag duine atá ag scríobh go lánaimseartha sa Ghaeilge. I gcás Uí Chonghaile mar sin, tá jab ‘ceart’ aige, ach, is go páirtaimseartha a scríobhann sé. An bhfuil dáinséar ag baint leis an scríbhneoireacht toisc nach féidir le duine brath uirthi? Tá sé ráite ag an gConghaileach, cosúil le mórán scríbhneoirí eile minic go maith gurb í cruthaitheacht an scríbhneora an acmhainn is tábhachtaí atá ag scríbhneoir ar bith ach go gcaithfear a bheith oscailte agus triallach ag an am céanna. Deir sé féin ‘ní hé deireadh an domhain é muna bhfaighim duais’ (Ní Chatháin agus Ó Conghaile 1998). Ag caint mar ealaíontóir cruthaitheach, thuigfeá céard atá á rá aige ach is deacair an ráiteas sin a chreidiúint ar leibhéal na foilsitheoireachta. Dá mbeadh suim aige aitheantas a fháil, nach ionann aitheantas do Mhicheál Ó Conghaile is aitheantas do Chló Iar-Chonnacht? Is fíor freisin go mbíonn foilsitheoirí ag lorg na scéalta is tarraingtí do lucht léitheoireachta, ach, fadhb mhór is ea í a dhéanann dochar don phróiseas cruthaitheach. Deir sé féin, ‘tá an tuairim ann go bhfuil sé éasca do scríbhneoirí Gaeilge a saothar a fháil foilsithe. Ní hamhlaidh atá an scéal ó mo thaithí’ (Ó Conghaile, 2001:283). Is léir ó ráiteas seo an scríbhneora go bhfuil air saghas deighilt a dhéanamh idir é féin mar scríbhneoir agus mar dhuine atá gníomhach i gcúrsaí foilsitheoireachta, ach, déarfainn go gcabhraíonn an dá thaobh leis fáil amach cá bhfuil na bearnaí ó thaobh ábhair de i litríocht na Gaeilge. Tá an seans ann

tuisctint an fhoilsitheora ag dul i bhfeidhm ar an scríbhneoir cruthaitheach sa tslí is go dtuigeann an Conghaileach féin go mbeadh an gearrscéal oiriúnach chun seans níos fearr a thabhairt dá shaothar pobal léitheoireachta níos mó a ghnóthachtáil?

Is léir dearcadh ag an gConghaileach a ligeann dó dul sa tseans amanta lena chuid scríbhneoireachta agus tugann an gearrscéal deis dó é sin a dhéanamh. Is é ag caint faoin bpróiseas scríbhneoireachta, deir sé faoina chuid scríbhneoireachta féin go mbíonn a fhios aige nuair is gearrscéal atá á scríobh aige. Mar sin, caithfidh an scríbhneoir a bheith sásta a bheith ag déileáil le coincheapa teibí agus seans a thabhairt don léitheoir teacht ar thuiscint eile ar na coincheapa sin i mbun léitheoireachta. Tugann L.A.G Strong míniú ar an mbreith a d'fhéadfaí tabhairt ar an ngearrscéal:

We not only do not know what a story ought to be, but we do not want to know. The only safe thing is to allow each writer to call his work what he likes and to judge it severely, and without favour, by its own standards.

(Strong, 1932:712)

Ag caint faoi sheánra an ghearrscéil, mar sin, ní féidir é a cheangail díreach le stíl amháin. Deir Valerie Shaw go bhfuil meascán de stíleanna le fáil sa ghearrscéal ar nós teicnící liteartha féinchoimhfhiosacha agus spontáineacht atá suite laistigh 'd'fhilíocht phróis' na reacaireachta (1983:5). Tugann sé sin go dtí an cheist lárnach muid - cén fáth ar cheart gearrscéalaí nuálach a thabhairt ar Mhicheál Ó Conghaile?

Is ionann an scríbhneoireacht chruthaitheach agus féidearthachtaí, d'fhéadfá a rá. Má smaoiníonn tú ar Phádraic Ó Conaire ag tús na n-ocht déag nóchaidí, thug sé dearcadh nua do léitheoirí nualitricht na Gaeilge nach raibh ann cheana féin. Deir O' Leary faoina shaothair 'Nóra Mharcuis Bhig' (1907), 'Sgéalta Eile' (1909), 'An Sgoláire Bocht agus Sgéalta Eile' (1913) agus 'Síol Éabha' (1922), go ndearna sé: 'pioneering honest confrontation with the social problems and human tragedies behind the myth of a rural, Irish-speaking utopia in the

West. (O’Leary, 2006:242). Laistigh de spás beag fisiciúil na ngearrscéalta (c.3,000 focal go traidisiúnta) atá saintreorach, shílfeá nach mbeadh foirm an ghearrscéil oiriúnach chun geit a bhaint asainn ach b’fhéidir gur i mbeagán focal a bhaintear na geiteanna is mó as éinne. Coimeádann an Conghaileach cuid mhaith dá scéalta chomh hoscailte agus is féidir leis ó thaobh úsáid na teanga, an téama a roghnaíonn sé agus ó thaobh ábhar an scéil a iompaíonn seantuisicintí bun os cionn. Má phiocann tú aon ghearrscéal ó cheachtar den dá chnuasach *An Fear a Phléasc* (1997) nó *An Fear Nach nDéanann Gáire* (2003), ní gá iad a chur in aon seánra amháin fiú. Maidir leis an scéal ‘Bualadh an Bháis’, ní bheadh sé deacair smaoineamh air mar dhráma beo ar an stáitse. Is é an toradh atá air sin ná go bhfuil rialacha an ghearrscéil atá ar eolas againn á n-athmhúnlú. Leathnaíonn coincheap na fantaisíochta i ngearrscéalta Uí Chonghaile féidearachtaí charachtair an ghearrscéil laistigh de spás beag. Mar sin, is é go bhfuil áit cruthaithe ag an gConghaileach chun a chuid ghearrscéalta ‘a chothromú idir áiféis agus normálacht, agus an rud gnáthúil agus an rud aduain a bheith ar scáth a chéile’ (Byrne, 1998:25). Ní foláir dúinn féachaint ar an gcur chuige atá aige sna scéalta atá suite idir traidisiún agus nua-aimsearthacht na litríochta.

I gcás litríocht na Gaeilge, agus ceist an osréalachais faoi chaibidil, ní foláir dom iniúchadh áirithe a dhéanamh ar úsáid an bhéaloidis i ngearrscéalta na teanga. An rud atá neamhchoitianta faoi Mhicheál Ó Conghaile ná gur athraigh sé an tslí ina n-úsáidtear an béaloideas sa phróiseas cruthaitheach. Ag tús an fhichiú haois, ar mhaithe le caomhnú na scéalta traidisiúnta is mó a cuireadh an béaloideas san áireamh i scéalta an ama. Amanta, bhí litríocht á cumadh ar mhaithe le caomhnú teanga seachas taitneamh nó pléisiúr. Cuid lárnach de na hargóintí le linn na hAthbheochana ná an raibh scríbhneoirí an ama ag cloí le nó ag imeacht ó scéalta traidisiúnta. Tá an dá rud tar éis tarlú i ndáiríribh. I gcás Uí Chonghaile, tá meascán den traidisiún agus den nua ann. Maidir le húsáid na scéalta traidisiúnta, tugann Nic Dhonnchadha ábhar machnaimh

dúinn is í ag caint faoi ‘Conán Maol’ ar dhuine de phríomh ghearrscéalaithe na Gaeilge é le linn na hAthbheochana:

...an mbeadh an sásamh céanna le fáil ag léitheoirí na linne sin dá scarfa go hiomlán leis an mbéaloideas, le heachtraí na tuaithe nó leis an ‘aighe dhúchasach’ mar ábhar scéil?

(NicDhonnchdha, 1980 : 30)

An ní atá á áiteamh ag Nic Dhonnchdha anseo ná go raibh feidhm áirithe ag an mbéaloideas sa nuaphrós mar gur thug sé ceangail do léitheoirí leis an seantraidisiún. An aidhm atá ag an gConghaileach ná an béaloideas a thabhairt dúinn i slí neamhtraidisiúnta a thugann an sásamh céanna don léitheoir atá ag súil leis agus an faoiseamh atá á lorg ón léitheoir a dhiúltaíonn dó. Le scéalta Uí Chonghaile mar sin, is cosúil go bhfuil sé ag iarraidh coincheapa an bhéaloidis a choimeád ina chuid scéalta ach ar bhealach bunúil agus is gníomh cruthaitheach é sin ann féin. Mar léitheoir Gaeilge, nach mbainimid sult as a bheith in ann na nascanna a dhéanamh le gnéithe den litríocht a bhfuil eolas againn orthu ach é sin a dhéanamh i gcló nua? An bhfuil eagla ann nach mbeidh an stádas céanna ag na scéalta, go mbeidh rud in easnamh gan blas an bhéaloidis, nó níos measa fós go mbeidh bua na scéalaíochta a bhíonn chun tosaigh sa bhéaloideas cailte?

Tá tionchar an bhéaloidis ar scríbhneoireacht Uí Chonghaile soiléir i roinnt dá chuid gearrscéalta. Sa scéal ‘An Fear a Phléasc’ agus ‘Bualadh an Bháis’ úsáideann an Conghaileach eilimintí ón mbéaloideas, cuir i gcás, carachtair shimplí, cosúil le típeanna nach ndéantar forbairt orthu. Is steiréitíopaí iad agus déanann siadsan steiréitíopaíil ar dhaoine eile freisin. Cosúil leis an scéal ón mbéaloideas ‘An Cearrbhach Mac Cába’, is léir gur léamh siombalach atá le déanamh ar roinnt de na carachtair, cuir i gcás, ‘Saol’ agus ‘Bás’ sa ghearrscéal ‘An Chéad Duine Eile’: ‘fear ard tanaí atá ann, gruaig ghearr fhionn air’ (Ó Conghaile, 1997: 116) agus muintir Ghleann na mBua in ‘An Mála Freagraí a Goideadh’. Feictear simplíocht na gcarachtar chomh maith sa chur síos fisiciúil a dhéantar orthu mar a tharlaíonn sa stáisiún traenach sa scéal

‘Ag an Stáisiún’. An cur síos is tuairisciúla atá ann, dar liomsa, is ea ‘An Fear Nach nDéanann Gáire’ agus na fiacla ag lobhadh i mbéal an charachtair. D’fhéadfá a áiteamh anseo go mbíonn dearcadh na gcarachtar dubh agus bán, ar bhealach, toisc go mbíonn carachtar ar thaobh amháin nó ar an taobh eile. Na samplaí is iomráití de seo is ea ‘Cos Liombó’, ‘Ag Cuartú Cúise’ agus arís ‘An Mála Freagraí a Goideadh’ a chuireann síos ar mheon aontaobhach na ndaoine i leith an stráinséir a thagann isteach ina measc: “Má bhí tú san áit cheart ag an am ceart aréir, tá tú san áit mhícheart ag an am mícheart anois,” a bhéic duine eicint. (Ó Conghaile, 1997:96). Gné amháin atá sainiúil faoi ghearrscéalta Uí Chonghaile ná go bhfuil siad lonnaithe i suíomhanna atá timpeall orainn sa saol comhaimseartha - suíomh na cathrach mar atá ar fáil i ‘Cos Liombó’.

Cén chaoi, mar sin, ar féidir le scríbhneoir atá ag iarraidh rud nua a dhéanamh cabhair a fháil ó ghnéithe de na seanscéalta atá feicthe againn i go leor comhthéacsanna eile? Má chuirtear an cheist sin ar an údar féin, is súimiúil an freagra a fhaigheann tú. Is léir óna ndeir sé féin go gcreideann an Congaileach go mór sa bhéaloideas agus gur féidir leis an duine rud nua a dhéanamh as na scéalta traidisiúnta: ‘tagann an traidisiún isteach’ a áitíonn sé féin. Creideann sé chomh maith gur féidir leat imeacht go hiomlán ón traidisiún ach bíonn sé ar chúl a chinn aige féin i gcónaí (Ó Conghaile, 2014). Gné eile den ábhar seo a bhí suimiúil, dar liomsa, ná go gcaithfidh sé a bheith cúramach gan cead a ligint don bhéaloideas smacht a fháil ar an scéal. Is éard a chuireann sé roimhe, mar sin, ná athchruthú a dhéanamh ar eilimintí den bhéaloideas ach úire a thabhairt isteach sa saothar freisin.

Má ghlactar leis go bhfuil an Conghaileach tar éis athchruthú a dhéanamh ar ghnéithe den bhéaloideas, ní gá go mbeadh leagan nua den seanscéal céanna atá ar fáil á thabhairt dúinn. In áiteanna, is cosúil go bhfuil na carachtair ag féachaint ar thiaráil an lae a bhfuil cleachtadh againn orthu sna suíomhanna a chruthaíonn an Conghaileach. Ina n-intinn féin, suíomhanna réalaíocha atá iontu, ach, aithníonn an léitheoir go bhfuil gnéithe ón mbéaloideas ag teacht agus

ag imeacht ón scéal. Féach go háirithe ar an gcaidreamh a chruthaíonn sé idir ‘Saol’ agus ‘Bás’ in ‘An Chéad Duine Eile’: ‘Bás agus Saol: iad chomh mór sin thíos i bpóca a chéile agus dá mba cúpla siamach in aon bhroinn amháin iad...’ (Ó Conghaile, 1997:113). Tá coimhlint idir an neamhchinnteacht atá i ndán don charachtar sa bhroinn agus sean-nósanna an bhéaloidis. Sa scéal, tá Saol trí chéile faoi na cineálacha daoine a fhaightear sa saol inniu. Amanta, níl iontu ach nithe a théann i gcoinne an tSaoil. Tá go leor leithscéalta acu a shalaíonn ‘Saol’, cuir i gcás, an féinmharú. An ghné is aite, b’fhéidir, faoin scéal ná go bhfuil ‘Bás’ dóchasach. Freisin, níl Bás dorcha, duairc i gcónaí – tá sé éadrom, greannmhar fiú. Is sampla é seo de staid suas chun dáta, tráthúil atá bun os cionn i scéalta Uí Chonghaile. Tá eilimintí ón mbéaloideas, cuir i gcás, na carachtair, in úsáid chun muid a chur ag smaoineamh ar cheisteanna tromchúiseacha an tsaoil atá timpeall orainn agus a bhaineann leis an gcine daonna is cuma cén ré ina maireann siad. Fiú ó scéal amháin, taispeánann an Conghaileach conas is féidir na scéalta traidisiúnta a thabhairt isteach i ré nua.

Creideann Ó Conghaile féin go bhfuil áit ann do chuile chineál scéil agus is léir go bhfuil an fhealsúnacht sin chun tosaigh ina shaothar cruthaitheach féin trí chéile. Ní gá ach féachaint ar an éagsúlacht i *loci* na scéalta. Laistigh de na gearrscéalta, tagann an léitheoir go dtí suíomhanna cosúil leis an gcathair, siopaí, ceartlár na Gaeltachta, áiteanna iargúlta, leaba an bháis agus chomh fada leis an mbroinn sna gearrscéalta. Is féidir a rá, mar sin, go mbíonn imeartas idir an réalachas agus an fhantaisíocht ag forbairt trí na gearrscéalta fiú ó thaobh éagsúlacht suíomhanna. Ceann de na ráitis mhóra a thóg mé ónár gcomhrá is ea ‘ní haon *chomfort zone* an réalachas’ (Ó Conghaile, 2014). Má tá gné osréalaíoch ar bith sa litríocht, is ó thuiscint an duine ar shuíomh réalaíoch an duine a thagann sí mar a pléadh i gCaibidil a hAon. Leis an spás atá faighte againn i ndomhan eile seo na fantaisíochta, is féidir linn féachaint ar mhórcheisteanna an duine dhaonna go hoibiachtiúil i suíomh eile na samhlaíochta. Tugann

gnéithe den fhantaisíocht deis dúinn tuiscint níos grinne a fháil ar an réalachas. Féach ar ‘Cré na Cille’ le Máirtín Ó Cadhain, anseo, is i gcomhthéacs na cille a théimid go dtí spás eile na samhlaíochta faoin talamh agus níl aon duine in ann an leagan seo den saol nó den bhás a chuir

Ó Cadhain os ár gcomhair a bhréagnú ná a dhúshlán a thabhairt toisc nár labhair na mairbh ar ais riamh linn, go bhfios dúinn. Ciallaíonn sé sin go mbímid srianta go pointe leis an réalachas agus go bhfuil saoirse áirithe ag baint le bheith ag scríobh faoi leanganacha eile den saol. Níor mhiste a thabhairt faoi deara gurb í an teanga laethúil atá chun cinn i saothar Uí Chadhain mar bhonn nithiúil den osréalachas faoin talamh. Tá caint thar a bheith nádúrtha, réalaíoch suite ag

Ó Cadhain i ndomhan nach bhfuil a leithéid ar chor ar bith ann, chuile seans. Is cosúil, mar sin, go gcaithimid imeacht ón domhan a cheapaimid a bhfuil eolas áirithe againn air chun eolas níos fearr a chur air.

Ní gá, áfach, go ndéanfaimis dearmad ar fad ar an réalachas mar atá eolas againn air. Sa scéal ‘Bualadh an Bháis’, shíl Éamann Bheartaile gur duine a raibh gnaoi an phobail air a bhí ann nuair a chonaic sé lucht na sochraide agus iad á chaoineadh. Éiríonn sé soiléir don léitheoir nár dhuine naofa é Éamann nuair a bhí sé beo nuair a luann sé gur fhuadaigh sé dhá mhíle punt as siopa Mháire Aindí agus ghoid siúcra ón sagart lá na stáisiún. Ag tús an scéil fiú, thug Éamann féin na samplaí ar chuimhin sé orthu maidir lena dhrochiompar le linn a shaoil. Cé gur thug sé faoi deara nár dhuine naofa é le linn a shaoil, fós bhí ionadh air nach raibh daoine chomh tógtha leis is a shíl sé nuair a tháinig sé ar ais ón mbás: “caithfidh sé go bhfuil an-áthas anois oraibh go bhfuil mé beo im bheatha aríst?” (Ó Conghaile, 1997: 134). Is cosúil gur tháinig Éamann ar ais chun féachaint air féin díreach mar a chonaic daoine ina shaol é. Leis an gcasadh seo, tugann Ó Conghaile buille marfach d’Éamann arís leis an aiséirí mínádúrtha seo agus, d’fheadfá a shamhlú gur purgadóir éigin atá sa tsochraid. Nach féidir linn a áiteamh go dtéann sé ar ais go dtí meafar na huaimhe le Plato a luaigh mé chun an t-éalúchas atá ar fáil i scéal eile don léitheoir a mhíniú? Anseo tá éalúchas pianmhar ann don charachtar ach cruthaíonn sé sin

ceisteanna ionainn chomh maith tar éis ‘Bualadh an Bháis’ a léamh. Imíonn muid le hÉamonn chun iniúchadh a dhéanamh ar ár dtuiscintí faoinár saol.

Tugann T.E. Apter míniú dúinn ar an imeartas seo atá ann idir an réalachas agus an fhantaisíocht is muid féin ag iarraidh tuiscint nua a fháil ar an domhan a cheapaimid a bhfuil eolas againn air: ‘fantasy is essential to the authors various purposes, which must be understood not as an escape from reality but as an investigation of it’ (Apter, 1982:2). Treisíonn an ráiteas seo an nasc atá idir domhan an réalachais agus domhan na fantaisíochta. Caithfear aitheantas a thabhairt do cheann amháin chun gur féidir coincheapú a dhéanamh ar an gceann eile. Nuair a dhéanann an duine iniúchadh ar an réalachas go hoibiachtúil i ndomhan eile na fantaisíochta, bíonn seans níos fearr againn léamh éifeachtach a dhéanamh ar scéal atá os ár gcomhair. Caithimid a bheith in ann smaoineamh ar an tréimhse ama a bhaineann leis is muid ag caint faoi shothar nuálach, áfach. Go nádúrtha, bímid ag iarraidh an fhantaisíocht a idirdhealú ón réalachas chun dhá sheánra a dhéanamh astu. Ní gá a bheith chomh teoranta leis an scríbhneoireacht féin, áfach, agus is cinnte nach mbíonn an Conghaileach. Is minic nach fios cén domhan ina mbíonn cuid mhaith dá chuid carachtar.

Tá éiginnteacht ag baint leis an suíomh in ‘Seacht gCéad Uaireadóir’ agus níl a fhios ag an bpríomhcharachtar cá bhfuil sé féin fiú. Ar an gcuma céanna, níl an siopa féin a thug sé faoi deara lonnaithe in áit bhuan nó oscailte ar an lá céanna gach bliain: ‘ní thiteann an lá áirithe úd ar an dáta céanna chuile bhliain’ (Ó Conghaile, 1997:23). Ní gnáthshiopa áitiúil é seo agus is cinnte nach bhfuil aon taithí mar seo ag an gcarachtar ach an oiread ar shuíomh den chineál seo. Pé scéal é, meallann an neamhchinnteacht an carachtar agus ní sparálann Ó Conghaile na mionsonraí le húsáid na n-aidiachtaí – ‘an doras gíoscánach’, ‘clog stoptha’ agus ‘an doras beag buí’ (Ó Conghaile, 1997: 24). Tar éis an scéal a léamh, tig leat a rá go raibh an siopadóir ag iarraidh duine a mhealladh go dtí an siopa ach ní minic a bhuaileann tú le ‘cruiteachán’ gealgháireach i scéalta osréalaíocha. Mar sin, bíonn éagsúlacht leathan le brath le linn an scéil

sa siopa beag lán d'uaireadóirí de chuile chineál agus siopadóir a chuireann leis an éagsúlacht sna ceisteanna a chuireann sé ar an gcarachtar a thagann isteach.

Sa ghearrscéal 'An Chéad Duine Eile' (*A FP*, 1997), faighimid scéal atá lonnaithe sa bhroinn, rud a fhágann spás cinnte idir an suíomh sin agus an domhan infheicthe fisiciúil. Suíomh réalaíoch atá ann ó thaobh an duine dhaonna, ach ní féidir labhairt go hoscailte mar sin le leanbh sa suíomh sin gan díriú ar shamhlaíocht an duine. Is cosúil in áiteanna, go bhfuil inní ar an máthair is í ag caint lena leanbh atá sábháilte sa bhroinn: 'dá bhféadfá an t-aistear fliuch seo romhat a sheachaint. Stopadh anois. Anseo. Gan dul stróc amháin níos faide' (Ó Conghaile, 1997:113). Tá fios maith aici gur féidir léi an páiste a chosaint mar atá sé nó sí anois. I rith an scéil, míníonn sí a bás dá páiste – gur daoine fisiciúla iad Saol agus Bás agus go roinneann siad chuile dhuine eatarthu. Leis an gcodarsnacht a chruthaíonn an Conghaileach idir sábháilteacht an pháiste sa bhroinn agus an chontúirt a bhaineann leis an saol fisiciúil, tá muid féin infheistithe sa scéal atá curtha os ár gcomhair in áit mhothálach an duine. Dá gcuirfeadh éinne eile isteach ar an suíomh, bhrisfeadh an chothromaíocht sin idir an bheirt. Idir an dá linn, tá an léitheoir curtha os comhair 'Bás' agus 'Saol' a dhéanann iarracht comhsheasmacht an domhain a choimeád cothrom leis an méid daoine atá beo agus marbh. Ní gá féachaint ach ar an suíomh mar dhá scéal a ritheann comhthreomhar lena chéile. Tá an leanbh idir an dá scéal seo agus ní fhéadfaidh sé nó sí fanacht mar sin. Is cosúil, mar sin, go bhfuil an mháthair buartha faoi cé a thógfaidh a leanbh - 'Saol' nó 'Bás' nuair a chuireann sí síos ar na fadhbanna a bhíonn acu.

B'fhéidir go bhfuil an Conghaileach ag iarraidh mearbhall a chur orainn mar chruthaíonn oscailteacht na scéalta fadhbanna dúinn agus muid i mbun léitheoireachta. Scéalta bríomhara atá os ár gcomhair i scéalta Uí Chonghaile ach is minic a bhíonn frustrachas orainn dá mbarr.

Tá sé suimithe go paiteanta ag Máirín Nic Eoin a deir go bhfuil 'Ó Conghaile in ann carachtair agus suíomh éagsúla a áiteamh orainn, ach fós níl in ann mórán adhmaid a bhaint astu'

(NicEoin, 2006:93). Cuireann Nic Eoin síos ar an mearbhall a thagann orainn mar léitheoirí ar

an gcéad léamh dá chuid scéalta. Laistigh de spás fíorbheag, éiríonn leis an gConghaileach dúshlán a chur os ár gcomhair go héifeachtúil, cuir i gcás, in ‘Faoi Scáth Scáile’, ‘Seacht gCéad Uaireadóir’ agus ‘Ar Pinsean sa Leithreas’. In áiteanna eile, tagann an mearbhall i spásanna an ghnáthshaoil réalaíocha, cuir i gcás, ar an mbealach abhaile ó na siopaí (‘Ag Ithe Daoine’), ag éisteacht le duine ar a thriail (‘Mo Rogha Rud a Dhéanamh’) agus féachaint ar fhear a bhog isteach sa leithreas don tsíoraíocht (‘Ar Pinsean sa Leitheas’). Is minic a bhíonn carachtair nádúrtha beo cosúil linne i gceist sna scéalta, rud a tharraingíonn ár n-aird. Ar bhealach, aithnímid muid féin i mothúcháin na gcarachtar-mothúcháin a bhí ceilte ionainn féin, cuir i gcás, an rian den ghalar dubh atá le brath sa ghearrscéal ‘An Fear Gorm’. Ag féachaint ar na carachtair seo, is cosúil go bhfuil siad ag glacadh páirt sa scéal ar ár son agus go mbeidh an t-eispéireas céanna againne. Scéal maol, údarásach is ea an gearrscéal ‘An Fear a Phléasc’. Aithnímid gnáthdhaoine laethúla sna carachtair ‘Jó’ agus an carachtar eile gan ainm. Tosnaíonn an bheirt ag caint faoin easpa measa atá acu ar ealaíontóirí agus ar chúrsaí ealaíne. Dar leo, fear gan phost a bhí ann toisc gur ealaíontóir ab ea é. Is minic a fhaighimid carachtair ar nós an fear a phléasc i scéalta Uí Chonghaile agus is minic a bhíonn siad ag streachailt leis an suíomh ina bhfuil siad lonnaithe. Is i gcaint na beirte a dhéantar magadh faoi iarrachtaí cruthaitheacha. Tá sé íorónta mar go dtarlaíonn an cáineadh seo taobh istigh de mheán cruthaitheach na litríochta. Ar leibhéal níos bunúsaí, feicimid áibhéil agus greann ina gcuid cainte nuair a chuireann siad síos ar an eachtra leis an mbéim ar fad ar na mionsonraí agus gan aitheantas dá laghad do thragóid an scéil.

Teideal agus scéal eile a bhaineann an anáil dinn ná ‘Ar Pinsean sa Leithreas’. Sa ghearrscéal seo, iompaíonn an saol bun os cionn ar bhealach dearfach don fhear a bhog isteach sa leithreas tar éis éirí as a phost sa státseirbhís. Ar an gcéad dul síos, aithnímid cás an fhir bhoicht ar leibhéal praiticiúil agus é cosúil leis an *cliché* a shamhlaítear go minic a bhaineann le bheith ag obair sa státseirbhís. Go gearr ina dhiaidh sin, athraíonn iompar an fhir arís tar éis cinneadh

dothuigthe a dhéanamh nuair a deir sé, ‘táim i mo chónaí sa leithreas leis na cianta anois. Socraithe síos go breá’ (Ó Conghaile, 1997:77). Le linn an scéil, imíonn an fear ó bhrú an tsaol sa leithreas cosúil lena phost agus gnáthchúrsaí an lae, cuir i gcás, smacht an chloig. Cruthaíonn sé domhan a bhfuil sé in ann deileáil leis agus brí a bhaint as agus sin é is dóigh, ceann de na mianta is bunúsaí atá againn ar fad mar dhaoine. Is cosúil gur chruthaigh sé an áit sin, ní hamháin chun faoiseamh a thabhairt dó féin, ach díreach chun teacht slán sa saol: ‘ní fhaigheann daoine bás istigh sa leithreas agus sin sin. Ócé?’ (Ó Conghaile, 1997:82). B’fhéidir go bhfeictear iarracht an duine áit útóipeach a chruthú dó féin in áit dhiostóipeach (a ghnáthshaol). D’fhéadfá a rá nach mbímíd sásta leis an saol atá leagtha amach dúinn ach is orainne a bhíonn an locht chomh maith tar éis an áit dhiostóipeach a chruthú dúinn féin ar an gcuma céanna.

Gné eile a sheasann amach sa scéal ná go bhfuil coimhlint na mothúchán le brath idir an reacaire agus a bhean chéile nach bhfuil an tuiscint is lú aici ar chrá croí a fir chéile: “Ní hionann dul chuig an leithreas agus cónaí istigh ar fad ann”, (Ó Conghaile, 1997: 77) a deir sise go muiníneach, mar a déarfadh aon duine réasúnta, cheapfá. Cuirtear nádúr an duine bun os cionn dúinn ach de réir a chéile, tuigimid an fáth ar imigh sé ón saol. Uaireanta, braitear go bhfuil sé b’fhéidir ag iarraidh a mháirtíreacht fhéin a sheachaint cosúil le gluaiseacht an ama a thagann le gnáthchúrsaí an lae. Leis na carachtair dhaonna a bhíonn sna scéalta, déantar iarracht spotsholas a chur ar fhadhbanna an duine sa ghnáthshaol atá timpeall orainn. I mbun léitheoireachta, nochtáítear ceisteanna ionainn a choimeádann míchompordach chomh maith muid. Leis an taobh mistéireach, sé sin le rá, an leithreas mar ‘locus’ an scéil, tugtar seans don fhear agus dúinne araon féachaint ar an saol atá timpeall orainn agus ceisteanna a chur faoin saol sin diaidh ar ndiaidh le linn an scéil. Aithnímid muid féin ar dtús, ach ansin tá muid míchompordach sa chíorthuathail a chuireann an scéal ar ár súile dúinn. Ag an am céanna,

áfach, tugtar faoiseamh dúinn le leideanna ónar saol féin in áiteanna. Is féidir sólás áirithe a bhaint as an ord a ritheann go himeallach tríd an mí-ord ar fad.

Ag féachaint ar na leideanna a thugan an Conghaileach dúinn ón ngnáthshaol laethúil, is dóigh liomsa nach dtugann cuid de na leideanna sin faoiseamh nó rogha don léitheoir a d(h)earcadh féin a fhorbairt i leith an scéil. Sampla de sin ná an gearrscéal ‘Leabhar na bPeacaí’ ón gcnuasach *An Fear a Phléasc*. Cuirtear cuntas os ár gcomhair de bhean atá ag fáil bháis agus is léir ón gcur síos go bhfaighimid dearcadh fíordhiúltach faoin eaglais. Is féidir linn a bheith cinnte go bhfuil an bhean ag féachaint ar an mbeirt sagart sa scéal mar chruiteacháin atá ag cur isteach uirthi ag an am is measa dá saol: ‘tar éis chomh te agus a bhí a cluasa. Inneall an tsaoil ag fíodmhagadh fúithi.’ (Ó Conghaile 1997:71). Nílím ag rá go gcaithimid aon saghas comhbhá a bheith againn i leith na gcléireach anseo ach ní thugtar seans dúinn é sin a dhéanamh ach oiread. I gcomparáid le carachtair eile, cuir i gcás, an reaire in ‘Mo Rogha Rud a Dhéanamh’, aithnímid gur duine é a bhí ag fulaingt. Mharaigh sé a thuistí ach is féidir linn cómhbhá a léiriú dó agus muid ag fáil tuilleadh eolais faoina chás féin. Chreid sé féin go raibh a bhreith fabhtach mar gur saolaíodh sé de bharr ‘iomrascalla collaí’ (Ó Conghaile, 2003:88). Ag déanamh anailise ar an dímheas atá aige dá shaol féin, is léir gur lena thuistí atá an locht ina intinn féin tar éis é a thabhairt ar an saol i slí ‘mí-oiriúnach’. Bhí nimh san fhuil aige dá thuistí ach tuigimid cad as a dtáinig sé sa scéal sin. Ní fheicimid aon fhulaingt i saol na sagart in ‘Leabhar na bPeacaí’. An rud a fheicimid ná masla i gcaint an tsagairt i leith na mná leochailí: ‘go bhfeice muid cén phurgadóir a bheas i ndán di murab é ifreann dearg dóite féin é’ (Ó Conghaile, 1997:68). Fanann muid sa suíomh ina bhfuil na carachtair, is é sin an seomra codlata, don ghearrscéal iomlán. Cé go gcreideann an sagart in ifreann, is cosúil go bhfuil sé ag magadh faoi chúrsaí spioradáltachta é féin nuair a shíleann sé go mbeidh tionchar ag an mbeirt sagart ar lá cinniúnach na mná. Ón sampla seo, bhí sé cinnte nach mbeadh an rogha aici dul go neamh ar chor ar bith. Tá a fhios againn gur mhéadaigh droch-cháil na hEaglaise Caitliceacha i bhfianaise

na liomáintí faoi ionsaithe gnéis a tháinig chun solais sna naoi déag nóchaidí. I measc na dtuairiscí a bhí ag dul timpeall na meán, bhí tuairiscí ann faoi mhí-úsáid gnéis ar pháistí ó na naoi déag seascaidí ar aghaidh go dtí na naochaidí. Deir an Conghaileach féin nach dtosaíonn sé amach ag cumadh scéal chun a bheith conspóideach d’aon ghnó. Is léir ó na tuairiscí a tháinig amach in Éirinn ó na naoi déag seascaidí ar aghaidh go dtagann an taobh conspóideach sin amach go nádúrtha, áfach.

Leis na gearrscéalta atá nasctha le cúrsaí creidimh, nílimid ag díriú ar an taobh osréalaíoch de scríbhneoireacht Uí Chonghaile go díreach. Baineann suíomh an scéil cosúil le ‘Leabhar na bPeacáí’ leis an domhan iarbhír amháin, ach d’fhéadfá a rá go mbaineann na ceisteanna a nochtáítear ionainn le spioradáltacht an duine. Le linn an scéil, tá fianaise ann a cháineann an chléir agus a thaispeánann don léitheoir nach mbíonn na sagairt chomh glan, naofa is a cheaptar go traidisiúnta. Ag am tábhachtach i saol na seanmhná, bhí an moinsíneoir róthógtha leis an nuachtán agus sonraí suaracha an tsaoil nó go hachomair, le laigeachtaí an duine: “Céard seo! An T.D a phiocann suas striapacha trí oíche sa tseachtain’ (Ó Conghaile, 1997:67). Ardaíonn an scéal ceisteanna faoi údarás na cléire – an bhfuil cead ag éinne a bheith ina sagart nó an fearr a bheith níos déine ar iarrthóirí? An bhfuil deireadh ar nós faoistin dheireanach na mná seo tuillte ag éinne? Is cosúil go bhfuil an obair déanta don léitheoir ar bhealach, níl mórán saoirse againn níos mó a shamhlú faoin eachtra. Tá carachtair dubh agus bán ann, ar thaobh amháin tá an bhean ag fáil bháis ann mar dhuine atá glan le léargas níos cruinne ar an gcléir agus seasann an moinsíneoir agus an sagart cúnta do dhroch-chleachtas na hEaglaise sa lá atá inniu ann. Léiríonn sé íomhá láidir neamhbhalbh de mhóráltacht na cléire. Nílím ag rá nach féidir linn ár dtuairimí féin a thabhairt nó nach bhfuil an scéal in ann ceisteanna a nochtadh ionainn ach tá níos mó smachta agus tionchar ag an gConghaileach ar dhearcadh an léitheora sa scéal seo. Ag tús an scéil, tugtar le fios dúinn go bhfuil an moinsíneoir agus an sagart cúnta mífhreagrach agus tá an méid sin fíor fós ag an deireadh. Leanann na carachtair go loighciúil tríd an bpróiseas

sa tslí is gur féidir leat a bheith chun tosaigh ar an scéal. Nuair a chríochnaíonn an scéal ag deireadh nádúrtha, is éasca do mhéar a chur ar a mbeidh ag teacht tar éis an scéal a léamh. Is léargas é ar theip na hEaglaise mar go bhfuil beirt chomh dúr agus chomh cúngaigeanta leis an mbeirt seo ina sagairt. Tá teachtaireacht dhóchasach ann ar shlí, áfach, nuair a thugtar seans don bhean mí-iompar na sagart a thaispeáint dóibh, ach, ní fhaighimid amach cén tionchar atá ag an bhfoilsíú seo ar na sagairt.

Sa ghearrscéal ‘Caillte i gConamara’ a d’fhoilsigh an Conghaileach níos déanaí, tugtar dearcadh eile dúinn maidir leis an tslí a dtéann an duine ar shlí na fírinne nuair a dhruideann sé níos cóngaraí do dhearcadh daonnachach. Sa scéal, leanaimid le smaointe an phríomhcharachtair agus é ar ais in áit ar thug sé cuairt air le seanfhear a bhí ag druidim chun deireadh a shaoil. Bíonn sé ag iarraidh an seanfhear a cailleadh a fheiceáil in eilimintí a bhaineann le timpeallacht nádúrtha an cheantair: ‘bím ag iarraidh a aghaidh a fheiceáil sa bhfraoch, i ndathanna na mbláthanna...’ (Ó Conghaile, 2003:17). Sa scéal seo, táimid i réigiún cinnte tíreolaíoch má ghlacaimid leis go bhfuilimid i gConamara, Gaeltacht in iarthar na tíre. Agus mé i mbun cainte leis an gConghaileach faoi chúrsaí aistriúcháin, deir sé go bhfuil dhá shaghas míniú ar an bhfocal ‘caillte’ sa Ghaeilge a fhreagraíonn do ‘lost’ nó ‘dead’ as Béarla.

Don léitheoir mar sin, caithimid cinneadh a dhéanamh sula leanaimid ar aghaidh leis an scéal agus ansin, tá rogha agat an scéal a léamh arís leis an gciall eile den fhocal ar chúl do chinn. Buaileann an léitheoir le crosbhóthar sa scéal seo seachas fanacht ar bhóthar amháin cosúil le ‘Leabhar na bPeacaí’. Scéal le meon fealsúnach is ea é a thugann línte láidre dúinn a dhéanann trácht ar dhearcadh an duine faoin saol: ‘breith ar an nóiméad, a deireadh sé, agus gan ligean dóibh breith ort’ (Ó Conghaile, 2003:12). Ón stíl chainte seo sa scéal, is cosúil go leagtar fealsúnacht an duine amach romhainn agus gur meafar é Conamara do thuras an duine dhaonna trí dhúlra a áite dúchais. I gConamara, tá rud ann a thugann aitheantas don duine (na cuimhní

atá aige is é ina ghasúr beag) agus áit a thugann faoiseamh don léitheoir ceisteanna a phlé leis féin. Sa ghearrscéal, an rud a sheasann amach ón tús is ea na logainmneacha ‘Carraig an Aifrinn’ ‘bóthar Ard an Bhaile’ agus tagairtí don stair nuair a luaitear an cosc a bhíodh ar Chaitlicigh a gcreideamh a chleachtadh. Ag léamh tríd an scéal, tá rian den tréadachas le feiceáil sna hÍomhánna den Ghaeltacht a chuirtear os ár gcomhair: ‘na clocha glasa aonaracha’, ‘na locha scáthánacha...nó éanacha an aeir deoch a mbeo astu’ (Ó Conghaile, 2003:15). Tá cúrsaí spioradáltachta agus fealsúnachta le fáil sa scéal trí smaointe an reacaire a thugann seans dúinn muid a chur ag smaoinreamh faoinár ndearcthaí féin i leith an bháis.

Gearrscéal eile ó pheann Uí Chonghaile a dhéanann iniúchadh ar bheatha an duine ná ‘An Teachtaireacht’. Le linn an ghearrscéil, smaoiníonn an reacaire ar mhairtíreacht an duine ag sochraid a chara. Tá forbairt déanta ag an gConghaileach ar an tslí a ndéanann daoine iarracht tuiscint a fháil ar a máirtíreacht féin. Sa ghearrscéal ‘Cailte i gConamara’ breathnaítear ar an mbás mar ghnás an tsaol a bhaineann le timthriall na beatha. Gné spioradálta, fhealsúnach de shaol an duine é. Nuair a labhraíonn an reacaire leis na réalta san aer is cosúil go bhfuil Bandéithe na Ciniúnna ag breathnú air ina chorp marfach agus ag pleanáil saol eile dó tar éis a bháis féin. Ar an gcaoi chéanna, tá forbairt mhaith déanta aige ar an tslí a gcuireann sé dearcadh an duine i leith a b(h)áis os ár gcomhair chomh maith leis an staid leochaileach ina bhfuil an saol féin. Stopann an reacaire in áiteanna ó am go ham agus tá cuimhne mhaith aige air féin mar pháiste óg timpeall na háite. Má ghlactar leis gurb ionann a bheith cailte agus a bheith marbh, d’fhéadfá a rá go bhfuil cineál áiféala nó eagla ar an reacaire agus go seasann Conamara do phurgadóir don reacaire sa tslí is go bhfuil sé idir bás agus saol an duine: ‘gan mé cinnte ar feadh meandair cá raibh mé’ (Ó Conghaile, 2003:20). Tá grian san áit ach is grian aonrach í, tá easpa codlata ar an reacaire, leanann sé ar aghaidh ag siúl is ag siúl agus is leis na codarsnachtaí sin a thugtar le fios dúinn nach bhfuil áilleacht na háite in ann gné mhíchompordach na háite a chlúdach. An é nach raibh seans ag an reacaire dul i ngleic le níos mó ina shaol? Luann sé

‘samhail an sprionga’ a thaitníonn leis. Nach ligfeadh an sprionga ort go bhfuil tú saor ‘chun na spéartha’ (Ó Conghaile 2003:12) ar dtús, ach, nach dtiocfá ar ais go dtí an talamh nuair a éiríonn leis an sprionga dul go dtí teorainn a airde? D’fhéadfá a rá nach bhfuil an reacaire in ann an áit atá ag teastáil as a spiorad a shroicheadh agus go bhfuil teorainn i gceist leis an áit dá anam chomh mhaith.

Ag tabhairt sracfhéachaint ar a chnuasach gearrscéalta nua, *Diabhlaíocht Dé* (2015), labhair sé liom faoi athinsint ar scéal bíobalta darb ainm ‘Lá Eile Lazarus’ ina bhfuil casadh ar an leagan traidisiúnta atá ar eolas againn. Tar éis teacht ar ais ar an saol, éiríonn sé soiléir nach raibh fonn ar Lazarus a bheith beo arís. Is cosúil, mar sin, go bhfuil sé ag fanacht leis na heilimintí a nasctar le seánra na fantaisíochta sa tslí is go gcuirtear gnéithe den scéal bun os cionn don léitheoir. In intinn léirmheastóirí údarásacha na litríochta Gaeilge cosúil le hAlan Titley agus Máirín Nic Eoin, tá rud éigin difriúil ar bun ag an scríbhneoir seo agus ba é sin mana an scríbhneora féin ón tús: ‘bhí mé ag iarraidh rud eicint nua, difriúil a scríobh’ (Ó Conghaile, 2014). Is scríbhneoir é a fhéachann ar an saol agus a chruthaíonn anord ann a chuireann mearbhall orainn ach a thugann deis dúinn eolas nó léargas níos cruinne a fháil ar an saol atá timpeall orainn in áit atá bunaithe i ndomhan eile na fantaisíochta, nó le casadh éigin ar an domhan iarbhír. Tá an Conghaileach den tuairim gur leis an léitheoir an scéal ar deireadh. Is éard a chreideann léirmheastóirí cosúil le hAlan Titley ná go n-éiríonn leis an gConghaileach rud difriúil a chur os ár gcomhair. D’fhéadfá a áiteamh go caithfear aitheantas a thabhairt do scéalta Uí Chonghaile mar scéalta nuálaíocht toisc go scríobhann sé don aonú haois is fiche ach cuireann sé áit ar fáil d’úsáid tréithe an bhéaloidis agus síscéalta idirnáisiúnta a bhaineann le ré eile freisin.

Is ceann de na cúiseanna é seo a bhfuil sé deacair a rá cén seánra ina dtiteann na gearrscéalta ar shlí. Ní gá teorainn a chur le suíomh scéil. Le linn na scéalta, feictear imeachtaí dochreidte – aiséirí an duine ag a shochraid féin, Saol agus Bás ina ndaoine ‘beo’ agus duine a bhog isteach sa leithreas ar feadh a shíoraíochta. Tarlaíonn na scéalta i ndomhan a aithníonn an duine daonna, ach athraíonn an Conghaileach an tslí a bhféachaimid ar ghnáthchúrsaí an lae nuair a chuirtear eilimintí den fhantaisíocht isteach ann. Amanta i ngearrscéalta Uí Chonghaile, faighimid téamaí cosúil le creideamh, téama a bhfuil cleachtadh againn air i litríocht an domhain, cuir i gcás, agus duine ag smaoineamh faoina mháirtíreacht féin ag deireadh a shaoil. É sin ráite, is scríbhneoir é a chasann bunrialacha an tsaoil bun os cionn i scéalta eile.

I gcomhthéacs na ngnéithe a luaigh mé faoi nuálaíocht Uí Chonghaile, ní foláir aitheantas a thabhairt don tslí nuálach, cruthaitheach a chumann sé na carachtair féin ina chuid gearrscéalta. Is sa charachtracht a dhéantar ionadaíocht ar staid agus ar mhothúcháin an duine dhaonna, agus is spéis linne, na léitheoirí daonna, tuilleadh a fháil amach faoi sin. Má ghlactar leis gur féidir le leideanna ónár saol nasc a thabhairt dúinn le scéal agus muid i mbun léitheoireachta, nach féidir a rá go mbíonn nasc éigin idir an léitheoir agus carachtair na scéalta? I mbun léitheoireachta, d’fhéadfá a rá go mbímí ag iarraidh muid féin a aithint sna carachtair chomh maith leis na suíomhanna ina mbíonn na gearrscéalta lonnaithe. Trí na suíomhanna éagsúla a chruthaíonn an Conghaileach, tuigimid nach ‘comfort –zone’ é an saol réalaíoch, mar a deir sé féin agus is amhail go taithí lasmuigh d’áit chompordach an duine atá i ndán don léitheoir ó thaobh cúrsaí carachtrachta de. Ba mhaith liom sa chéad caibidil eile féachaint ar fhorbairt agus éifeacht na carachtrachta i ngearrscéalta Uí Chonghaile agus an tionchar a bhíonn ag an gcarachtracht ar eispéaras an léitheora.

Caibidil a Trí

Carachtair agus an Charachtracht i nGearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile

Fear a bhog isteach sa leithreas, duine a itheann daoine eile, duine a tháinig ar ais ar an saol dá shochraid féin agus fear a phléasc i lár na cathrach – seo roinnt de na carachtair a mbuaileann an léitheoir leo i ngearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile. Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar shuíomhanna na ngearrscéalta i gcomhthéacs na nuálaíochta, caithfear a fháil amach an bhfuil aon tionchar ag an gcarachtracht i scéalta Uí Chonghaile ar an léitheoir? Cén solas a thugann an charachtracht dúinn ar an scéal ina iomláine? Ar dtús, chun tuiscint níos fearr a fháil ar ról na carachtrachta i scéalta Uí Chonghaile, caithfear féachaint ar choincheap na carachtrachta ar bhonn níos ginearálta sa litríocht chruthaitheach. Baineann an cur síos is coitianta ar an bhfocal ‘carachtracht’ le cur síos ar dhuine, mothúcháin an duine nó athláithriú ar charachtar trí fhocail.

Ní daoine fisiciúla amháin a bhíonn os comhair an léitheora. Tá gnéithe den chur síos seo ar fáil i gcarachtair éagsúla trí pheann Uí Chonghaile nuair a dhéanann an Conghaileach pearsantú ar rudaí cosúil le stáisiún traenach agus scáil an duine, mar shampla. Ag féachaint ar ghearrscéalta na Gaeilge, deir Nic Dhonnchadha agus Denvir go mbaineann an scéalaíocht le nádúr an duine agus gur in óige an duine a thosaíonn sí :

Seans beag gur duine againn nach scéilín de short éigin an chuimhne liteartha is faide siar i sliogán ár samhlaíochta – an tuismitheoir grámhar ár gcur a chodladh oíche gheimhridh agus an fhainic i dtaobh fanacht faoin bpluid á ríomh le fógra go raibh Seáinín Seaca amuigh...

(Denvir agus Nic Dhonnchadha, 2000: 7).

Tar éis taithí a fháil leis an scéalaíocht ónár gcéad chuimhní, caithfidh gur bealach isteach dúchasach í i staid intinne an duine dhaonna chun tuiscint níos fearr a fháil ar ár mothúcháin. Ní hionadh, mar sin, go dtugann an ghearrscéalaíocht mionchuntas ar an duine trí na carachtair sna scéalta. I gcás Uí Chonghaile, daoine fisiciúla, bitheolaíochta cosúil linne is ea na carachtair cosúil leis na samplaí ar thosaigh mé leo. Amanta eile, áfach, rudaí is ea iad a dtugann an

Conghaileach tréithe an duine dóibh, cuir i gcás, scáil an duine nó coincheapa teibí cosúil le ‘Bás’ agus ‘Saol’.

Cur síos eile atá ar an téarma liteartha ‘carachtracht’ ná forbairt na gcarachtar tríd an scéal.

Fásann coincheap na carachtrachta do léitheoirí trí scéal éigin toisc go mbímid ag lorg nasc éigin (ní hamháin le suíomhanna mar a luaigh mé i gCaibidil a Dó) ach le cainteoir éigin bíodh duine, típeanna nó mothúcháin i gceist leo. Tugann an characteracht slí eile dúinn dul i ngleic le scéal. Leis sin, d’fhéadfá smaoineamh ar céard a cheapann muid faoi eachtraí an scéil tríd an eolas a fhaighimid ón gcarachtar. Is minic a smaoinímid ar cheisteanna i mbun léitheoireachta i dtéarmaí na gcarachtar, cuir i gcás, céard a bhí ag rith trí intinn an charachtair nuair a tharla eachtra éigin? An mbraithimis mar sin dá dtarlódh an rud céanna dúinn féin? I gcás an ghearrscéil, ‘Ag Ithe Daoine’, is iomaí ceist a rithfeadh leis an léitheoir cosúil leis an gcúis ar fhan an príomhcharachtar ag caint leis an bhfear ar an mbóthar nuair a bhí iompar chomh aisteach sin aige? Cruthaíonn an t-údar carachtar chun go ndéanfaimis iniúchadh ar dhuine nó neach éigin atá cosúil linn nó difriúil linn. Ina dhiaidh sin, is féidir leis an léitheoir smaoineamh ar an gcarachtar sin i gcomparáid leo féin. (Cohen agus Cixous 1974:385). Liónann na carachtair nasc a bhíonn idir an scéal agus an léitheoir a chabhraíonn leis an léitheoir tuiscint níos fearr a fháil ar an scéal. Áitíonn Cohen agus Cixous freisin go bhfágfaí an léitheoir cailte gan carachtar chun labhairt leo nuair a deir siad: ‘the reader is loath to venture into a place where there is no mirror, to go forth, so to speak, onto ground that is still virgin and perhaps even nonhuman (1974:387). Sa tslí sin, caithfear a rá go bhfuil cumhacht ar leith ag an gcarachtar an léitheoir a mhealladh chun na heachtraí a thiteann amach sa scéal a chreidiúint.

Ar dtús, caithimid a fháil amach céard iad na bealaí chun carachtar a chur os ár gcomhair chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcumarsáid, más ann di, a bhíonn idir an léitheoir agus na

carachtair. Is féidir forbairt na gcarachtar a fheiceáil in dhá ghrúpa, na carachtair a chruthaíonn an t-údar ina luann sé tréithe leo, cuir i gcás, sraith aidiachtaí agus na tréithe a thugaimid faoi deara linn féin i mbun léitheoireachta. An fhadhb is mó i gcoibhneas leis an téarma ‘carachtracht’, mar sin, ná go bhfuil dhá ghrúpa ann, sé sin le rá, an charachtaracht dhíreach agus an charachtacht indíreach. An míniú a thugtar ar an gcarachtracht dhíreach ná nuair a insíonn an t-údar dúinn cén saghas carachtair atá os ár gcomhair mar a fheictear le scéalta Uí

Chonghaile cosúil leis an gcur síos a fhaighimid ar Scáil a bhí ‘ina aingeal dílis coimhdeachta’ (Ó Conghaile, 1997:53). Bíonn an charachtaracht indíreach i gceist le carachtar nach dtugann an reacaire eolas amach go díreach fúthu. Is éard atá sa charachtaracht indíreach ná pé rud a phiocann an léitheoir suas faoin gcarachtar i mbun léitheoireachta, dá bhrí sin, tá an míniú a thugtar don charachtaracht indíreach thar a bheith scaoilte agus athraíonn sé ó léitheoir go léitheoir. Sa ghearrscéal ‘An Fear a Phléasc’ tig leat féachaint ar an bpríomhcharachtar gan ainm mar dhuine atá coimeádach, cúngaigeanta nuair a thugtar le fios nach bhfuil meas muice aige ar an ealaín nó ar cheird na healaíne: ‘Piss artists...Sea, a Jó, bhain tú as mo bhéal é. Piss artists.’ (Ó Conghaile, 1997:13). Fadhb amháin a luann Ross (1976) leis an gcarachtracht ná an dualgas a bhíonn ar an léitheoir fáil amach cé leis smaointe na dtagairtí indíreacha nuair a bhíonn an scéal scríofa sa tríú pearsa:

The problem of attributing the unquoted mental activity and sensing verbs is more complicated in third-person stories and novels. In first-person narratives all unquoted words must be attributed to the dramatized narrator, and it does not matter if she be the central character...or somewhat peripheral.

(1976: 1226)

Dá mbeadh reacaire an scéil páirteach sa scéal, d’fhéadfadh sé a rá céard atá ag tarlú mar is léir in ‘Seacht gCéad Uaireadóir’ ina labhraíonn an príomhcharachtar linn mar reacaire an scéil. An chéad radharc a fheiceann an léitheoir ná cur síos ón reacaire féin ar shiopa sa chathair: ‘ní raibh san fhuinneog dhorcha ach clog mór den seandéanamh, é stoptha’ (Ó Conghaile,

1997:24). Nuair a bhíonn guth eile ann gan ainm ag féachaint ar an suíomh, áfach, táimid ag déileáil leis an reacaire uilefheasach nó an reacaire sa tríú pearsa.

Sa dioscúrsa liteartha, glactar leis go bhfuil reacaire uilefheasach in ann féachaint ar an suíomh le dearcadh neamhspleách ó na carachtair ar fad atá páirteach i suíomh an scéil. Deir Ross gur féidir linn tagairtí soiléire a fháil ón reacaire a chuireann fráma ar eachtraí agus go bhféadfadh na reacairí míniú a thabhairt dúinn ar an bhfáth a mbíonn carachtair eile á n-iompar féin mar a bhíonn. (1976:1223). Is féidir a rá, mar sin, ag an leibhéal is bunúsaí, gur foinse eolais na reacairí. Ní gá dúinn glacadh leis go mbíonn gach rud a thiteann amach sa scéal ar eolas ag an reacaire uilefheasach, áfach. Baineann an reacaire uilefheasach teoranta seo le guth uilefheasach an scéil a leanann díreach carachtar amháin agus a fhéachann ar an suíomh i dtéarmaí an charachtair sin. Tá an dá shaghas reacaireachta sin ag rith trí ghearrscéalta Uí Chonghaile. An ról a bhí ag an reacaire go traidisiúnta ná treoir agus eolas a thabhairt (Dawson 2009:156) ach ag féachaint ar na reacairí a chruthaigh an Conghaileach, ní fhéadfaimis brath ar an reacaire uilefheasach fiú chun an fhírinne a thabhairt dúinn i gcónaí, go háirithe sa chéad phearsa. Go deimhin, b'fhéidir gurb iad na scéalta ina mbíonn reacairí sa chéad phearsa na cinn is mó a mbíonn mearbhall ar an léitheoir ina leith .i. 'Seacht gCéad Uaireadóir' agus 'Faoi Scáth Scáile'.

Is os comhair an tsuímh a sheasann guth an reacaire sa scéal 'Bualadh an Bháis' ach is i dtéarmaí an phríomhcharachtair, Éamann, a thuigeann an guth seo an scéal. Féach ar na difríochtaí atá sna samplaí seo: 'nár mhór an peaca dom fanacht marbh sa gcónra cláir seo oiread agus nóiméidín amháin eile, a smaoinigh Éamann. Ní bheadh sé ceart, cóir na cineálta'. (Ó Conghaile, 1997:133). Anseo, ní thagann na smaointe seo díreach as béal Éamainn. Déanann an reacaire uilefheasach anseo achoimre ar smaointe Éamainn. Tabhair faoi deara anseo go bhfuil reacaire uilefheasach againn ach tá sé teoranta sa tslí is nach bhfeiceann sé céard atá ag tarlú ach ó thaobh Éamainn amháin. Tá contráthacht ann idir an reacaire

uilefheasach a bhfuil gach léargas aige agus an reacaire uilefheasach atá teoranta ansin nuair a thugann lucht na sochraide níos mó eolais nach raibh ag an reacaire faoi charachtar Éamainn trína gcuid cainte is iad ag iarraidh é a mhaslú: ‘bréagadóir ab ea é. Dearbhréagadóir. Ag ligean air go raibh sé caillte. Ag cur dallamullóige ar dhaoine. Ag iarraidh aird a tharraingt air fhéin. Seó. Seó bóthair’. (Ó Conghaile 1997:136). Ní ag an reacaire a bhí na sonraí seo ach ag charachtar éigin i láthair na heachtra. Anseo, imíonn an reacaire uilefheasach ar feadh tamaill agus éistimid le hóráidí lucht na sochraide. Is cosúil go seasann an reacaire siar chun an taobh eile den scéal a fháil ó na carachtair imeallacha nach bhfuil sásta leis go bhfuil sé beo tar éis an aiséirí. Ainmnítear na carachtair i dtéarmaí na bpostanna atá acu don chuid is mó agus ní fhaighimid smaointe inmheánacha na ndaoine eile tríd an scéal. D’fhéadfaimis iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag an reacaire uilefheasach sna gearrscéalta ar an léitheoir – an treoraithe iad? An féidir linn glacadh leis an méid a bhíonn á rá acu? D’fhéadfá a rá go mbíonn codarsnachtaí sa mhéid a bhíonn á rá ag reacaire sa chéad phearsa cosúil le ‘Ar Pinsean sa Leithreas’ toisc go bhfaighimid dearcadh aontaobhach ón bpríomhcharachtar. An féidir linn muinín a bheith againn as pé rud a bhíonn á rá ag fear a bhog é féin isteach sa leithreas? Amanta eile, ní foláir a lua go dtaispeánann an Conghaileach reacaírí uilefheasacha dúinn a bhíonn ag magadh faoin bpríomhcharachtar. Ag féachaint ar ‘Bualadh an Bháis’ arís, ná bhféadfá a áiteamh gur ag magadh faoi Éamainn atá an reacaire seachas a bheith báúil leis?

Ar ndóigh is ó chaint an reacaire a fhaighimid amach cén saghas duine iad na carachtair eile sa scéal féin. Braitheann an saghas pearsantachta a bhíonn i gceist leis an reacaire uilefheasach ar an léamh a dhéanann an léitheoir ar na scéalta chomh maith. Meabhraíonn roinnt scéalta dúinn nach gá gur duine a bheadh ann cé gur gníomh daonna is ea an smaointeoireacht. Is féidir a rá b’fhéidir gur bealach isteach i staid intinne phríobháideach an charachtair é nuair a chuirtear a shruth smaointeoireachta inár láthair, cuir i gcás, an dearcadh atá ag an gcarachtar

faoina bhás féin in ‘Gabh i Leith a Mhéit’. Sa ghearrscéal sin, tá cuma níos pearsanta ar an scéal mar go gcreideann muid gur leis an bpríomhcharachtar an guth. I mbun léitheoireachta, bíonn orainn a bheith cúramach faoi ghuth an reaire uilefheasaigh, áfach. Tarraingíonn an léirmheastóir Culler aird ar an dáinséar atá ann a bheith faoi thionchar an reaire nuair a luann sé na cineálacha suíomhanna a dtaispeántar ina bhfuil reaire uilefheasach. Is éard atá ráite aige ná go bhfeicimid ‘the reporting of [a] character’s private thoughts’ (Culler 2004:23-35).

Tá an ‘tuairisciú’ lárnach sa smaointeoireacht sin dar le Culler. Tá sé deacair, mar sin, breithiúnas cruinn a dhéanamh ar scéal muna bhfuil léargas oibiachtúil os ár gcomhair. Dá luaithe is a thugtar seilbh do smaointe, glacaimid leis gur ó dhearcadh duine eile iad. Is é sin le rá, ní gá dúinn anailís a dhéanamh ar an gcumarsáid idir na carachtair linn féin chun a bheith saor ó dhearcadh an reaire uilefheasaigh a insíonn an scéal dúinn. Nuair a léann tú smaointe indíreacha na gcarachtar i scéal tríd an reaire uilefheasach, an féidir linn glacadh leis gur tharla eachtraí an scéil mar atá tuairiscithe agus gur bhraith na carachtair eile mar sin? Níl seans againn dul isteach in intinn na gcarachtar atá páirteach sa scéal nuair a thugann an reaire uilefheasach tuairisc ar ais dúinn. An féidir le guth an reaire an fhírinne a thabhairt dúinn? Nó an é an reaire uilefheasach an t-aon duine atá in ann cur síos oibiachtúil a thabhairt dúinn ar eachtra an scéil? Má bhímid ag iarraidh fáil amach cén saghas carachtair atá againn sna reairí uilefheasacha, beidh orainn a bheith oscailte faoin saghas láithreachta atá ag an reaire uilefheasach. An gá dúinn glacadh leis gur guth an duine daonna atá againn? Meabhraíonn roinnt de scéalta Mhichíl Uí Chonghaile nach gá.

Is díol suntais i gcás an fhocail ‘carachtar’ féin nach gá gur duine daonna atá ann ar chor ar bith. Is minic a ghlacaimid leis go bhfuil an reaire ag caint linn ina dhuine daonna mar go bhfuil sé ag caint go díreach linn. Gníomhaithe is ea na carachtair a dhéanann gníomhaíochtaí

sa ‘fabula’¹³, (Mieke, 1997:5). É sin ráite, caithfidh gné dhaonna bheo éigin a bheith ag carachtair chun gur féidir smaointeoireacht a lua leo, cuir i gcás, an fear a bhuaile le fear a itheann daoine eile ar an mbóthar sa scéal ‘Ag Ithe Daoine’. Ag léamh trí na scéalta, glacaimid leis nach gá don reacaire nó na carachtair eile a bheith ina ndaoine cosúil linne mar sin agus ar shlí, chabhródh an dearcadh sin linn is muid ag déanamh iniúchadh ar ghearrscéalta Uí Chonghaile. Leis an éiginnteacht a bhíonn sna scéalta, ní bhímid cinnte an daoine nó típeanna atá ag labhairt linn. Más féidir linn a rá gur daoine atá os ár gcomhair, is cosúil go bhfuil siad ag ligint orthu gur daoine cosúil linne atá iontu. Is minic sna gearrscéalta a bhíonn an reacaire gafa le rud éigin, cuir i gcás, an reacaire in ‘Mo Rogha Rud a Dhéanamh’ a bhí ciontach as dúnmharú a thuistí. Anseo, duine paranóideach atá ann ach, atá diongmháilte faoina neamhurchóideacht ag an am céanna is é ag caint leis an mbreitheamh faoin eachtra:

“Ní fhéadfá tuismitheoirí a thabhairt orthu sin,” a deirimse.

“Ní hin é an chaoi le labhairt i gcúirt,” a dúirt an breitheamh, cruas ag fiuchadh ina ghlór.

“Sin é an t-aon chaoi le labhairt faoi na tuismitheoirí úd.”

“Fiafraím díot aríst, uair amháin eile. An bhfuil tú ciontach?”

“Ciontach as a bheith beo?” a deirimse. “Táim más in coir, táim. Táim a bhreithimh. Agus is iad an bheirt úd ar labhairt tú orthu is ciontaí as an gcoir sin freisin, má ghlacann muid leis gur coir í”

(Ó Conghaile 2003:87).

Ón sliocht seo, is léir nach gcreideann sé fós fiú gur duine ciontach é as dúnmharú a thuistí agus an fhianaise ar fad ag dul ina aghaidh. Carachtar paranóideach atá againn chomh maith sa tslí is go labhraíonn sé amach os ard agus ina intinn féin nár tharla aon rud a bhris an dlí. An bhfuil carachtar againn anseo atá curtha i suíomh smachtaithe, eagraithe na cúirte (áit ina gcaomhnaítear cearta an duine dhaonna) ag streachailt leis an míniú a thógann an duine daonna as an bhfocal ‘ceart’? Is anseo a thaispeántar áibhéil i gcaint an reacaire nuair a bhí an fear ag

¹³ Ciallaíonn an focal ‘fabula’ loighic na n-eachtraí nó ‘logic of events’. (Mieke B. 1997:5)

iarraidh ‘a rogha rud a dhéanamh’. Ach, sa domhan iarbhír ní hé sin an chaoi a bhfeidhmíonn an tsochaí agus ní féidir linn a rá go bhfuil saoirse ‘iomlán’ ag duine ar bith.

Gearrscéal amháin ó pheann Uí Chonghaile a thugann sampla dúinn den éagsúlacht sna tréithe a bhaineann le reacairí ina chuid scéalta ná ‘Faoi Scáth Scáile’. Pléitear, níos faide, ann na típeanna a chruthaítear le coincheap na carachtrachta sa scéal sin ach, faoi láthair is féidir glacadh leis gur ón domhan iarbhír, mar a thuigimid é, atá an reacaire sa scéal seo. Ar an gcéad dul síos, tá téama ann a bhaineann le cúrsaí caidrimh an duine dhaonna is muid ag éisteacht le reacaire ag caint faoi na deacrachtaí a tháinig idir é agus a scáil. Tréith amháin a bhaineann leis an reacaire seo a fheicimid arís is arís i gcarachtair Uí Chonghaile ná gur carachtar paranóideach é. Is sa chéad phearsa a scríobhtar an scéal agus, sa tslí sin, is trí thuiscint an príomhcharachtair ar na heachtraí a thit amach a chuirtear an scéal i láthair an léitheora.

Leanann áibhéil trí chaint an reacaire agus é ag dul thar fóir sna haidiachtaí a nasctar le mothúcháin an duine cosúil le ‘gealgháireach’, ‘cneasta’ agus ‘imníoch’ a fhorbraíonn carachtar an scéil agus an caidreamh atá againn leis. Díreach nuair a smaoiníonn sé ar Scáil ar dtús, is duine cneasta é cé go bhfuil sé scartha ón reacaire. Tá cuma ar an suíomh go bhfuil an reacaire ag iarraidh scáil a shásamh ar eagla go bhfuil sé ag éisteacht leis nó léi. Is cosúil in áiteanna fiú go bhfuil an reacaire ag éirí níos aibí agus níos freagraí i mbun cainte leis an léitheoir:

Ormsa atá an locht ar fad, is dóigh? Níor thuig mé ceart ag an am é. Nó níor lig mé dom féin é a thuiscint ba chuirte dom a rá. Ag breathnú siar anois air, nár léir don dall go raibh a phearsantacht saoil féin ag mo scáileasa – gur Scáil é scáile.

(Ó Conghaile 1997: 55).

Anseo, faigheann an léitheoir briseadh beag ón ngalar a bhaineann le pearsantacht an reacaire.

Don léitheoir atá ag iarraidh dul i ngleic leis an scéal, tugtar le fios dúinn anseo go bhfuil an

reacaire seo in ann a phearsantacht fhéin a athrú, is é sin le rá, tig leis an gcarachtar seo foghlaim óna chuid botún agus teacht in inmhe. Ar an gcuma chéanna, bíonn deis ag an léitheoir dul i ngleic le smaointe an reacaire toisc go bhfuil Scáil in easnamh don chuid is mó tríd an scéal. Ní fhéadfadh an scáil labhairt linn sa scéal ar aon nós cé go gcreideann an príomhcharachtar go labhraíonn sé leis féin. É sin ráite, tugann an pearsantú a dhéantar ar scáil an duine seans dúinn dul i ngleic leis na mothúcháin atá ag an bpríomhcharachtar. Tar éis Scáil a chailliúint, bhí an reacaire féin cailte gan gné dá s(h)aol a bhí nasctha leis/léi óna céad chuimhní.

Ag féachaint ar stair na litríochta ó shaothair na Gréige go dtí litríocht chomhaimseartha an lae inniu, rith aircitíopa an laoch trí litríocht an domhain chomh luath is a thosigh daoine ag insint scéalta. B'fhéidir fiú go bhfuil rian den laochas le brath ar an dearcadh atá ag an reacaire i leith 'Scáil' sa scéal 'Faoi Scáth Scáile' Ní gá ach féachaint ar fhinscéalta na hÉireann ina reictear mórghaiscí Fhinn Mhic Cumhaill nó Chúchulainn chun léargas díreach ar an laochas, áfach. a fháil. Míniú amháin a thugann an léirmheastóir Boyesen ar an laoch ná an fear a mhaireann ar leibhéal níos airde ná éinne eile. Rí, ceann fine nó dia is ea é a spreagann féidearthachtaí gaisciúla i ndaoine eile lena chumhacht, a chumas agus a áilleacht fhisiciúil nó mórálta (1889:595). Sa lá atá inniu ann, ní minic a fheictear tréithe an laoch a nasctar leis na scéalta Artúraíochta, is é sin le rá, ní gá a bheith ag súil le ridirí go díreach i scéal chun laoch a aimsiú. Níos minice áfach, feicimid carachtair sa litríocht nua-aimseartha atá ar an imeall, is é sin le rá, ní daoine maithe nó daoine olca iad. Mar sin, ní gá go mbeidís chomh glan le ridire chun a bheith ina laoch. An rud a bhíonn le feiceáil go rialta sa litríocht nua-aimseartha ná scéal 'through the eyes of a very ordinary "little man"' (Edwards agus Mendlesohn, 2012:45). Le gearrscéalta Uí Chonghaile mar sin, is deacair an ní é an téarma 'laoch' a bhronnadh ar na carachtair a mbuailimid leo sna scéalta ó thaobh tréithe de ach is cinnte go bhfeicimid gnáthdhaoine i ngearrscéalta Uí Chonghaile.

An téarma is cruinne d'iarrachtaí gaiscíocha a thagann chun tosaigh sna gearrscéalta ná b'fhéidir 'frithlaoch' in ionad 'laoch'. Is ionann an téarma 'frithlaoch' agus ainm a thugtar do charachtair nach dtaispeánann tréithe a bhaineann le laoch traidisiúnta, cuir i gcás, misneach nó gaisce. D'fhéadfá a rá go n-éiríonn le cuid de na carachtair misneach a thaispeáint leis an seasamh a thógann siad in aghaidh cúiseanna nach n-aontaíonn siad leo ach ní bhaineann na tréithe a thugtar dóibh le loach *per se*. Ag tabhairt sracfhéachaint ar an ngearrscéal 'Ag Ithe Daoine', éiríonn eachtraí an scéil míchompordach don phríomhcharachtar agus dúinne is muid ag breathnú ar fhear atá ag déanamh cumarsáide le fear atá, chomh fada is a thuigimid, as a mheabhair. Seachas imeacht ón suíomh agus dul abhaile, labhraíonn sé leis an bhfear a itheann daoine eile agus faighimid amach óna chuid cainte agus na ceisteanna a chuireann sé ar an bhfear gur duine réasúnta séimh é. Nuair a deir an fear: "Ithimse chuile shórt beo" ní deir an príomhcharachtar ach "By dad, is cosúil go n-itheann," (Ó Conghaile, 2003:31). Is laoch é ar shlí ach tugtar le fios óna chuid cainte gur duine mífhreagrach é chomh maith. Dá mbeadh sé sásta a chuid freagrachtaí atá sa bhaile aige a thréigint, tugann sé le fios nach duine macánta é ina shaol féin. Mar scéal, ní tharlaíonn mórán seachas beirt ag caint ar an mbóthar lá amháin. B'fhéidir nach bhfuil an scéal ag insint mórán dúinn ar an iomlán ach tig linn a rá go bhfaighimid laoch as an ngnách nuair a thugtar faoi deara gur fhan sé nuair a bhí trioblóid ann seachas leanúint abhaile go dtí a chlann. Is ábhar machnaimh don léitheoir go gceapann sé go bhfuil cead ag an bhfear é a ithe ar mhaithe le go sábhálfadh sé duine eile cosúil lena pháistí b'fhéidir.

I gcuid de na príomhcharachtair, feicimid daoine nach mbíonn tréithe misniúla acu ach bíonn siad curtha i suíomh a chuireann iachall orthu seasamh in áit an ghaiscígh. Frithlaoch a bhíonn os comhair an léitheora mar sin in ionad duine a nasctar le tréithe an laoch thraidisiúnta. Ag déanamh anailíse ar an bhfrithloach i gcúrsaí litríochta, déanann an léirmheastóir Brombert (1999) trácht ar threascairt na gcarachtar a chruthaítear d'aon ghnó sa litríocht a bhíonn nasctha

le guth a chuireann dúshlán faoi na tuairimí a nglacann an tsochaí leo (1999:1). An bealach is éasca atá ann chun iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna na sochaí ná le carachtar atá i ngnáthshuíomh laethúil atá os comhair dúshlán éigin. I roinnt gearrscéalta ó pheann Uí Chonghaile, cuirtear gnáthdhuine os ár gcomhair nach gcuirfeá in áit an laoi i scéal ar bith. Aithnímid an íomhá seo i scéalta Uí Chonghaile, cuir i gcás, sa ghearrscéal ‘Ar Pinsean sa Leithreas’. Cé nach dtugtar mórán eolais dúinn faoi na carachtair i ngearrscéalta Uí Chonghaile, is minic a thugtar le fios dúinn cén saghas stádas sóisialta a bhíonn acu trí chaint na reacairí agus na gcarachtar eile i láthair an tsuímh. Le linn na ngearrscéalta, castar an suíomh bun os cionn leis an bpearsantú ach nuair a fhéachann tú ar na carrachtair eile, tugann an Chonghaileach bonn nithiúil dúinn nuair a bhíonn gnáthphost laethúil i gceist. Ag déanamh anailíse ar an ngearrscéal ‘Ar Pinsean sa Leithreas’, d’fhéadfaimis a rá go bhfuil príomhghluaiseacht an scéil tagtha as gníomhaíochtaí dochreidte nuair a bheartaíonn an reacaire bogadh isteach i leithreas. Ach, tagann an smaoineamh seo ó fhear a chaith cuid mhaith dá shaol ag obair sa státseirbhís. Mar thoradh ar an taithí a bhí aige ag obair mar oifigeach nó cléireach, bhí sé chun dearmad a dhéanamh ar bhuaireamh an tsaol agus saol níos fearr a chruthú dó féin sa leithreas. Bheadh sé éasca cúlra an fhir a chumadh leis an eolas a fhaighimid faoina shlí bheatha. Tugtar le fios gur fear é atá ag tuilleadh a bheatha i bpost buan, sábháilte agus clann aige. Is cinnte mar sin, go bhfuil an frithlaoch seo ag déanamh frithchaitheamh ar an ngnáthdhuine a luadh i ndáil le teoiricí J.R.R Tolkien roimhe seo.

In ‘Ar Pinsean sa Leithreas,’ áfach, níl sé soiléir dúinn go bhfuil an carachtar seo ag iarraidh a bheith ina laoch agus tá seans maith ann fiú nach bhfuil sé ag iarraidh rud ar bith a dhéanamh seachas é féin a shásamh nó a shaoradh ón mbás fiú. Is tú ag iarraidh imscrúdú a dhéanamh ar phearsantacht an phríomhcharactair sa scéal, n’fheadar árbh fhear séimh, réasúnta é ag pointe éigin roimh eachtra an scéil seo. Óna chuid cainte ar a laghad, is cosúil gur fear cantalach, santach é sa tslí is go lorgaíonn sé níos mó as an saol ná an méid atá aige. Gan a bheith faoi

thionchar an fhir, nach bhféadfá a rá gur cheart dó a bheith sásta a bheith in ann díon a chur os cionn a chloigeann? Ar an gcuma chéanna, b'fhéidir go dtugann an dearcadh seo sásamh don léitheoir nuair a thugtar le fios nach mbeadh sé éasca saol idéalach a chruthú sa ghnáthshaol. Sa ghearrscéal, admhaítear go mbeadh deacrachtaí ar leith i ndán do dhuine agus gur smaoineamh dodhéanta é bogadh isteach sa leithreas. Ar bhealach, is duine cróga é má chuireann tú an méid atá á láimhseáil ag an bhfear le dearcthaí na ndaoine eile ina thimpeall ar bhonn laethúil lena chás. Is dócha go gcaithimid aitheantas a thabhairt dó don bhealach a bhfuil sé diongbháilte, lánchinnte faoin saol nua níos fearr a bheidh aige sa leithreas nuair a deir sé:

‘is fearr liom go mór fada anseo-mo thóin leis an leithreas, gan aird agam ar an saol, ná ag an saol mór orm...ach amháin nuair a chuireann siadsan amuigh isteach orm’ (Ó Conghaile, 1997:78). Má smaoiníonn tú ar aircitíopa an laoch, tagann tréithe cosúil le duine amhra ar son na ndaoine bochta chun tosaigh. Áitíonn Bombert nach bhfuil teorainn cheart idir an laoch agus an frithlaoch a thuilleadh (1999:2). I gcás an fhir, cé go mbraitheann an léitheoir go bhfuil sé ag troid ar a shon féin, d'fhéadfá a rá go bhfuil an reacaire sin ag tabhairt guth do dhaoine a bhíonn ag fulaingt faoi smacht bhochtaineacht choibhneasta an lae inniu. Is suimiúil an ní é, mar shampla, gur duine atá réasúnta compordach ó thaobh airgid de atá i gceist sa scéal seo ach a mbraitheann formhór an ualaigh nuair a thagann sé go dtí cánacha agus cailliúnt postanna sa lá atá inniu ann. Is minic a fhaighimid dearcadh an duine atá fíorbhocht nuair a smaoiníonn tú ar scéal faoi chruachás an tsaol. Tugann an scéal seo léirgeas dúinn ó dhearcadh duine nach bhfuil ag streachailt ó thaobh airgid de.

Scéal eile a bhaineann an anáil dhínn agus a chuireann ceist an fhrithlaoich chun cinn ná ‘An Soiscéal de Réir Naomh Iúdás’ (DD, 2015). Do léitheoir gan taithí ar bith ar staidéar an laoch sa litríocht, tugann an gearrscéal seo comparáid mhaith dúinn chun iniúchadh a dhéanamh ar cheist an laoch i ngearrscéalta Uí Chonghaile. An ról traidisiúnta atá ag Naomh Iúdás ná mar dhuine a chuir Dia chun báis ar mhaithe le hairgead ach sa ghearrscéal seo, faighimid frithlaoch

as an ngnách ann nuair a dhéanann sé iarracht Íosa a shábháil ó na Romhánaigh. Theith na deiseabail dhíograiseacha agus nuair a dhiúltaigh Naomh Peadair faoi thrí d'Íosa, tá sé ar intinn ag Iúdás an suíomh a réiteach agus Íosa a shábháil. I gcontráthacht leis an íomhá a bhíonn fite fuaite le hIúdás mar chladhaire, faighimid dhuine ina íobartach de bhárr easpa tuisceana an tsuímh leis na Scíobhaithe. Gné amháin a bhaineann leis an bhfrithloach sa litríocht ná nach nglacann siad le foirm thraidisiúnta an laoi; amanta, seasann siad in aghaidh ról traidisiúnta an laoi (Brombert, 1999:2) agus tá a leithéid fíor faoin ról a ghlacann Iúdás sa ghearrscéal seo. Ní duine le fá mhíriún atá ann go díreach ach duine daonna a rinne dearmad. Casann an Conghaileach na tréithe a thugaimid d'Iúdás mar sin chun duine soineanta a dhéanamh as atá san áit mhícheart ag an am mícheart a chreid i dteagasc Naomh Eoin Baiste ach a chreid nár cheart Íosa a chur chun báis ar an gcuma chéanna. D'fhan sé chomh díograiseach leis go dtí gur thug na Rómhánaigh an bás céanna dó ar an gcros: 'bhásaigh Iúdás mar a bhásaigh Críost. Céasta ar chrois ag na Rómhánaigh.' (Ó Conghaile, 2015:114). Sa ghearrscéal seo, faighimid frithloach má chuirtear an íomhá thraidisiúnta atá againn de Iúdás agus na tréithe slánaitheacha a thugann an Conghaileach dó le chéile. Ní duine naofa é cé go n-ainmnítear é mar naomh ach bhí dea-mhéin aige. Sa tslí seo, nuair a chuireann an Conghaileach an daonnacht ar ais sna scéalta Bíobalta, tá deis againn féachaint ar phearsantachtaí eile ón mBíobla mar laoch éigin seachas ar Íosa amháin. Is daoine daonna iad na carachtair seo ach pléann an Conghaileach tréithe a bhaineann le rudaí neamhshaolta nach mbuailimid leo sa domhan iarbhír.

Téann Ó Conghaile mar scríbhneoir i ngleic ar bhealach iomlán go maith le pearsantú ar nithe neamhbheo chomh maith cosúil le Scáil sa ghearrscéal 'Faoi Scáth Scáile'. Nuair a dhéantar pearsantú ar nithe neamhbheo, táimid ag déileáil le carachtair eile a thagann isteach sna scéalta nach daoine daonna iad. Amanta, ní bhíonn sa phearsantú ach bealach chun taobh níos éadroime a chur isteach i suíomh. Is éasca an ní é an taobh ghreannmhar den chaidreamh atá

idir an reacaire agus Scáil a chur in iúl tar éis rud dodhéanta a dhéanamh nuair a scar sé ó chorp an duine. Ní fhéadfá a rá gur earraí fisiciúla ná ainmfhocail choitianta iad na pearsantachtaí neamhbheo, cuir i gcás, Saol agus Bás. In ‘Faoi Scáth Scáile’, tuigimid go gcaitheann an reacaire féachaint ar dhuine cosúil leí nó leis i slí éigin chun tuilleadh a fhoghlaim agus cuireann Ó Conghaile é sin os ár gcomhair sa scéal seo i bhfoirm scáile. Taise den duine atá i gceist leis a chuireann muid féin os ár gcomhair chun ceistanna a chur orainn féin. Is trí léargas ar dhuine/carachtar eile a éiríonn leis an bpríomhcharachtar grinnfhéachaint níos fearr a dhéanamh air féin. Déanann Apter achoimre ar cheist seo na gcarachtar nuair a deir sí:

The double fantasy makes use of the fact that, when notions of the mind and self are involved, the metaphor becomes the only possible method of presentation...we must see a person against another identical person to understand what conflict within the self is like.

(Apter,1982:117)

Má ghlactar leis go mbaineann pearsantacht Scáil agus an reacaire leis an duine céanna, tá míniú ar fáil don léitheoir ar cad is cúis le streachailt an reacaire. B’fhéidir go léiríonn Scáil agus an reacaire dhá thaobh den duine a sheasann mar ocsamórón de shaghas éigin. Is íomhá é sin den choimhlint a mhaireann in intinn an duine dhaonna. Ar thaobh amháin, is duine paranóideach é an reacaire agus tugtar le fios óna c(h)uid cainte gur pearsa níos láidire é Scáil atá in ann maireachtáil ina aonar cé gur cuid den reacaire é. Úsáideann Apter scéalta cosúil le ‘The Strange Case of Dr. Jekyll agus Mr. Hyde’ (1886) le Robert Louis Stevenson (1845-1894) chun dúbailt an duine a mhíniú. Ar thaobh amháin, tá cumhacht éigin ag Dr. Jekyll ar a mhothúcháin ach tá taobh níos fiachmhaire ann nach bhfuil smacht iomlán aige air, is é sin le rá, Mr. Hyde. I gcás Scáil agus an reacaire, is cosúil gur duine le scitsifréine pharanóideach atá ann nuair a fhéachann tú ar phearsantacht an reacaire i gcomparáid le pearsantacht na scáile.

Is bealach é an pearsantú i gcásanna mar seo chun taobh osréalaíoch a thabhairt do scéal. Is leis an bpearsantú seo a fheicimid nasc soiléir le cúrsaí fantaisíochta agus is minic a bhíonn: ‘a

manipulation of repressed anxieties' (Hume,1984:186) ar fáil i scéalta ina mbíonn gnéithe den fhantaisíocht. D'fhéadfá féachaint ar an bpearsantú mar rud dochreidte a tharlaíonn nuair a dhéanann carachtar iarracht smacht a fháil ar an suíomh. Is ionann an pearsantú a dhéantar ar ní éigin agus láithriú ar mhothúcháin an charachtair a bhí i bhfolach ann. Sa phearsantú a thaispeántar dúinn i scéalta Uí Chonghaile, d'fhéadfá léamh síocanailíseach a dhéanamh ar an bpearsantú leis an tréithe daonna a thugtar do na neacha neamhshaolta sna gearrscéalta. In 'Faoi Scáth Scáile', nach bhféadfá a rá gur chaill an príomhcharachtar taobh éigin dó nó di féin (a gcruthaítear Scáil as) a thug ord agus eagar dá smaointe? Tar éis Scáil a chailliúint bhí ar an bpríomhcharactar féinmheasúnú a dhéanamh air nó uirthi féin chun fáil amach conas is féidir léi nó leis iad féin a athrú ón taobh istigh. Thug an síceolaí iomráiteach, Sigmund Freud (1856-1939), míniú don athláithriú a chuirtear ar fáil i mbrionglóidí an duine. In aisling an duine, bíonn athláithriú déanta ar rudaí a mbíonn cleachtadh ag an duine ina gcodladh orthu. An rud a chreid Freud in 'The Interpretation of Dreams' (1899) go bhfuil nasc idir na híomhánna seo agus an rud a chiallaíonn siad. Má ghactar leis sin agus glactar leis go raibh tromluí ag an reacaire faoi Scáil, seasann Scáil do na tréithe dearfacha a bhaineann leis an reacaire féin atá imithe anois de dheasca eachtra éigin ina shaol a chruthaigh an deighilt sin idir é féin agus a Scáil. Ní hé gurb é a scáil féin atá i gceist leis i mbrionglóid an reacaire. Is cosúil go dtiteann an bhrionglóid isteach sa ghnáthshaol laethúil. Le Scáil in easnamh, feictear neamhláithreachtaí an taoibh dhearfaigh de mhothúcháin an reacaire. Sa ghnáthshaol laethúil, luann Apter (1984) go mbímid in ann an t-aisteachas seo a chur ar leataobh ach go dtugann an fhantaisíocht (agus mé ag cur béime ar an bpearsantú ar nithe neamhshaolta) deis dúinn féachaint ar na deacrachtaí a bhaineann le mothúcháin a chur i bhfócas. (Apter, 1982:135). Mar sin, caithfimid staidéar a dhéanamh ar iompar na nithe neamhbheo chun fáil amach cén saghas pearsantachtaí a bhíonn i gceist leo.

Is minic nach mbíonn ainm ag carachtar ar bith i scéalta Uí Chonghaile agus leanann an nós sin go dtí pearsantú na gcarachtar. Cé go dtugtar mothúcháin dóibh, coimeádtar na carachtair gan ainm simplí ach bíonn cumhacht ar leith acu ar na carachtair eile sna gearrscéalta. Tugann na speabhráidí seo dearcadh eile dúinn chun ceisteanna a nochtadh ionainn agus mearbhall a chur orainn ag an am céanna. Táimid ag dul i dtreo na fantaisíochta leis na nithe neamhbheo gan ainm cosúil le cos, scáil, uaireadóir agus stáisiún treanach. I suíomh osnádúrtha leis na carachtair neamhbheo, cuirtear taithí eile ar fáil don léitheoir féachaint ar shuíomh an scéil. Tá sé suimithe go paiteanta ag Kathryn Hume nuair a deir sí: ‘much of what we feel in life can easily enough be represented in realistic terms, but some of the experiences that move us most derive from more alien realms of experience, which we have represented in literature through the use of fantasy’ (1984:43). Bheimís ag súil le carachtar le hainm chun aithne a chur ar an gcarachtar i gceart ach nuair nach mbíonn ainm ag na nithe neamhbheo tuigimid gur eochair iad chun ceisteanna a nochtadh ionainn. Nuair a bhíonn carachtar gan ainm, is leid é go bhfuil na coimhlintí agus na mothúcháin a thagann chun cinn sa scéal uilíoch, is é sin le rá, d’fhéadfadh sé tarlú áit ar bith – baineann sé le staid leathan, ghinearálta an duine dhaonna. Ag déanamh comparáide idir Eamann Bheairtle agus an chos in ‘Cos Liombó’, tá tuiscint níos fearr againn ar cad as a dtáinig Éamann agus céard a cheapann níos mó ná duine amháin faoi. Leis an gcos, níl mórán eolais againn uirthi ach go bhfuil sí ar an suíomh mar fhrapa a nochtáíonn ceisteanna sna carachtair, go háirithe Simpleoir. Scéal eile a thugann pearsa seachas duine iomlán dúinn ná ‘An Fear Nach nDéanann Gáire’ sa tslí is go bhfuilimid ag lorg níos mó eolais faoi. Le linn an ghearrscéil, déantar pearsantú ar an ngalar dubh tríd an bhfear. Tugann daoine buile faoi thuairim faoi agus amanta is cosúil go bhfuil piseoga nó scéal fantaisíoch i gceist lena chúlra leis an gcur síos a thugtar ar an gcúis nach bhfuil sé in ann gáire a dhéanamh. Cuireann ainm an charachtair síos air go díreach agus teastaíonn frása seachas focal aonair chun é sin a dhéanamh. Do na gearrscéalta ar an iomlán, ní féidir a bheith ag brath ar ainm na

gearachtar a ndéantar pearsantú orthu. Don chuid is mó, cuireann na hainmfhocail a úsáidtear leo síos ar an rud atá i gceist leis an bpearsantú cosúil le scáil an duine agus an chos.

Castar bun os cionn an úsáid a bhaintear as ainmneacha atá ag na pearsantachtaí áfach, chomh fada is a bhaineann le Simpleoir i ‘Cos Liombó’. Is í an fheidhm atá ag an gearachtar Simpleoir sa scéal ná chun iompar na ndaoine ag suíomh na timpiste a cheistiú. Leis an ainm a úsáidtear mar mhaslú ar dhuine, tá codarsnacht shuntasach ar fáil dúinn sa scéal seo nuair a bhíonn Simpleoir in ann dearcadh na ndaoine údarásacha sa tsochaí a cheistiú, go háirithe an sagart ar an suíomh. In intinn Simpleoir, ba cheart go rachadh an chos go dtí áit éigin sa Saol Eile. Is suimiúil an ní é gur le druincéara í an chos agus go raibh Simpleoir fós ag caint ar son na coise nuair a bhí daoine eile i láthair ag magadh faoin bhfear a gortaíodh. Ní foláir a lua go bhfuil greann le feiceáil leis an imeartas focal nuair a deir an duine nach mbeidh sé ‘ar a chosa’ aríst. Ní thugtar guth don chos ach aithnítear go bhfuil páirt lárnach aici i saol an duine nuair a luann Simpleoir go mbeadh caidreamh níos fearr ag an bhfear agus í bainte de.

Mar aon leis an tslí atá ag an bpearsantú chun an carachtar agus an léitheoir a mhealladh chun ceisteanna a chur i gcuid de scéalta Uí Chonghaile, déantar pearsantú ar nithe neamhbheo chun anord a chruthú sa scéal. I ngearrscéalta cosúil le ‘An Mála Freagraí a Goideadh’, téann na ceisteanna sa scéal timpeall chun muintir Ghleann na mBua a chiapadh le: ‘ceisteanna beaga. Ceisteanna móra. Cruacheisteanna. Ceisteanna casta. Ceisteanna ceisteacha...’ (Ó Conghaile, 1997:89). Le linn an scéil, cuirtear na ceisteanna i láthair i bhfoirmeacha éagsúla, cuir i gcás, madraí, damháin alla agus cochaill. Ní chloiseann tú aon rud astu ach is féidir linn féachaint orthu mar chéasadóirí atá ‘ag guairdeall’ timpeall na dtithe i nGleann na mBua. D’fhéadfá teacht ar ais ar mhí-ionramháil na n-imní a ndearna Hume (1984) trácht orthu nuair a pléadh na neacha neamhshaolta níos luaithe sa chaibidil seo. B’fhéidir gurb í sin an chúis atá leis an gcrá croí atá ag muintir na háite. Rud eile atá ráite ag an léirmheastóir Kenneth B. Kidd (2011) agus é ag plé síscéalta do pháistí agus an léamh síocanailíseach a bhí in úsáid ag Freud ná go

bhfuil mianta le hairíonna lánsástacht dhaonna ag gabháil leis na síscéalta. Ar shlí, bhféidir go bhfuil ceisteanna ag cur isteach orthu toisc go bhfuil siad ag iarraidh gné éigin den saol atá ar iarraidh a chomhlíonadh, cuir i gcás, ceisteanna móra an tsaol a fhreagairt. Ar an gcuma chéanna, cé go bhfuil sé soiléir go bhfuil siad céasta le ceisteanna, ní thugaimid faoi deara nach bhfuil trócaire tuillte acu tar éis stráinséar a chur chun báis mar go raibh mála dúnta acu agus go raibh freagraí uathu a d'fhéadfadh a bheith sa mhála dóibh. Leis an bhfonn atá orthu freagraí a fháil, cuireann an pearsantú a dhéantar ar na ceisteanna iachall ar an bpobal éirí níos paranóidigh go dtí go dtéann siad thar fóir le stráinséar a bhí ar a bhealach tríd an áit. Deir an Conghaileach féin agus mé i mbun cainte leis go gcruthaítear carachair níos suimiúla nuair a bhíonn siad ag fulaingt ach go bhféadfá scéal a chruthú ina bhfuil an carachtar sona sásta (Ó Conghaile, 2014). Is í an aidhm atá ag an bpearsantú anseo ná na carachtair eile a choimeád ag fulaingt leis an áit dhiostóipeach a chruthaítear leis an gcumhacht atá ag na ceisteanna chun na daoine áitiúla a chiapadh. Eachtra amháin a thaispeánann an cumas atá ag na ceisteanna chun anord a chruthú ná nuair a las fear amháin a theach féin chun éalú a fháil ó na ceisteanna a bhí á thachtadh. Éiríonn na himeachtaí idir na ceisteanna agus muintir na háite chomh dáinséarach sin go go dtógtar duine go dtí an t-ospidéal de bharr a bheith gortaithe le ceisteanna.

Scéal eile a léiríonn an smacht a bhíonn ag coincheapa orainn ná 'An Chéad Duine Eile'. Dá luaithe is a smaoiníonn an reacaire ar an leanbh sa bhroinn, insíonn sí don leanbh go mbeidh an saol atá ag fanacht di chomh contúirteach, casta is a d'fhéadfadh sé a bheith i gcomparáid leis an staid neamhshaolta ina bhfuil sé nó sí ag fanacht. Is tríd an bpearsantú a dhéantar ar Shaol agus Bás sa ghearrscéal a mhíníonn an reacaire na deacrachtaí a bhaineann le bheith beo, is é sin le rá, bíonn Saol agus Bás de shíor ag lorg daoine agus ní bhíonn rogha agat cén ceann a phiocfaidh tú. I gcás na samhlaíochta agus an teoiric atá luaite leis an síceolaí Carl Jung (1875-1961) faoi shamhlaíocht an duine, áitíonn Apter go spreagtar an tsamhlaíocht tríd an ngá a bhíonn ann cothromaíocht a fháil, rabhadh a thabhairt nó rud a cheartú (1982:142). D'fhéadfá

féachaint ar an bpearsantú ar shaol agus bás mar chuid den fhantaisíocht i ngearrscéalta Uí Chonghaile. Is léir go gcruthaítear an pearsantú seo chun an chothromaíocht a choimeádann Saol agus Bás ar an domhan iarbhír a thaispeáint: ‘roinneann siad amach na daoine eatartu mar a dhéanfadh páistí soineanta le milseáin nó foghlaithe de robálaithe garbha mara le seoda’ (Ó Conghaile, 1997:114). Is díol suntais go bhfeicimid cothromaíocht sa tagairt seo leis na milseáin a roinneann siad eatarthu mar pháistí. Tugtar faoi deara, áfach, gur féidir rabhadh a fháil mar go ndéanann siad comparáid idir roth an tsaol agus cluiche idir páistí nó robálaithe ag goid. Má ghactar leis sin, ní fhéadfá a bheith misneach as páistí a bheith i gceannas ar rud chomh tábhachtach le saol an duine gan tuiscint cheart acu ar céard atá á dhéanamh acu féin sa saol fós. Mar sin, admhaíonn an reacaire don leanbh nach bhfuil fórsaí uilefheasacha i gceannas ar an duine daonna. I mbun cainte leis an gConghaileach, admhaíonn sé gur maith leis an choimhlint idir na carachtair cosúil leis na pearsantachtaí anseo nuair a luann an reacaire go dtógann Bás daoine trí fhéinmharú (Ó Conghaile, 2014). Ar bhealach eile, d’fhéadfá a rá go bhfuil a fhios ag Saol agus Bás céard atá á dhéanamh acu agus gur pearsantachtaí santacha iad sa tslí is go gcuirtear i gcomparáid le robálaithe iad. Is cuma cén léamh a dhéanann tú ar an suíomh, is léir gur nithe luachmhara iad an cine daonna agus nach bhfuil comhoibriú céad faoin gcéad ann cé go ndeirtear gur ‘dhá thaobh den phingin céanna iad’ mar a deir an Conghaileach fúthu. Ó fhianaise an reacaire, is léir nach bhfuil sa duine daonna ach píosa beag de phictiúr an domhain agus go bhfuil coincheapa ón domhan eile ag súgradh linn ar nós paca cártaí.

Gearrscéal nuascríofa ag Ó Conghaile óna chnuasach nua ná teideal scéal an chnuasaigh ‘Diabhlaíocht Dé’. Le linn an scéil seo, tugtar guth do Dhia agus do dhá ápa. Le linn an ghearrscéil, cuirtear Dia chun cinn mar phearsa mhífhreagrach ráscánta atá ag lorg diabhlaíochta. Ó thús an scéil, tugtar le fios ón stádas uilefheasach, na huilechumachta atá aige gur pearsantú údarásach atá againn anseo. Is cuma leis faoi shaoirse na n-ápaí nuair a rug sé greim ar cheann díobh. Chomh fada is a shíl Dia, bhí cóimheá na cumhachta aige, agus, mar

thoradh air sin, d'fhéadfadh sé cor a chur i gcinniúint an ápa. Tá an dealramh ar an ngearrscéal gurb ionann a bheith ag glacadh le toil Dé agus a bheith i gcruachás. Éiríonn sé sin níos soiléire nuair a chuireann Dia ceisteanna ar an ápa atá ina sheilbh cosúil le ““agus cén fáth gur shíl tú éalú uaim mura raibh tada déanta as an mbealach agat?”” (Ó Conghaile, 2015:18). In ionad a bheith sách Críostúil chun trócaire a léiriú, thug Dia daonnacht don ápa mar phíonós. An chúis atá le dearcadh Dé ná díreach go bhfuil cead aige pé rud a theastaíonn uaidh a dhéanamh agus ba chuma leis dá mbeadh créatúr a chruthaigh sé féin tógtha as a áit dhúchais. Ní athair nó slánaitheoir atá i gceist leis ach pearsa a phioc an t-ápa amach óna ghnáthóg agus a chuir é ina aonar ina speiceas eile. Sa scéal seo, forbraíonn pearsa gan cumhacht shlánaitheach ar bith nasctha leis. Déantar pearsantú ar na hápaí nuair a thugtar cumas cainte dóibh. Deir an Conghaileach féin faoin gnuasach ‘Diabhlaíocht Dé’ go raibh sé ag féachaint ar an gcuidreamh níos dlúithe atá idir daoine agus ainmhithe (Ó Conghaile, 2015). Leis an bpearsantú seo, meabhraítear don duine daonna go bhféadfadh le neach eile seachas an duine dul i ngleic lena mhothúcháin cé nach bhfuil cumas cainte acu. Is cosúil sa scéal seo, gur fhás an t-ápa le stair dhifriúil ó dhuine daonna. Tá sé tar éis saol a chaitheamh mar ainmhí ach ní hé sin le rá nach bhfuil cuimhní nó clann aige cé gur ainmhí é. Cuireann Cohen agus Cixous (1974:385) leis an nasc a bhíonn ag teastáil uainn le rud a chuireann tréithe aithnidiúil a chur i gcuimhne dúinn sna carachtair nuair a áitíonn siad go n-aithnímid muid féin níos mó nuair a líonann carachtar éigin norm an tsaol. Tugtar cur síos ar na hápaí mar ainmhithe ach aithnímid anseo go mothaíonn siad cosúil linne. Treisíonn sé sin nasc níos láidre idir an duine daonna agus an t-ápa agus deighilt níos mó idir an duine daonna agus Dia, is é sin le rá, sa ghearrscéal seo táimid níos cóngaraí do na hápaí ó thaobh iompair de.

Cén saghas freagra mothálach a bhíonn ag na carachtair eile neamhbheo i ngearrscéalta Uí Chonghaile? An féidir linn a rá go mbíonn an freagra sin oiriúnach don suíomh ina bhfuil na pearsantachtaí? I gcás ‘Seacht gCéad Uaireadóir’, déantar pearsantú ar am an chloig agus saol

an duine: “ó tá chuile uaireadóir beo atá anseo ceart”,’ (Ó Conghaile, 1997:28). Trí chur síos úinéir an tsiopa, tugtar tréithe daonna do na huaireadóirí chomh maith. Cuireann sé síos ar iompar na n-uaireadóirí, cuir i gcás ‘bíonn siad *high* leath an tsaoil, *hyperactive* leath an tsaoil agus scitsifréineach an leath eile agus iad lán de chroí is de dhiabhlaíocht is de ghreann’ (Ó Conghaile, 1997:32). D’fhéadfá féachaint ar na huaireadóirí mar anam an duine atá sáite sa siopa sin go deo. Leis na haidiachtaí a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh orthu, cuir i gcás, *hyperactive* agus scitsifréineach, tá sé éasca samhlú orthu mar phearsantachtaí atá míchompordach tar éis a bheith sáite in áit éigin. Ar bhealach, b’fhéidir gur purgadoir atá ann a choimeádann anam na ndaoine a tháinig isteach ann. Cuireann Apter (1982) leis na freagraí mothálacha difriúla a bhíonn le feiceáil sa litríocht nuair a chuireann sí síos ar ‘Metamorphosis’ (1915) le Franz Kafka nuair a aistríonn Gregor, an príomhcharacter, go feithid. De réir Apter, is léir gurb ionann an claochlú seo agus an tslí a bhíonn duine ag déileáil le heachtra tromchúiseach nó brú ina shaol (1982:79). Bheadh sé éasca an brú atá ar Gregor a thaispeáint díreach mar achrann nó troid le character eile ach déanann Gregor pearsantú ar an tslí a mhothaíonn sé ag an am i bhfoirm feithide.

I gcuid de scéalta Uí Chonghaile, nochtáítear an freagra mothálach seo trí ghníomhaíochtaí na neacha neamhshaolta féin. Sa ghearrscéal ‘Ag an Stáisiún’, déantar pearsantú ar an stáisiún traenach le corp an duine atá ag fulaingt: ‘méanfach a raidfeadh seáirse aeir ag rásáil síos agus aníos trína scamhógaí plúchta dubha’ (Ó Conghaile, 2003:39). Leis an nguth a thugtar don stáisiún, faighimid amach go bhfuil saol i bhfad níos uaigní ag an stáisiún cé go mbíonn daoine ag teacht agus ag imeacht go rialta. An fheidhm atá ag an stáisiún ná daoine a threorú go dtí áiteanna éagsúla agus iad a chosaint ón aimsir is iad ag fanacht ann. É sin ráite, ní fhaigean an stáisiún buíochas ar bith ar ais dá chuid iarrachtaí. Is dealraitheach go bhfuil an stáisiún féin ag lobhadh tar éis déileáil leis an drochmheas a bhíonn ag daoine air.

Is ó dhearcadh an reaire uilefheasaigh a fhaighimid léargas ar thréithe na carraige sa ghearrscéal ‘An Charraig’. Ón gcéad líne tugaimid faoi deara go n-aithníonn an reaire gur bean chumhachtach atá sa charraig leis na haidiachtaí a chuireann síos uirthi: ‘ardmháistir ceannasach, cumasach’ (Ó Conghaile, 1997:141). Tá an charraig baininsneach ó thaobh na gramadaí de, gan dabht, ach déanann an reaire bandú ar an gcarraig mar choincheap freisin. Cosúil leis an stáisiún, ní thugtar guth don charraig ach tá gníomhartha aici. Deir Ross (1976:1228) nach ndéanann reairí i scéalta iniúchadh ar staid intinne na gcarachtar an t-am ar fad agus sa scéal seo, ní chloisimid caint dhíreach na pearsa. Ar dtús, seasann sí mar dhuine de lucht cinsil uilefheasacha na tíre agus leis an gcur síos a fhaigimid faoina cumhacht is cosúil nach féidir í a leagan go brách. Is cuma céard a thugann an aimsir di, fanann sí ina cnoc ríoga, ciúin. Go dtí an pointe seo sa ghearrscéal, is amhail go bhfuil an Conghaileach ag déanamh baineannú dearfach ar an gcarraig a thairgíonn neart d’íomhá na mban sa scéal. Ag deireadh an scéil, afách, seachas a bheith ag féachaint ar cheiliúradh na mban, críochnaíonn an scéal le haidiachtaí foiréigeana. Díthógtar an charraig le poll druileáilte ina croí. Iompaíonn an tón anseo sa scéal nuair a thagann pearsa dhaonna isteach. Is cuma céard iad na dúshláin a chuireann an timpeallacht nádúrtha roimh an gcarraig, tá sí in ann an ceann is fearr a fháil orthu ach nuair a thagann pearsa dhaonna isteach sa scéal le haidhm amháin chun scrios a dhéanamh; scriosann an duine daonna dealbh chumhachtach na carraige go deo.

Beidh cúrsaí teanga á bplé níos faide anonn ach ó thaobh pearsantú na nithe neamhshaolta de, tugann an Conghaileach ábhar machnaimh dúinn leis an ngearrscéal ‘Reilig na bhFocla’. Cosúil le ‘An Charraig’, cuirtear síos ar fhocal darbh ainm ‘Focailín’ a nasc an t-údar le beocht gan teorainneacha fisiciúla ar bith: ‘é breá sásta é a bheith aclaithe go rialta agus lingeadh as béal gach éinne’ (Ó Conghaile, 2003:125). Ar dtús, focal a bhí i mbéal an phobail a bhí i gceist le Focailín agus baineadh na buntáistí as a bheith in úsáid go laethúil. Anseo, cé gur focal é Focailín, níl cead aige a bheith ag caint muna bhfuil sé in úsáid, mar sin, cuireann an reaire

síos ar na gníomhaíochtaí atá aige is é scriosta leis an díomhaointeas. Focal as úsáid atá ann agus tugtar le fios go bhfuil sé ag éirí níos laige leis na gníomhartha a bhaintear leis: ‘shinceáil sé síos ansin. Síos síos...Is é gan aithne gan urlabhra ar thóin poill d’fhan sé báite ansin mar a raibh sé is gan dé ann ar feadh na gcianta cairbreacha’ (Ó Conghaile, 2003:127). Is ionann na gníomhartha sin agus a bheith as úsáid i gcaint na ndaoine. Leis an bhfianaise a fhaighimid, is éasca an pearsantú a dhéantar ar an bhfocal mar thagairt do laghdú úsáid na Gaeilge a aithint. Arís tugann an pearsantú seo sampla dúinn den tslí a mbíonn an phearsa dhaonna freagrach as an méid a tharla d’Fhocailín.

Tar éis staidéar a dhéanamh ar phríomhphearsana, reacairí uilefheasacha agus ar phróiseas an phearsantaithe sna gearrscéalta, ní foláir súil ar na mioncharactair eile taobh thiar de chaint na bpríomhcharactar ag rith trí scéalta Uí Chonghaile. Is fiú féachaint orthu chun fáil amach an mbíonn tionchar acu ar an léitheoir le linn an scéil. Tig leat a rá nach bhfuil ina gcuid cainte ach ráiméis a chuireann an léitheoir ar strae. Cé nach smaioineofaí ar na mioncharactair mar ábhar taighde, maíonn Galef (1993) go mbíonn feidhm áirithe acu pé slí a bhféachann tú orthu:

These minor characters have their uses: they take down the pistol from over the mantel; they become a confidant for the protagonist; they sell the heroine a bunch of posies; they populate the streets of the city on an afternoon when the hero is walking those selfsame streets.

(Galef, 1993:1)

Is minic nach mbíonn ainmneacha, cur síos fisiciúil nó dearcadh láidir ag na mioncharactair, mar sin, tá seans ann nach gcuirfeadh mar chuid lárnach i ngearrscéalta Uí Chonghaile mar go gceapfaidís nach mbeadh tionchar acu ar theachtairacht an scéil. Mar a fheicimid leis na reacairí agus na príomhcharactair a luaigh mé go dtí seo, bíonn tionchar faoi leith acu ar an léitheoir leis an gcaidreamh a fhorbraíonn eatarthu. Don ghearrscéal mar sin, ní fhéidir leis an

scríbhneoir béim ar leith a chur do gach gné den scéal ar eagla go mbeadh an iomarca ag tarlú.

Agus muid ag iarraidh cur síos a fháil ar an téarma ‘mioncharachtar’, is féidir leas a bhaint as an gcur síos a dhéanann Galef (1993) ar an téarma. Mar sin, is ionainn mioncharachtar an scéil agus carachtar atá sa chúlra agus mura mbeifeá in ann an carachtar a chailliúint gan cur isteach ar theachtairacht an scéil, is príomhcharachtar atá ann. I gcás scéalta Uí Chonghaile, ní bheadh scéal le hinsint in ‘Faoi Scáth Scáile’, cuir i gcás, mura mbeadh scáil luaite ag an reacaire. Le gearrscéalta Uí Chonghaile, áfach, bíonn guth láidir ag na sluaite a bhíonn bailithe le chéile, cuir i gcás, i gcathracha, ag sochraidí, sna cúirteanna agus i sráidbhailte beaga cosúil le ‘Gleann na mBua’. Is ábhar machnaimh é don léitheoir go mbíonn dearthaí difriúla ag na mioncharachtair. Is cosúil go mbíonn ról níos bríomhaire ag slua éigin agus go mbíonn an dearcadh cúngaigeanta acu.

Ag rith trí ghearrscéalta Uí Chonghaile, is minic a thógann slua éigin i láthair an tsuímh dearcadh claonta ó thaobh sheasamh an phríomhcharachtair de. Is cosúil go bhfeictear grúpa carachtar ag géilleadh do dhlí an tslua i roinnt mhaith de na gearrscéalta. Sa ghearrscéal ‘Cos Liombó’, tá meon cúngaigeanta ag an slua ann nuair nach raibh meas acu ar Réamonn Rua Ribeach (an fear a gortaíodh) nuair a chaill sé a chos agus iad ag rá: “tá tú curtha faoi chois anois, agus é thar am agat. Ná bí ag siúl le bheith ar do chosa choíche aríst” (Ó Conghaile, 2003:52). Anseo, úsáidtear an slua chun frithchaitheamh a dhéanamh ar dhearcadh na sochaí agus an tslí a dtugtar cead do dhaoine glacadh le seanchlaontaí a mhaireann inár measc fós, cuir i gcás, nuair a ghlacann an slua leis gur gadaí amháin é Réamonn. Is amhail go dtugann sé sin cead don slua gan a bheith truamhéileach dó cé gur chaill sé a chos. Anseo, taispeánann na mioncharachtair gur féidir le grúpaí sa tsochaí a bheith aineolach, drochbhéasach. Ag cur leis sin, luann Galef (1993:11) an páirt shuntasach a bhíonn ag na mioncharachtair. In ionad a bheith sa chúlra amháin, tagann siad chun tosaigh le teachtaireacht éigin. Tá tábhacht ar leith ag na mioncharachtair sa ghearrscéal seo chun ceisteanna a ardú faoi mheon na sochaí. Is iad

seo na fadhbanna nach dtugaimid faoi deara go dtí go mbíonn fadhb éigin os ár gcomhair trí shúile carachtar eile cosúil le Simpleoir atá níos tuisceanaí. Gearrscéal eile a thugann léirgeas suntasach dúinn ar mheon na sochaí ná ‘An Mála Freagraí a Goideadh’ agus i lucht na sochraide sa ghearrscéal ‘Bualadh an Bháis’ a thugann ábhar machnaimh dúinn faoin tslí a gcruthaíonn an tsochaí coimthígh as dreamanna áirithe i ngan fhios dúinn féin. Sna gearrscéalta bíonn áibhéil i gceist leo ach d’fhéadfá go ndéanann na téarmaí a úsáidimid mar lipéid damáiste inmheánach don duine díreach mar a dhéanann na sluaite damáiste fisiciúil don stráinséar i gcás ‘An Mála Freagraí a Goideadh’ agus d’Éamann i gcás ‘Bualadh an Bháis’.

Ní bhíonn díreach ról dorcha ag na mioncharachtair i ngearrscéalta Uí Chonghaile, áfach. Anois is arís, faighimid mioncharachtair a thugann blúirín eolais dúinn ó thaobh an rud a cheapann an saol atá timpeall ar na príomhcharachtair faoina n-iompar. Ó am go ham, d’fhéadfá a bheith ag aontú leis na mioncharachtair chomh maith. Ar leibhéal mar sin, tá na mioncharachtair seo in ann ceisteanna a nochtadh ionainn cé nach mbíonn áit lárnach acu i bpictiúr mór an scéil. Míníonn Galef an ról tánaisteach ach tábhachtach a bhíonn ag na mioncharachtair nuair a deir sé:

What is gained through the depiction of flat and minor characters? Oddly enough, depth: a contrasting, shifting background against which major figures play out the drama of their lives.

(Galef, 1993:22)

Feictear an t-imeartas seo nuair a chuireann carachtair eile leis an tuiscint atá ag an léitheoir ar eachtra an scéil. Sa ghearrscéal ‘Mo Rogha Rud a Dhéanamh’ tar éis don phríomhcharachtar a thuistí a mharú, cuireann daoine eile ina shaol leis an taobh praiticiúil, réalafóich den eachtra in iúl, cuir i gcás, nuair a deir an breitheamh:

“Dhúnmharaigh tú beirt,” a dúirt an breitheamh. “Fiú dá mbeadh ciall le do chuid rámhailí, agus fiú má cheap tú go raibh tú i dteideal díoltais, cén fáth beirt a mharú? Dhá theaghlach a scriosadh! Gasúir óga ag an mbeirt acu! Beirt eile fágtha ina mbaintreacha agat.”

(Ó Conghaile, 2003:91)

Tar éis an scéil, is suimiúil an ní é go bhféadfadh an léitheoir trua a bheadh acu don phríomhcharachtar tar éis a bheith ag éisteacht lena óráid os comhair na cúirte. Níos suimiúla arís tugann carachtair eile ar imeall an eachtra cosúil leis an mbreitheamh agus seanmháthair an phríomhcharachtair ag féachaint ar an suíomh agus í ag iarraidh tábhacht a thuistí ina shaol a chur i gcuimhne dó. Mar sin, is cosúil go mbíonn ról níos láidire ag na mioncharachtair cosúil leis na cinn seo i ngearrscéalta Uí Chonghaile.

Ní gá go mbeadh eachtra an scéil chomh conspóideach le dúnmharú, ámh, chun go mbeadh muid faoi chomaoin ag an ról a bhíonn ag na mioncharachtair. I gcás scéalta cosúil le ‘Ar Pinsean sa Leithreas’, tá ról níos éadroime ag na mioncharachtair, cuir i gcás, b’fhéidir go seasann an bhean don ‘norm’ sa tsochaí. Le linn an scéil, tá an bhean le báiní nuair a éiríonn a fear céile as a phost chun bogadh isteach sa leithreas. Níl aon drogall uirthi a dearcadh féin a léiriú nuair a éiríonn léi an sagart a thabhairt isteach ar thaobh na mná nuair a dhéanann an sagart iarracht an reacaire sa leithreas a shásamh:

“Ceart go leor! Ceart go leor!” An sagart a labhair, é ar a mhíle dícheall ag iarraidh mé a chiúnú. “Ar mhaithe leat atá muid. Tuigeann muid go bhfuil an-chion agat ar an áit ina bhfuil tú.”

(Ó Conghaile, 1997:81).

Ag rith parailéalach den taobh níos greannmhara seo, áfach, léirítear drochiompar an tsagairt anseo. Is féidir a rá go dtugann an gearrscéal seo léargas suntasach dúinn ar chomh drochbhéasach a bhímid lena chéile mar shochoaí. In ionad a bheith ag iarraidh cabhair a thabhairt don fhear, is cosúil go bhfuil a bhean chéile agus an sagart ag iarraidh é a chur i líne le dearcadh formhór na sochaí. Níos déanaí sa scéal, tagann dlíodóir isteach ar an suíomh lena phleananna féin dá chuid airgid. Is cosúil nach bhféadfadh an duine éalú i gceart ón saol leis na céasadóirí seo ag tabhairt isteach ar an bhfear.

I ngearrscéalta Uí Chonghaile, faighimid carachtair éagsúla idir daoine agus rudaí neamhbheo a thugann léirgeas dúinn ar an duine daonna trí chéile. Amanta, foinse eolais is ea iad. Leis na carachtair a mbuailimid leo, áfach, ní féidir linn brath orthu chun an fhírinne a insint dúinn. Is léir in áiteanna gur daoine paranóideacha iad atá faoi smacht na mothúchán a choimeádann míchompordach sna scéalta iad, cuir i gcás, an reacaire in ‘Faoi Scáth Scáile’ agus muintir Ghleann na mBua atá céasta le ceisteanna in ‘An Mála Freagraí a Goideadh’. In áiteanna eile, is amhail go bhfuil cuid de na carachtair in ann teacht in inmhe agus athrú. Is ait an rud é go bhfuilimid in ann muid féin a fháil sna reacairí seo más reacaire atá páirteach sa scéal nó reacaire uilefheasach atá ann. Is suimiúil an ní é chomh maith go gcuirtear carachtair os ár gcomhair nach mbaineann tréithe an laoiach leo ach a bhíonn curtha in áit an laoiach thraidisiúnta. Tá seans againn caidreamh a fhorbairt le carachtar nach bhfuil foirfe, is é sin le rá, bíonn laigí soiléire acu cosúil leis an reacaire cantalach in ‘Ar Pinsean sa Leithreas’. Is féidir leis an léitheoir nasc a dhéanamh leis na mioncharachtair a fhanann sa chúlra ach a thugann níos mó eolais dúinn faoi shuíomh an scéil nach mbíonn ag na reacairí uilefheasacha fiú.

Ar an gcuma chéanna, ní gá gur daoine daonna a bheadh i gceist sa charachtar chun nasc a dhéanamh idir an léitheoir agus na carachtair agus is minic a dhéantar pearsantú ar mhothúcháin an duine dhaonna chun freagra mothálach a spreagadh ionainn. D’fhéadfá a rá in áiteanna go bhfuil na nithe neamhbheo curtha os ár gcomhair chun anord a chruthú i scéal cosúil leis na ceisteanna in ‘An Mála Freagraí a Goideadh’ nó Dia in ‘Diabhlaíocht Dé’. Cuireann an pearsantú seo leis an léamh síceolaíoch a d’fhéadfá a dhéanamh ar ghearrscéalta Uí Chonghaile. Ó thaobh cúrsaí síceolaíochta de, admháíonn na pearsantachtaí dúinn go gclúdaímid mothúcháin ionainn agus gur féidir leis na mothúcháin éalú i bhfoirm éigin, cuir i gcás, nuair a thugtar gníomhartha do charraig chun cur síos a dhéanamh ar streachailt na mban. Is minic nach mbíonn ainm ag na nithe neamhbheo agus tugann sé sin deis don léitheoir

mothúcháin uilíocha a thabhairt faoi deara a choimeádann na scéalta chomh hoscailte agus is féidir.

Leis na cineálacha carachtar a fhaighimid i ngearrscéalta Uí Chonghaile idir phríomhcharachtair, reacairí, phearsantachtaí agus mhioncharachtair, ní foláir go mbaineann an tslí a gcruthaíonn an Conghaileach a chuid carachtar lena stíl féin mar scríbhneoir. Is suimiúil an ní é gur féidir leis na pearsantachtaí labhair linn, is é sin le rá, ní daoine daonna atá iontu go díreach ach aithnímid mothúcháin an duine dhaonna in iompar na pearsantachta agus iad i gcaidreamh leis na carachtair eile. Is gné amháin an charachtracht ina n-aithnímid bua an Chonghailigh mar scríbhneoir ach tá tréithe agus buanna eile ag roinnt leis an údar seo a thugann stíl shainiúil dó. Is ag féachaint go beach tar cheist na stíle sin a bheidh mé sa chaibidil dheireanach.

Caibidil a Ceathair

Cúrsaí Stíle agus Teanga i nGearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile

Is deacair an ní é trácht go struchtúrtha ar choincheap réasúnta teibí cosúil le ‘stíl’ in aon seánra de na healaíona. Is ealaín thagarthach an litríocht, áfach, agus dá bhrí sin, ní foláir meán na healaíne sin, an teanga, a chur san áireamh in aon staidéar cuimsitheach ar ghearrscéalta Uí Chonghaile. I measc na gcur síos atá ann, d’fhéadfaí féachaint ar choincheap na stíle i gcúrsaí litríochta mar ghníomh praiticiúil na cumadóireachta a thugann deis dúinn ainm a chur ar chomhtharthaí sóirt na dtéacsanna litríochta (Bradford, 1997:XI). Chomh maith leis sin, measann Wolheim (1978:129-45) go bhfuil dhá shaghas stíle in aon saothar - stíl ghinearálta agus stíl aonair an scríbhneora (Robinson, 1984). Mar sin, is dealraitheach an ní é nach míniú sásúil é sin ar choincheap na ‘stíle’ nuair a chuireann tú na modhanna agus na tuiscintí difriúla a bhíonn ag scríbhneoirí éagsúla san áireamh. Is féidir a rá, áfach, go bhfuil eilimintí, pátrúin nó gnéithe sainiúla a bhaineann le gearrscéalta Uí Chonghaile a thugann le fios go bhfuil stíl faoi leith aige. Is minic a fheictear tréithe suntasacha mar seo i mórscribhneoirí an lae inniu cosúil le scríbhneoireacht Alan Titley, cuir i gcás, an stíl fhoclach lán d’aidiachtaí a bhíonn ag rith trína chuid aistí agus scéalta cosúil leis ‘An Fear Dána’ (1993). Is iarracht atá sa chaibidil seo spleáchadh a thabhairt ar na tréithe a bhaineann le gearrscéalta Uí Chonghaile cosúil le meafair leanúnacha, an tslí a gcruthaítear tón na scéalta le hathrá agus imeartas focal, an rogha focal féin, agus na nathanna cainte a ritheann trí na gearrscéalta.

Ó tháinig borradh faoin scríbhneoireacht chruthaitheach in aimsir na hAthbheochana, is spéisiúil an ní é gur scríbhneoirí na cathrach is mó a bhí a scríobh seachas muintir na Gaeltachta ar dtús. Gné shuimiúil atá fíor faoi scríbhneoirí áirithe, cuir i gcás, Piaras Béaslaí a rugadh i Learpholl (1881-1965), Pádraig Mac Piarais as Baile Átha Cliath (1879-1916), Pádraig Ua

Duinnín as an gCarn, Co. Chiarraí agus daoine nach iad ná gur scríobh said ‘in the language – and the dialect – they had learned at the hearth or in the classroom’ (O’Leary, 2005:236). Ag

tabhairt buanna Ua Dhuinnín chun solais, tagraíonn Alan Titley don gcumas a bhí ag an Duinníneach ina úrscéal ‘Cormac Ua Chonaill’ (1901) a bhí mar cheann ‘d’ionsaí saoil is d’earraí aduaine na Gaeilge’ (1991:39). Ba scríbhneoirí cosúil le Pádraic Ó Conaire (1882-1928), Leon Ó Broin (1902-1990) agus Liam Ó Rinn (1886-1943) a phléigh téamaí uilíocha cosúil le coimhthíos an duine dhaonna agus staid intinne phríobháideach an duine. Ag déanamh anailíse ar an ngearrscéal ‘Nóra Mharcuis Bhig’ le Pádraic Ó Conaire, deir O’Leary go bhfaighimid, ‘a stark story of a Conemara father’s disowning his daughter when he realizes the life of impoverished dissipation she has lived when away in London [that] won an Oireachtas prize for short fiction in 1906’ (2005: 242). Samplaí de scéalta suntasacha le Leon Ó Broin a thug suíomh an scéil lasmuigh den Ghaeltacht dúinn ná an cnuasach *Árus na Gábhadh agus Sgéalta Eile* (1923). Le linn aimsir na hAthbheochana, áfach, bhí díospóireacht ann faoi cén saghas stíl a d’tógfadh scríbhneoireacht na Gaeilge. Is leis na samplaí seo a fheicimid macallaí den chineál stíle a bheidh a teach tar litríocht na Gaeilge. Feicimid gur comhartha é na stíleanna nua seo don athrú a tháinig ar chúrsaí stíle i litríocht na Gaeilge. Is féidir a rá nach raibh scríbhneoirí na hAthbheochana ag saothrú aon stíl faoi leith nuair a bhí sealbhú teanga i gceist. Fágadh go dtí níos deireanaí ná sin a tosaíodh ag déanamh cúram comhfhiosach de cheisteanna a bhaneann le stíl aonair an scríbhneora. Is éard atá á dhéanamh ag an gConghaileach ná leanúint ar aghaidh ag forbairt a stíl fhéin san aonú haois is fiche. Is léir mar sin, gur thuig scríbhneoirí mar seo gur féidir leo an Ghaeilge a thógaint ó shuíomh na Gaeltachta chun tuilleadh léitheoirí agus scríbhneoirí a chothú Bhí scoláirí cosúil leis an Athair Risteárd de Hindeberg (1863-1916) ag moladh staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge Chlasaiceach mar stíl scríbhneoireachta. Gné amháin de dhioscúrsa na litríochta a dtarraingíonn Nic Eoin aird uirthi ná go raibh meon coimeádach i réim faoin teanga liteartha nó ‘faoi fhriotal na litríochta [a bhí] ceangailte le tionscnamh pearsanta sealbhaithe nó athshealbhaithe cultúir’ (2005: 63) ag criticeoirí ar chainteoirí dúchais Gaeilge iad. Nuair a bhí criticeoirí ar thaobh coimeádach de

Hindeberg ag iarraidh tús áite a thabhairt don Ghaeilge Chlasaiceach, bhí scríbhneoirí eile ag déileáil le ceist na féiniúlachta. Ó thaobh cúrsaí stíle de, áitíonn O' Leary go bhfeicimid scríbhneoirí cumasacha a bhí róghafa lena gcuid saibhris teanga seachas le stíl aonair an scríbhneora (2006:228). Mar thoradh ar an meon coimeádach seo a thacaigh leis an nGaeilge Chlasaiceach mar an rogha teanga a d'úsáidfi i litríocht na Gaeilge. In ionad a bheith diúltach faoi thionchar an Bhéarla, d'fhorbair stíl i litríocht na Gaeilge a bhí sásta déileáil le hábhair eile a bhain le téamaí idirnáisiúnta seachas féachaint ar théamaí na tuaithe agus na Gaeltachta.

Ag tabhairt sracfhéachaint ar an gcur síos a dhéanann Robinson (1984) ar choincheap na stíle aonair sa litríocht, faighimid toise níos soiléire chun stíl an scríbhneora aonair a aithint. Dar léi, in aon scéal, bíonn stíl ghinearálta an údair le fáil a bhíonn fadbhuanaithe sa litríocht – sna heipicí, cuir i gcás. Os a choinne sin, tagann stíl aonair i gceist nuair a bhíonn léiriú ar phearsantacht aonair an scríbhneora sa saothar. Níl aon seicliosta ar leith ann a bhaineann le heilimintí stíle aonair an scríbhneora, dar léi (1984:148). I gcás Uí Chonghaile, is léir go bhfuil eilimintí sna gearrscéalta a bhaineann le cúrsaí béaloidis cosúil leis an gcur síos traidisiúnta a fhaighimid ar Bhás mar fhear caol in 'An Chéad Duine Eile', cuir i gcás. Ní hé sin le rá nach bhfeicimid stíl aonair Uí Chonghaile sa ghearrscéal freisin, áfach, leis an gcaoi ina gcuireann sé síos orthu ag imirt le chéile le beatha an duine mar a phléitear i gcomhthéacs na carachtrachta sa chaibidil roimhe seo. Cuireann an léirmheastóir Robinson leis an míniú a thugtar ar stíl aonair an scríbhneora nuair a luann sí go mbíonn leanúnachas ó thaobh pearsantacht nó tréithe na gcarachtar i saothar scríbhneoir ar bith (1984:148). Tá sé feicthe againn go mbaineann tréithe ar leith leis na carachtair i ngearrscéalta Uí Chonghaile sa chaibidil roimhe seo. An dualgas atá os ár gcomhair anois ná fáil amach céard iad na heilimintí stíleacha eile a d'fhéadfá a nascadh leis an gConghaileach. Ar ndóigh, toisc nach féidir linn seicliosta ginearálta a chur le chéile, is éard atá agam anseo ná fráma tagartha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach mar

thúsphointe do thaighdeoirí eile a bheadh ag iarraidh léirmheas a dhéanamh ar shaothar Uí Chonghaile.

Chomh luath is a osclaíonn an léitheoir cnuasach gearrscéalta ó Mhicheál Ó Conghaile, is follasach go bhfuil stíl an údair ag teacht chun cinn sna teidil a roghnaíonn sé do na cnuasaigh féin. Sna cnuasaigh, *An Fear a Phléasc* (1997), *An Fear Nach nDéanann Gáire* (2003) agus an cnuasach is deireanaí a tháinig amach nuair a bhí an tráchtas seo á scríobh, *Diabhlaíocht Dé* (2015), ní foláir go n-ardaíonn na teidil fiosracht an léitheora chun iad a phiocadh ón tseilf. I gcuid de na scéalta, nochtáíonn na teidil ceisteanna ionainn roimh an scéal a léamh. Ag briseadh síos na dteideal atá againn, is muid ag luí isteach ar na coincheapa a bhféadfaí anailís a dhéanamh orthu, ní imíonn gnéithe den fhantaisíocht ónár gcuid smaointe. Ní gá ach súil a chaitheamh ar theidil ar nós ‘Ag Ithe Daoine’, ‘Cos Liombó’, ‘Ar Pinsean sa Leithreas’ nó ‘Lá Eile Lazarus’ chun eilimintí den saol eile a fháil. Fiú ó na samplaí sin, tá casadh bun os cionn ar ghnáthchúrsaí an tsaoil intuigthe don léitheoir roimh an scéal a léamh. Deir Hume (1984) go n-osclaíonn an litríocht fhantaisíoch mar seo do mhí-ord na sochaí, neamhdhleathacht, gnéithe den saol a mhaireann lasmuigh den dlí nó pé rud atá lasmuigh de chóras feidhmithe ceannasaigh an tsaoil (1984: 17). Ó thaobh cúrsaí stíle de mar sin, is minic a bhíonn nós ag an gConghaileach fiosracht an léitheora a mhealladh láithreach bonn lena chuid teideal agus meon na léitheoirí a oscailt do thaobh mistéireach, fantaisíoch na scéalta.

Tar éis fiosracht an léitheora a nochtadh, tá pátrúin áirithe ag rith trí theidil na ngearrscéalta féin chomh maith. Ag féachaint ar theideal cosúil le ‘An Fear Nach nDéanann Gáire’, ‘An Fear a Phléasc’, ‘An Fear Gorm’ nó ‘An Fear Dara Láimhe’, is féidir linn a rá go gcuireann an tslí a roghnaíonn an Conghaileach an teideal lena stíl aonair. Is iomaí ceist a chruthaíonn sé sin faoin bpríomhcharachtar sna scéalta. Ní thugtar ainm don fhear seo – an bhfuilimid ag déileáil

leis an bhfear céanna sna gearrscéalta sin ar fad nó an roghnaíonn an Conghaileach an pátrún seo chun an gearrscéal a choimeád chomh hoscailte, uilíoch agus is féidir leis? Ar an taobh eile, tugann an scríbhneoir blúirín eolais faoin scéal féin chomh maith. Sa teideal ‘An Fear Nach nDéanann Gáire’, is suimiúil an ní é go dtugann an Conghaileach blaiseadh beag dúinn den mhéid atá ag teacht sa scéal. Áit eile a fheictear stíl aonair Uí Chonghaile ná an chaoi a mbíonn neart gluaiseachta ag baint le teideal na ngearrscéalta. Ag déanamh anailíse ar na teidil sin a thosaíonn le ‘An Fear ...’ an bhfuilimid ag glacadh leis an míniú díreach a thugann na teidil dúinn, is é sin le rá, an bhfuil ciall faoi leith ag na focail ‘pléasc’ ‘gorm’ agus ‘dara láimhe’ i gcomhthéacs na ngearrscéalta sin? Le roinnt mhaith de na teidil, bíonn léargas níos glinne againn ar phríomheachtra na ngearrscéalta. Sa ghearrscéal ‘An Mála Freagraí a Goideadh’, is cosúil go dtugtar achoimre bheag faoi na heachtraí a thiteann amach sa ghearrscéal. Má fhéachann tú ar innéacs na gcnuasach, ní bhíonn níos mó ná ceithre fhocal sna teidil ach fós féin is cosúil go n-éiríonn leis an gcúpla focal is fileata ach is simplí teideal a thabhairt do scéal. Tarraingíonn Harris aird ar an éifeacht a bhaineann leis na focail a roghnaíonn scríbhneoirí ó thaobh cúrsaí stíle de nuair a deir sé, ‘if a writer would have style he must have a personal something worth revealing and he must compel language to reveal it’ (Harris, 1910:131). Bheadh a fhios agat dá mbeadh scríbhneoireacht Uí Chonghaile os do chomhair má éiríonn léi freagra mothálach a fháil uainn, is é sin le rá, dá mbeadh rud éigin nua difriúil á scríobh aige ina chuid scríbhneoireachta, mar a deir sé féin, nochtófá an rud difriúil sin trína stíl fhéin.

Is san oscailt phléascach a bhíonn ag tús na ngearrscéalta, chomh maith, a fheicimid stíl aonair Uí Chonghaile. Tar éis taighde a dhéanamh ar chúrsaí nualaíochta i saothar Uí Chonghaile i gCaibidil a Dó, caithimid aitheantas a thabhairt don tionchar a bhíonn ag an mbéaloideas ar shaothar Uí Chonghaile. Ó thosach deireadh na scéalta éiríonn sé soiléir go bhforbraíonn an

Conghaileach stíl aonair as an oscailt phléascach a chruthaíonn sé don scéal cé go bhfeicimid macallaí de stíl an bhéaloidis. Ag tús an scéil ‘Seacht gCéad Uaireadóir’ tá cosúlachtaí ann idir an neamhchinnteacht atá i gcaint an phríomhcharachtair: ‘in áit eicint sa gcathair’ agus ‘lá áirithe’ (Ó Conghaile, 1997: 23) agus tréithe de scéalta an bhéaloidis nach dtarlaíonn in aon am ná in aon áit faoi leith go minic. Leis na teidil thuas a phléimear ar thosaigh le ‘An Fear...’ tá scéal béaloidis ar fáil i leaganacha difriúla ar fud na tíre faoi fhear nár chodail riamh a bhfuil taighde déanta ag Barbara Hillers (1991:91) air. Tá neart fianaise ann a nascann an stíl a úsáideann an Conghaileach le heilimintí atá sna scéalta traidisiúnta, mar sin. Nuair a phléamar cúrsaí béaloidis, thugamar faoi deara go mbaineann an Conghaileach úsáid as ‘Bás’ mar charachtar ina chuid scéalta mar a úsáideadh sna scéalta traidisiúnta. Is scéalta iad seo a mbaineann na chéad línte cosúil le ‘‘sé an Bás an méit is fearr atá agam, an dtuigeann tú.’ (Ó Conghaile, 2003: 97) geit as an léitheoir sa ghearrscéal ‘Gabh i Leith a Mhéit’. Ní hamháin gur le móifíteanna ón mbéaloideas a bhíonn oscailt phléascach os comhair an léitheora, áfach. Mura mbeadh an Conghaileach in ann a stampa féin a chur ar oscailt an scéil ba chosúil go mbeadh sé ag brath ar fhréamh an bhéaloidis chun scéal a chumadh. Ag déanamh trácht ar chúrsaí stíle an scríbhneora, tagraíonn Smith don chinneadh a bhíonn idir lámha ag scríbhneoir ag tús scéil ar bith nuair a deir sé:

If you were writing a novel what would you set down for the opening sentence?
There is an endless variety of possible styles, each of which an author must have
chosen as his best bet to get the reader hooked.

(Smith, 1981: 1596)

Mar oscailt phléascach, baineann an Congaileach úsáid as macallaí as na scéalta traidisiúnta mar sin, ach cuireann sé é féin ar ais iontu nuair a chuireann sé i gcomhthéacs nua-aimseartha iad – lasmuigh de shiopa sa chathair, cuir i gcás.

Is léir a fhite fuaite is atá forbairt na stíle le gnéithe den teanga i saothar liteartha ar bith. Is minic a bhaineann cúrsaí stíle leis an teanga a úsáideann an Conghaileach sa phróiseas

cumadóireachta. Teicníc scríbhneoireachta a thaispeánann an cumas atá ag scríbhneoir ar bith a stampa féin a chur ar a c(h)uid scríbhneoireachta ná an meafar. I gcás scéalta Uí Chonghaile, baineann sé úsáid as ina chuid scéalta mar mheafar leanúnach. Is ag díriú go príomha ar an meafar leanúnach atáim mar taibhsítear domsa go gcuireann úsáid an mheafair leanúnaigh dúshlán ar leith os comhair an ghearrscéalaí. Suíonn an gearrscéal mar fhoirm liteartha sa lár idir an fhilíocht agus an t-úrscéal. Caithfear a thabhairt faoi deara go mbíonn ar an ngearrscéalaí a bheith díograiseach maidir leis an meafar leanúnach do thréimhse níos faide ná an dán ach níos teorainní ná an t-úrscéal. Tá teorainneacha spáis ag baint le húsáid an mheafair leanúnaigh i ngearrscéal ach ní féidir leis an ngearrscéalaí a beith faoi smacht ag an meafar ar eagla go dtógfadh sé sin ó thaitneamh an léitheora. I gcás litríocht na Gaeilge chomh maith, is teicníc an meafar leanúnach atá le fáil idir phrós agus fhilíocht – ón gcill in ‘Cré na Cille’ le Máirtín Ó Cadhain go dtí samplaí eile ar nós na stoirme in ‘Oíche Nollaig na mBan’ le Seán Ó Ríordáin (Eireaball Spideoige, 1952) agus ‘Bean an Leasa’ i bhfilíocht Nuala Ní Dhomhnaill. An ní atá ag teastáil ón ngearrscéalaí mar sin ná tathag a fháil i meafar áirithe a thabharfaidh deis don ghearrscéalaí dul níos faide ná piosa filíochta le meafar leanúnach, ach a thugann deis don léitheoir nasc a fháil idir an meafar leanúnach agus an teachtaireacht a seasann sé di laistigh de thrí mhíle focal nó mar sin. Tá féidearthachtaí ag baint le bheith ag déanamh trácht ar an ngné osréalaíoch, teibí go héifeachtach in aon mheán liteartha. Is cosúil, i saothar Uí Chonghaile, go bhfuil íomhá láidir an mheafair leanúnaigh chun tosaigh sna scéalta agus go bhfuil teicnící eile a chruthaíonn stíl aonair an scríbhneora ag tacú leis an meafar leanúnach. Ar ball, pléifimid an t-imeartas focal a dhéanann trácht d’íomhá níos mó atá forbartha ag an meafar leanúnach.

Is éard atá i gceist leis an meafar leanúnach ná cineál analaí a ndéantar forbairt air trí scéal áirithe. Déanann Lakoff idirdhealú idir an míniú díreach a fheicimid i scéal mar léiriú díreach ar an taithí ach bíonn míniú indíreach ar an taithí i gceist freisin: ‘mapping from one conceptual domain to another that is characteristic of metaphor’ (Lakoff 1986). Dá bhrí sin, caithfear brí

eile a bhaint as na focail atá scríofa ag an údar. Ar ndóigh, braitheann conas a éiríonn le meafar i scéal ar an léamh a dhéanann an léitheoir, cumas samhlaíochta an léitheora agus an míniú a thógann siadsan as an meafar sin. Mura ndéanfadh an léitheoir nasc idir an meafar agus an teachtaireacht atá taobh thiar de ní éireodh leis. Mar sin, deir Steen go mbíonn ar léitheoir ar bith nasc a chruthú le friotal meafarach ar an leathanach agus an léamh a dhéanann sé nó sí féin. Dar leis, teastaíonn idirghabhálaí ón léitheoir chun aidhm an mheafair a oibriú amach nuair a deir sé:

I have proposed that the relation between the metaphorical words on the page and their resulting interpretation by the reader must be mediated by three different kinds of mental representations that have to be constructed during reading. I have termed these the linguistic, conceptual, and communicative representations of metaphor, and have derived three corresponding functions of metaphor as part of discourse that must be accounted for by cognitive linguists.

(Steen,1999: 501)

Don staidéar seo, féachfaimid ar aidhm chumarsáideach an mheafair mar go mbaineann sé le bheith ag tabhairt teachtaireachta don léitheoir, de réir Steen. Ag déanamh trácht ar an meafar mar fheiniméan cumarsáideach, deir Steen go bhfuilimid ag breathnú ar choincheap an meafair mar theachtairacht áirithe a threisíonn an rún agus an chumhacht a bhíonn ag coincheap an mheafair (1999:503) sa litríocht.

I ngearrscéalta Uí Chonghaile, tá éifeacht ar leith ag na meafair leanúnacha chun ceisteanna a nochtadh don léitheoir. Sna cnuasaigh atá idir lámha againn, bíonn láithreach na meafar sothuigthe don léitheoir, is é sin le rá, ní deacair an rud é smaoineamh ar an siopa in ‘Seacht gCéad Uaireadóir’ mar phurgadóir de shaghas éigin. I measc na fianaise níos soiléire atá againn, tá an cruiteachán a mbuaileann an reacaire leis sa siopa sáite agus tugtar le fios ag

deireadh an scéil go mbeidh reaire an scéil ar dualgas ann mar úinéir an tsiopa go síoraí. Ar leibhéal níos doimhne, ciallaíonn an focal ‘purgadóir’ staid mhaireachtála i gcúrsaí diagachta de réir theachtaireacht an Phápa Eoin Pól II agus tá tagairtí i ndioscúrsa na diagachta a dhéanann comparáid idir purgadoir agus próiseas a thugann deis don anam é féin a aisceadh. Ag glacadh leis an eolas seo, ní hamháin go seasann an siopa féin mar mheafar do phurgadóir; d’fhéadfaí macallaí den turas a thógann anam an duine i bpurgadóir a fháil ann chomh maith.

Is suimiúil an ní é go bhfuil Ó Conghaile ag scríobh faoi cheann de na rudaí is lú a bhfuil eolas ag an duine daonna orthu. Is gníomh cróga é sin atá le feiceáil in an-chuid dá ghearrscéalta. Ag díriú ar ‘Seacht gCéad Uaireadóir’ ar dtús, tá roinnt fianaise sa ghearrscéal a dhéanann comparáid idir am na n-uaireadóirí agus anam an duine. Ag féachaint ar an sliocht seo, deir an reaire faoi na huairadóirí:

Bhain mistéir draíochta leo, agus go háirithe leis na tonnta siosctha *tic toc tic* a rinne siad go léir le chéile, nó an chuid acu a bhí ag obair ar aon nós. Bhí siad ar fad, cheapfá, ag fosaíocht a chéile go rúndiamhrach agus uimhreacha nó marcanna gach uaireadóir a bheadh dhá shúil déag ann ag cigireacht na n-uaireadóirí a bhí ina dtimpeall.

(Ó Conghaile, 1997:24)

Fiú ón sliocht beag seo, tá ábhar machnaimh ann don léitheoir. Is cosúil gurb ionann anam an duine agus an t-uaireadóir; dá bhrí sin, seasann an chomparáid seo do mheafar leanúnach eile atá le fáil sa ghearrscéal. Ina dhiaidh sin, má ghlactar leis gurb ionann purgadoir agus staid mhaireachtála na n-anam, cuireann an ghluaiseacht a thugtar do na huairadóirí (‘ag fosaíocht’) i gcuimhne dúinn gur ag fanacht i slí éigin atá siad. Dá réir sin, nach bhféadfaí nasc a fháil anseo idir na huairadóirí ag fanacht agus anam an duine ag fanacht don ghlanadh atá uathu? Ar an gcuma chéanna, tá níos mó fianaise ann dúinn leis an dá shúil déag atá ag cigireacht ann.

Ar bhealach, nach ndéanann sé sin tagairt do na deisceabail a bheadh ag fanacht d’anam atá

réidh chun maireachtáil i neamh? Chonaiceamar go bhfuil míniú cumarsáideach ag an meafar i gcúrsaí litríochta agus anseo, is cosúil go ndéanann an meafar leanúnach faoin siopa féin agus na huairadóirí atá ann trácht ar staid anam an duine i bpurgadóir leis na samplaí atá luaite agam ón ngearrscéal sin.

Ní sa ghearrscéal ‘Seacht gCéad Uaireadóir’ amháin a fheicimid meafar leanúnach i scéal faoi phurgadóir. Sa ghearrscéal ‘An Chéad Duine Eile’ déantar comparáid idir broinn na mná agus a bheith i bpurgadóir. Leis an leanbh sa bhroinn, is cosúil go bhfuil sé ag fanacht le bheith beo. Ag an am céanna, ag déanamh anailíse ar an teideal, tugann sé le fios go bhfuil leadrán ag baint le roth an tsaoil – saolófar an leanbh, beidh saol aige nó aici agus ansin, gheobhaidh an leanbh bás. Tarlóidh an rud céanna le duine eile agus arís ar feadh na síoraíochta. I ngearrscéal níos

éadroime, ‘Ar Pinsean sa Leithreas’ tá dearcadh searbhasach ag an bhfear faoin saol agus céard a chiallaíonn sé a bheith ag glacadh páirt sa saol ar do théarmaí féin. Ag díriú ar úsáid an mheafair go ginearálta gan trácht a dhéanamh ar an meafar leanúnach ar feadh tamaill, tá léargas ar phurgadóir le feiceáil i dteideal an ghearrscéil ‘Cos Liombó’. Má ghlacann tú le ‘cos’ mar ghéag duine agus gurb ionann ‘liombó’ agus an rince; d’fhéadfá féachaint ar an teannas a bhíonn ar chorp an duine is é nó í ag déanamh an liombó mar chomparáid leis an gcoimhlint a fhorbraíonn sa scéal idir na carachtair. Is amhail mar sin, go bhfuil cóiréagrafaíocht de shaghas ann, is é sin le rá, bíonn Simpleoir ag cur ceisteanna agus tagann na ceisteanna ar ais gan freagra ó na daoine ina thimpeall. Ag déanamh anailíse ar an meafar i slí osréalaíoch, b’fhéidir go seasann an ‘liombó’ d’ainm eile do phurgadóir agus go bhfuil cos curtha againn i liombó sa ghnáthshaol toisc go bhfuil an áit fhéin faoi chaibidil sa scéal. In intinn Simpleoir, tá an chos tar éis bás a fháil is í scartha ón gcorp:

Tar éis an tsaoil, a dúirt sé leis féin, ba cheist thábhachtach dhlísteanach a bhí inti a chaithfeadh Dia a réiteach sa saol eile mura mbeadh réitithe dó ag daoine ag fágáil an tsaoil seo. Fadhb amháin a bhí ann do mhuintir an tsaoil seo áit a fháil don chois ach chaithfeadh sé go mbeadh an fhadhb chéanna

ann sa saol eile a chaithfí a réiteach freisin, rud a bheadh deacair agus fear na coise fós beo.

(Ó Conghaile, 2003:51)

Is léir ón sliocht sin gur ceist thábhachtach atá ann do Shimpleoir agus gur féidir leis an gcos maireachtáil neamhspleách ar an bhfear. Os a choinne sin, creideann Simpleoir gur cheart don chos dul go dtí áit éigin i bhfad ón saol laethúil – neamh, ifreann nó liombó. Sa tslí sin, b'fhéidir go seasann an chos don ghá a bhíonn againn daoine beo a chur faoin rangú 'saol' agus daoine maithe a chur i 'neamh' srl.

Ag díriú ar bheatha agus bás an duine mar mheafar leanúnach, is amhail go ndéanann carachtair áirithe comparáid idir saol an duine agus piónós de shaghas éigin. Le linn an ghearrscéil 'Ar Pinsean sa Leithreas', cruthaíonn an reacaire a purgadóir fhéin nuair a bhogann sé isteach sa leithreas mar thoradh ar an gcroí crá a bhaineann lena shaol. In ionad a bheith buíoch as a bheith beo, tá an reacaire ag iarraidh fáil réidh le rud ar bith a chuireann an leadrán a bhaineann leis an saol i gcumhne dó. Seasann an áit a chruthaíonn sé dó féin do phurgadóir mar sin, ach is ionann an próiseas féin agus a bheith bréan de bheith beo. Sa chnuasach gearrscéalta nua *Diabhlaíocht Dé* (2015), faighimid an casadh in aghaidh an tsaoil chéanna sa scéal 'An Fear Dara Láimhe'. Tar éis do Mhac Dé an fear agus corp duine eile ar an suíomh a dhíthógáil, cuireann Mac an Diabhail na géaga éagsúla ar ais agus athraíonn an suíomh don fhear:

Bhí na baill choirp ar fad a d'fhás sé go nádúrtha óna sheacht shinsir caite ina gcarnán fuilteach i lár an úrláir is ag fuarú ansin agus fear nua dara lámhe déanta de féin as corp marbháin anaithnid. Ach cé mé féin ar chor ar bith anois, a d'fhiafraigh sé de féin. Cé leis mé?

(Ó Conghaile, 2015:76)

An ghné thromchúiseach is mó a d’athraigh an suíomh don fhear ná nach bhfuair sé ach roinnt dá ghéaga féin ar ais, is é sin le rá, b’fhéidir go raibh lámha an fhir eile aige anois. Trí úsáid na fantaisíochta, is cosúil go bhfuil comparáid anseo idir an fear atá scartha óna chorp agus an tslí a bhfuil sé scartha ón saol a bhí aige. Ag deireadh an scéil, ní aithníonn a bhean é fiú lena chorp ‘dara láimhe’ agus tugtar le fios gur thug a bhean páipéir colscartha dó agus gur chaoin sí tar éis géag dá sheanchorp a fheiceáil toisc nach féidir leis teacht ar ais go dtí an saol a bhí aige. Is ionann an saol céanna ar fhás an duine suas leis go nádúrtha agus sonas daonna. Is forbairt cheart, dhosheachanta atá ann nach dtéann in aghaidh nádúr an duine. Ag pointe amháin, deir an fear gur thug ‘Dia na Glóire’ an corp dó agus tar éis do Mhac an Diabhail agus Mac Dé teacht ar réiteach ar an gcoimhlint eatarthu; scriostar saol an fhir. Mar sin, slí eile chun féachaint ar an dhíthógáil a dhéantar ar an bhfear ná mar eachtra tromchúiseach nó tragóideach éigin ina shaol, cuir i gcás, timpiste. Caithfidh go mbeadh cúis ag baint leis sin chun an saol a bhí ag an té sin a dhíthógáil. Chun teachtaireacht an mheafair a mhíniú le sampla a bheadh oiriúnach dúinne; ní gá ach smaoineamh ar dhuine a bhí i dtimpiste éigin nach bhfuil in ann a c(h)osa a úsáid arís. Ní féidir leo teacht ar ais go dtí a s(h)aol féin sa tslí chéanna mura mbeidís in ann brath orthu féin do chuile ní. D’fhéadfá féachaint ar an staid nua seo mar phurgadóir de shaghas éigin don duine, níl siad tar éis bás a fháil ach níl siad ar ais sa saol ina raibh siad ach oiread. Ar an gcaoi chéanna, má bhreathnaíonn tú ar an bhfear dara láimhe mar lámh eile a bhí páirteach in eachtra éigin, b’fhéidir go seasann sé sin don lámh a bhíonn ag an duine daonna ina b(h)ás féin.

I gcuid de na gearrscéalta, is léir go bhfuil dearcadh daonnachach ag an gConghaileach. I ngearrscéalta cosúil le ‘Bualadh an Bháis’ agus roinnt gearrscéalta ón gcnuasach *Diabhlaíocht Dé*, is cosúil nach bhfuil aon luach ag baint le hanam an duine. Is léargas é sin chomh maith ar céard a cheapann an Conghaileach faoin gcreideamh agus pé ainm a chuirtear ar an saol eile atá i ndiaidh an tsaoil seo, más neamh, ifreann nó purgadóir atá i ndán don duine. Deir sé féin

go gcreideann sé sa saol seo (tuairisc.ie, 2015). Ag déanamh trácht ar an gcaidreamh atá idir an réalachas agus an fhantaisíocht, aontaíonn sé le léirmheastóirí nuair a deir sé go mbaineann an réalachas agus an fhantaisíocht le dhá thaobh den phingin chéanna, mar a deir sé féin. Creideann an Conghaileach sa saol seo os a chomhair ach nach síneadh eile é an creideamh de shaol laethúil don duine? Baineann féidearthachtaí an tsaol eile le céimeanna smaointe an duine dhaonna, is é sin le rá, bímid ag lorg fianaise éigin chun greim a fháil ar shaol eile ónár mbreith más neamh atá i gceist leis. Treisíonn creideamh an duine sa saol eile spioradáltacht an duine dhaonna dá mbeadh sé sin nasctha leis an gcreideamh. Is cuma má chreideann an Conghaileach sa saol seo os ár gcomhair mar chuid dá spioradáltacht féin, dá mbeadh sé ag iarraidh a bheith chomh hoscailte agus is féidir leis lena chuid scéalta, ní féidir leis ceist an tsaol eile a thagann le cúrsaí creidimh a sheachaint. Is cuid mhór den saol seo é creideamh an duine, áfach. Tugtar le fios is é ag caint faoin gnúasach *Diabhlaíocht Dé*, nach bhfuil seasamh láidir aige ó thaobh chreideamh an duine de ach tá cnuasach aige bunaithe ar bheatha, bás agus ar chreideamh. Is meafar leanúnach é an cnuasach féin b'fhéidir a léiríonn an méid ama a d'fhéadfá a chaitheamh ar choincheap nach dtéann tú i ngleic leis sa ghnáthshaol. Is amhail go nochtáíonn sé sin an fheidhm chumaráideach a bhíonn ag an meafar leanúnach. Sa chnuasach *Diabhlaíocht Dé*, taisceálann an Conghaileach an taobh fealsúnach den duine i slí mheafarach arís nuair a dhéanann sé trácht ar chúrsaí creidimh ina chuid ghearrscéalta. Is deacair an t-ábhar sin a phlé, ar ndóigh, ach ní dúshlán nua é dul i ngleic le cúrsaí creidimh sa litríocht agus is iomaí deacracht a chruthaíonn ábhar an chreidimh do scríbhneoirí agus do léitheoirí araon.

Ó thaobh úsáid an chreidimh de i ngearrscéalta Uí Chonghaile, is le tagairtí díreacha a fhaighimid an creideamh mar théama. I gcuid de na scéalta, nochtáíonn Dia agus an diabhal iad féin i bhfoirm fise os comhair na gcarachtar eile, is é sin le rá, bíonn na carachtair eile in ann labhairt le Dia agus an diabhal sa ghearrscéal 'Diabhlaíocht Dé' nó 'An Fear Dara Láimhe', cuir i gcás. Ní mór a admháil go mbíonn míthuiscintí ag daoine maidir le brí an mheafair sa

litríocht go ginearálta. Is léir gur coincheap teibí atá ann i gcúrsaí creidimh a bhíonn lán de mheafair a bhaineann le teagasc na Críostaíochta sa Bhíobla – is ionann Dia agus grá, cuir i gcás. An deacracht is mó a chruthaítear do dhaoine leis an teachtaireacht a nochtaítear i meafar na litríochta ná nuair a théann meafar nua na scéalta in aghaidh mheafar eile atá i dteagasc na heaglaise. Is éard atá á áiteamh ag an léirmheastóir Ashton ná go dtagann an míniú díreach a bhíonn ag daoine ar mheafar atá sa Bhíobla salach ar conas tuilleadh machnaimh a dhéanamh. Más ionann Dia agus grá, bheadh sé deacair dul i ngleic le híomhá a théann in aghaidh an ghrá – díoltas a nascadh le Dia, cuir i gcás. In intinn Ashton, is deacair an ní é dioscúrsa a thosú nuair a thugtar idirmhíniú díreach ar litríocht fhíortha. An fhadhb atá leis, dar léi, ná go gcailleann an meafar aon chumhacht atá aige chun léiriú a thabhairt ar ábhar éigin nuair a ghlacann daoine leis an míniú díreach. Is é an creideamh is mó a mbíonn faoi thionchar na ndeacrachtaí atá luaite agam, dar léi. (1993: 381-2). Is deacair an ní é do léitheoirí dul i ngleic le hathrú toin na n-íomhánna a bhaineann le Dia go háirithe. Sampla amháin de sin ná nuair a iompaíonn Dia i dtreo an diabhair in ‘An Fear Dara Láimhe’. Más ionann Dia agus grá go traidisiúnta bheadh sé níos deacra do léitheoirí dul i ngleic leis an íomhá dhiúltach a thugtar de Dhia agus d’Íosa i roinnt de na gearrscéalta.

Ar an ábhar sin, leis an ngreim láidir atá ag scigmhagadh, greann agus searbhas i meafair a bhaineann le beatha agus bás an duine, bheifeá ag smaoineamh ar an tón céanna i gcás cúrsaí creidimh. Is amhail go gcasann an Conghaileach na tréithe a bhaineann le Dia go traidisiúnta timpeall mar go bhfeicimid taobh searbhach ach gáirsiúil sna meafair atá ag rith go fairsing trí na gearrscéalta. Áitíonn Ashton (1993) go mbíonn steirítíopa ag baint leis an gcoincheap atá curtha le chéile againn maidir le Dia. I ngearrscéalta cosúil le ‘Tinte Síoraí’ níl fíorghanntanas fianaise crua ann ó mheon Mhac Dé gur thréig Dia é ina ‘leathdhílleachta’. Sa duine mífhreagrach, santach, míthrócaireach a fhaighimid i gcarachtar Dé sa ghearrscéal ‘Diabhlaíocht Dé’ is cosúil go seasann sé mar athrú an mheafair idéalach a nglacaimid leis ón

Bhíobla. Anseo, osclaíonn an Conghaileach taobh níos dorcha de Dhia mar fhreagra ar na míthuiscintí atá againn. Tríd an ngearrscéal ‘Diabhlaíocht Dé’, d’fhéadfá a shamhlú gurb ionann an daonnacht a thugann Dia don ápa agus an Chríostaíocht. Ní ábhar iontais dom dá mbeadh sé deacair do léitheoir dul i ngleic leis mar ciallaíonn sé sin go gcruthaíonn creideamh an duine bearnaí. Smaoinigh ar an sliocht seo i gcomhthéacs an chreidimh leis an gcéad ápa mar chríostaí agus a dheartháir eile mar dhuine le creideamh difriúil nó mar dhuine gan chreideamh:

“Ní mar a chéile muid.” “Is mar a chéile muid.” “Ní mar a chéile muid.”
“Ba mhar a chéile muid. Clann na haonmháthar is athar! Deartháireacha.
Cúpla. As aon bhroinn amháin. I bhfoisceacht nóiméadacha dá chéile...”
“Ní deartháireacha níos mó...ní deartháireacha faraor. Ná clann an aon
athar feasta.”

(Ó Conghaile, 2015:26)

Thóg Dia an t-ápa óna mhuintir fhéin agus cé gur créatúir as an máthair chéanna iad, fós ní aithníonn an t-ápa eile a dheartháir a thuilleadh. Ag léamh tríd an scéal, tá cuma ar an scéal go bhfuil an t-ápa breá sásta mar a bhí sé ar an gcrann go dtí gur tháinig Dia ar an suíomh. Leis an meafar a chruthaítear chun léargas a thabhairt dúinn den tslí ar chruthaigh Dia an chéad duine daonna, tugann an Conghaileach bealach simplí dúinn chun dul i ngleic leis na deacrachtaí a bhaineann le cúrsaí creidimh. Ní foirceadal an tslánaithe atá ann mar a thuigimid é ón mBíobla sa ghearrscéal sin ach oiread. Sa ghearrscéal seo, níor chruthaigh Dia an duine daonna as a íomhá féin, is cosúil gur piónós a bhí idir lámha aige don ápa agus é scartha óna mhuintir go deo gan cead aige casadh ar ais go dtí an créatúr beag sásta sa chrann a bhí ann.

Ag leanúint ar aghaidh leis an léargas eile a thugann na meafair leanúnacha dúinn ar an gCríostaíocht agus an gaol atá idir Dia agus an duine daonna – an é gur ag tabhairt léargas diúltach dúinn faoin saol siad atá nó an bhfuil siad ag cur béime ar thábhacht na bhflaitheas don duine daonna? Sna gearrscéalta ina gcuirtear dioscúrsa creidimh chun tosaigh, feicimid go bhfuil idir shásamh agus mhífhoighneacht ag baint le bheith i bpurgadóir; gur ciapóir de shaghas éigin don duine daonna atá i gceist le Dia is iad sa ghnáthshaol; agus go mbíonn deacrachtaí fite fuaite le bheith ag iarraidh éalú ón saol mar atá soiléir ó theideal an ghearrscéil ‘Lá Eile Lazarus’. Sa Bhíobla, ba mhiorúilt a bhí ann. Tháinig Lazarus ar ais ar an saol agus bhí an slua ina thimpeall an-bhuíoch d’Íosa as sin. Níl aon rud ó Lazarus sa ghearrscéal seo ach bás a fháil arís agus luann an reacaire go díreach gur ‘chuma sa diabhal le Lazarus, mar bhí Lazarus sásta’ (Ó

Conghaile, 2015:83). Deir an Conghaileach gur mhair Lazarus thart ar thríocha bliain ina dhiaidh sin. Is féidir a rá gurb ionann sé sin agus a rá ‘beidh lá eile ag an bPaorach’ nó go gcaithfidh Lazarus fanacht beo tar éis blaiseadh a fháil ar shuaimhneas síoraí na bhflaithis. Is é ag plé ‘Lá Eile Lazarus’, síleann Ó Conghaile féin go mbeadh ar Lazarus bás eile a fháil má ghlactar leis go gcaithfeadh sé bás a fháil arís tar éis aiséirí. Is ábhar iontais é sin, dar leis, mar go gceapfa gur leor bás amháin don duine. Má tá ar Lazarus bás eile a fháil, an é sin an bás ceart nó an mbeadh air bás eile fós a fháil? (Ó Conghaile, 2015). Ar leibhéal an-bhunúsach a chasann an dearcadh atá ag na Críostaithe faoi fheidhm na míorúiltí, luann an Conghaileach gur féidir a rá gur thóg Íosa Lazarus ar ais chun próifíl Íosa a chur chun cinn (Ó Conghaile, 2015). Más féidir é sin a rá, d’fhéadfá an rud céanna a shamhlú faoi ‘Diabhlaíocht Dé’ nuair a thug Dia daonnacht don ápa.

B’fhéidir gur meafar atá ann don tslí gur féidir le Dia a bheith ag maíomh as an gcumas atá aige speiceas nua a chruthú más maith leis. Déanann an Conghaileach comparáid idir Lazarus agus duine cáiliúil nó réalta sa saol comhaimseartha chomh maith nuair a

luann sé go bhfuil daoine timpeall ar Lazarus ag ceapadh gur duine naofa atá ann agus go bhfuil siad ag iarraidh lámh a leagadh air. Ó na samplaí sin, is amhail go bhfuil na daoine seo curtha ar leibhéal níos airde agus b'fhéidir go seasann sé sin don phribhléid a fhaigheann daoine áirithe as a bheith níos cóngaraí do Dhia nuair a bhíonn creideamh

éigin acu. Tá a mhalairt den dearcadh sin in 'Bualadh an Bháis'. Bhí ionadh ar Éamonn nuair a chuala sé lucht na sochraide ag caoineadh a choirp. Tabhair faoi deara gur tharla sé sin nuair a bhí Éamonn ag féachaint ar an tsochraid. Caithfear an cheist a chur mar sin, an raibh sé sa seomra ag féachaint ar a shochraid fhéin nó arbh é sin an íomhá a chonaic sé ón bhflaitheas? Láithreach bonn, tar éis aiséirí ar an saol b'fhéidir go bhfeiceann sé an fhírinne sa ghnáthshaol, áit nach féidir leis an duine daonna breith ar shuaimheas síoraí ar chor ar bith.

Go dtí an pointe seo sa saothar seo, tá roinnt tagairtí déanta agam don ghreann i scríbhneoireacht Uí Chonghaile. Cé go bhfuil cineál leadrán ag baint le húsáid an ghrinn mar ábhar taighde, ní fhéadfainn staidéar cuimsitheach a dhéanamh ar ghearrscéalta Uí Chonghaile gan trácht a dhéanamh ar an ngreann. An rud a dhéanann an difríocht idir píosa scríbhneoireachta atá bríomhar, fileata agus píosa leadránach ná an t-imeartas a bhíonn ann nuair a dhéanann an file iniúchadh ar na féidearthachtaí a bhaineann le focail. (Figgins agus Johnson, 2007:29). Briseadh de shaghas éigin atá ann i scéal dáiríre atá dian go leor ar aird an léitheora, ach stíl scríbhneoireachta a thugann ábhar machnaimh don léitheoir tarraingt as foinsí tagartha eile lasmuigh den scéal. Bealach isteach eile is ea an t-imeartas focal chun teachtaireacht a thabhairt don léitheoir. Díreach chun sampla a thabhairt ó scríbhneoireacht Uí

Chonghaile, smaoinigh ar theideal an scéil 'Ag Pacáil'. Tar éis tamaill a chaitheamh ar theidil na scéalta is ea a fheicimid focal nó frása a fhágann dearcadh an léitheora ar an scéal i gcóir thuathail. Ag díriú ar an teideal 'Ag Pacáil', d'fhéadfá a rá ar leibhéal amháin go bhfuilimid

díreach ag caint faoi bheith ag pacáil mála ach mar is dual don Chonghaileach, cuirtear mearbhall orainn. Is leis an bhfrása seo atá neamhúrchóideach go maith a fheicimid cleasaí ceart na teanga i stíl scríbhneoireachta Uí Chonghaile. Stíl fhuaimfhoclaíochta san fhocal atá ann i ndáiríre a dhéanann trácht do dhá ghníomh. Ó thaobh litriú an fhocail de, is pacáil earraí fisiciúla atá i gceist leis an teideal ach b'fhéidir go bhfuil an focal 'peaca' i gceist leis freisin nó go bhfuil an carachtar ag pacáil a chuid peacaí fiú. Ní hamháin gur féidir leis an imeartas focal sraith eile a thabhairt do stíl scríbhneoireachta aonair an scríbhneora, is slí eile é chun mothúcháin a nochtadh agus is minic a bhíonn feidhm ghreannmhar aige i saothar Uí Chonghaile.

An rud is taitnimhí faoin imeartas focal don léitheoir ná nach gá dúinn dul ag lorg feidhm níos doimhne ón imeartas a chruthaítear leis na focail – píosa spraoi a bhíonn ann don léitheoir. Déantar iniúchadh ar an imeartas focal i dtaca leis an ngreann ach caithfear a áiteamh nach leis an ngreann amháin a bhíonn éifeacht ar leith ag an imeartas focal. Is í ag plé 'Cré na Cille' mar úrscéal grinn, is féidir comparáid a dhéanamh idir stíl Uí Chonghaile agus an greann a ndéanann Caoilfhionn Nic Pháidín (1978) staidéar air i dtaca le stíl scríbhneoireachta Uí Chadhain. Is suimiúil an ní é go dtugann Nic Pháidín aitheantas do dhá shaghas grinn in 'Cré na Cille' le Máirtín Ó Cadhain. Dar léi, léirítear suarachas agus áiféis an duine 'trí mhionsonraí a thabhairt agus áibhéil a dhéanamh ar na gnéithe dá mheon is dá iompar is greannmhaire' (1978:21). Oireann léargas ar áiféis agus suarachas an duine dhaonna do stíl Uí Chonghaile mar is minic a bhíonn carachtair na ngearrscéalta ag streachailt leis an suíomh osréalaíoch os a gcomhair chomh maith. Is féidir leas a bhaint as an léargas a ndéanann Nic Pháidín trácht air. Ma ghlacaimid le Nic Pháidín, is éard atá nasctha leis an imeartas focal ná an léargas greannmhar agus an áiféis a fhaighimid i scéalta cosúil le scéalta Uí Chonghaile don taighde seo.

Mar a dúirt mé cheana féin, tá briseadh beag ar fáil don léitheoir ó theannas an scéil san imeartas focal. Deir Nic Pháidín (1978) go bhfuil 'magadh fíorghlic deanta faoi na daoine a

bhíonn de shíor ag iarraidh suarachas an duine a cheilt is a shéanadh, go háirithe lucht fealsúnachta’ (1978:21). I gcás gearrscéalta Uí Chonghaile, tagann an glíceas sin amach trí úsáid an imeartais focal agus déantar trácht ar ghnéithe eile de theanga na Gaeilge leis an imeartas focal chomh maith. I measc na gcarachtar a ndearnamar staidéar orthu, carachtar searbhasach a chlúdaíonn faobhar a chuid maslaí ná an reacaire in ‘Ar Pinsean sa Leithreas’.

Le linn argóinte leis an sagart, creideann an reacaire gur féidir leo é a chréamadh beo beathach má tá siad chomh diongbháilte sin faoina anam nuair a deir sé: “agus más gá is féidir libh mé a chréamadh- beo beathach, ar ndóigh.” “Tú a chréamadh beo beathach! Ach ní féidir...” “Is féidir! C.U. Burn. Gheall sé dom go...” (Ó Conghaile, 1997:85). Ar ndóigh, tá tagairt anseo do chlár grinn a bhí ar siúl ar TG4 (1996) darb ainm ‘C.U Burn’ faoi ghrúpa adhlacóirí a d’oibrigh as créamatóiriam portaigh. Is as an mbaint atá ag an bhfrása sin le gné de shaol cultúrtha na Gaeilge a fheicimid imeartas focal. Ar an gcuma chéanna, ní gá a bheith ceangailte leis an míniú a thug mé d’fhoinsé an fhrása ‘C.U. Burn’ muna bhfuil cur amach agat ar an gclár. Tá go leor tagairtí san imeartas sin is tú ag déanamh trácht ar chúrsaí leighis agus báis – b’fhéidir gur dtig linn nasc a fháil idir C. U agus fuaimniú an Bhéarla. An bhfuil bagairt le fáil sa fhrása as Béarla fiú? An bhfuil an fear ag rá go bhféadfadh sé féin an sagart ag dó má ghlactar leis go bhfuil ‘see you burn’ á rá aige?

Ós rud é go mbaineann fuaimeanna deasa agus rithim bhríomhar le himeartas focal go minic, is bealach simplí é chun stíl aonair an scríbhneora a fhorbairt. Trí na gearrscéalta níos minice ná a mhalairt, roghnaíonn an Conghaileach an focal áirithe don imeartas focal chun rithim spráúil, ceolmhar a chruthú. Deir Figgins agus Johnson (2007) go mbaineann imeartas focal le

Wordplay is also the wars, parties, lullabies, uninterrupted conversations, and love letters happening on the poem's microscopic level, between the shapes, syllables, color splashes, and slant rhymes.

(Figgins agus Johnson, 2007:29)

Is san achoimre seo a fhaighimid na cineálacha freagraí mothálacha a bhíonn ag an imeartas focal i ngearrscéalta Uí Chonghaile. Sna cnuasaigh ar fad, tá go leor samplaí den saghas imeartas focal seo a chuireann mearbhall, meangadh gáire agus míchompord ar an léitheoir. Is sa ghearrscéal ‘An Mála Freagraí a Goideadh’ a fheicimid samplaí láidre má fhéachann tú ar ainmneacha na gcarachtar atá le fáil i measc mhuintir Gleann na mBua. Leis an logainm féin ‘Gleann na mBua’, tá sampla againn a úsáideann an tuiseal ginideach chun logainm as Gaeilge a chumadh. Is cineál tagairt é sin, b’fhéidir, d’eastáit nó áiteanna faoi phribhléid a bhfuil cuma shaibhir orthu. Tá sé íorónta freisin mar ní bhuann na daoine sa scéal seo ar chor ar bith. Is ceann de na scéalta is láidre é ina léirítear laigeachtaí an duine / na sochaí. Is le haicme an duine arís a roghnaíonn an Conghaileach teidil do choistí údarásacha mar dhea – ‘An tOifigeach Ceisteanna’ agus ‘Ceannaí Cosach Cleasach’. Is spéisiúil an rud é go mbaintear úsáid as an imeartas focal arís chun ainm a thabhairt do dhuine den ísealaicme le sloinne dúbailte ‘Réamann Rua Ríbeach’ in ‘Cos Liombó’. Ar thaobh amháin, faighimid daoine údarásacha leis an oifigeach, agus leis an ‘Ceannaí Cosach Cleasach’ tá uaim ag cur leis an teideal sa tslí is go ritheann sé as barr do theanga go nádúrtha. Laistigh den imeartas focal atá againn anseo, tá léiriú againn ar na teidil agus ar na hainmneacha a chumann an Conghaileach chun píosa spraoi a chur ann do chluasa an léitheora ach a tugann léargas suntasach dúinn ar an gcumhacht a bhíonn ag an teideal a bhíonn ag duine sa tsochaí.

Ní fhéadfá trácht a dhéanamh ar an imeartas focal gan súil a chaitheamh ar úsáid an Bhéarla i ngearrscéalta Uí Chonghaile chun tréith an tsearbhais atá fite fuaite le stíl an údair a nochtadh. Gné shuntasach dá stíl fhéin is ea an tslí a dtéann múnlaí gramadaí na Gaeilge i bhfeidhm ar na nathanna Béarla. Ábhar neamhghnách, spéisiúil atá anseo d’fhoghlaimoír teanga, go háirithe,

a chasann nósanna scríbhneoirí na hAthbheochana a scríobh ar mhaithe le sealbhú agus le glaineacht na teanga bun os cionn. Is í ag déanamh léirmheasa ar shaothar Uí Chadhain, áitíonn

Nic Pháidín go dtéann dúil i bhfocail lena mhodh scríbhneoireachta (1978:21) agus d'fhéadfá a mhacasamhail a nascadh leis an tslí a gcruthaíonn an Conghaileach téarmaí nua le gnéithe den ghramadach cosúil leis an urú agus an séimhiú a chur i bhfeidhm i leith téarmaí Béarla. Pátrún amháin a thugaimid faoi deara leis an gcineál cruthú teanga seo ná deireadh na Gaeilge a bhíonn ag dul le briathartha as Béarla. In áiteanna, dealraíonn sé go bhfuil feidhm shearbhasach aige seo. Ag déanamh anailíse ar chuid de na carachtair atá ag iarraidh fáil réidh leis an suíomh ina bhfuil siad, is amháin go gcuirtear deireadh na Gaeilge ar fhocail is iad ag tabhairt fógra deiridh do dhaoine eile ina dtimpeall. Tá roinnt samplaí le feiceáil i gcaint an reacaire a bhogann isteach sa leithreas in 'Ar Pinsean sa Leithreas'. Le linn a oráide, míníonn sé go bhfuil sé ag iarraidh éalú ó na 'spiteannaí' atá ag daoine dá chéile agus go 'flyálann an t-am sa leithreas' (Ó Conghaile, 1997:80). Nuair a chuirtear an guta caol ag deireadh an fhocail

'spiteannaí' leis an 'aí' tógann an 'í' sin an faobhar atá sa chéad leath den fhocal 'spite' a dhéanann trácht ar an nimh san fheoil a bhíonn ag daoine dá chéile. Ag léamh an fhocail féin laistigh den ghearrscéal, d'fhéadfá a rá nach dtabharfadh an léitheoir faoi deara gur téarma maslach, diúltach atá ann leis an deireadh ceolmhar a thógtar as gramadach na Gaeilge. Is cosúil go gcuirtear an stíl sin isteach chun atmaisféar searbhasach, éadrom a choimeád a scaoileann taobh níos dorcha amach i gcaint an reacaire. Feictear minic go maith go n-úsáidtear cló iodálach i gcúrsaí scríbhneoireachta chun béim a chur ar fhocal. Leis an gcló iodálach atá ar 'spite', is éasca a shamhlú go bhfuil an Conghaileach ag iarraidh an bhéim a chur ar drochiompar na ndaoine i bhfocal amháin chomh maith le tabhairt faoi deara gur as Béarla atá an chéad leath den fhocal. Laistigh den chló iodálach, tugtar le fios go bhfuil an focal curtha i gcló difriúil chun aird an léitheora a thabhairt air. Má ghlactar leis go bhfuil an focal i gcló

iodálach toisc gur teanga eile atá ann seachas an Ghaeilge, diríonn aird an léitheora ar cén fáth go bhfuil an focal sin curtha isteach as Béarla.

Leanann an Conghaileach ar aghaidh leis an mBéarla mar theicníc liteartha a chuireann lena shaothar nuair a thógann sé nathanna cainte an Bhéarla isteach ina chuid gearrscéalta. An fheidhm a bhíonn ag na nathanna ná pearsantacht inchreidte daonna a thabhairt dá charachtair. Nuair a deir an reacaire a bhog isteach sa leithreas go bhfuil sé *'fed up'* (Ó Conghaile, 1997:78), is amhail go gcruthaíonn sé sin nasc mothálach níos mó leis an léitheoir. Is éard atá i gceist leis an nasc mothálach seo ná go dtaispeántar go mbíonn freagra macánta ag reacaire an scéil atá comónta sa chaint. An sampla is láidre a nasctar le stíl teanga Uí Chonghaile ná an focal 'ócé' a chum sé chun blas na Gaeilge a thabhairt do nath atá thar a bheith coitianta sa Bhéarla.

Is suimiúil an ní é gur scríbhneoir Gaeltachta atá againn a thugann an taithí atá aige lasmuigh den Ghaeltacht isteach lena chuid scríbhneoireachta. Ag déanamh trácht ar an stíl scríbhneoireachta a bhí ag Pádraic Ó Conaire, luann Máirín Nic Eoin go n-aithníonn scríbhneoirí cosúil le Cathal Ó Searcaigh go bhfuil stíl scríbhneoireachta sainiúil ag an gConaireach cé go bhfuil laigí áirithe sa teanga aige:

Ar an gcaoi chéanna, cé gur aithin Ó Searcaigh laigí áirithe i dteanga Phádraic Uí Chonaire, d'admhaigh sé go raibh stíl scríbhneoireachta thar an gcoitiantacht ag an gConaireach.

(Nic Eoin, 2005:63)

Is féidir a mhacasamhail a rá faoin gConghaileach. Is cinnte go mbíonn daoine a deir go salaíonn an Béarla saibhreas na Gaeilge mar a ritheann sé trí ghearrscéalta Uí Chonghaile. Ní fhéadfaidís a áiteamh nach bhfuil stíl scríbhneoireachta thar an gcoitiantacht ag an gConghaileach leis an tslí a dtagann frásaí as Béarla agus as Gaeilge le chéile chun pictiúr níos cruinne a thabhairt ar úsáid na Gaeilge i nGaeltacht Chonamara, áfach. Is fiú a rá go ndeir

scríbhneoirí na Gaeilge a bhaineann úsáid as focal nó dhó as Béarla gur roghnaigh siad an leagan Béarla toisc gurb é an focal sin a bhí uathu agus nach dtógann an leagan Béarla ón mothúchán a bhí said ag iarraidh cur in iúl ag pointe éigin sa scéal. Cé nár luaigh an Conghaileach é sin liom féin, is furasta an dearcadh seo a fheiceáil i stíl an údair. Laistigh de ghearrscéal atá lán de bheocht ó thaobh stíl chainte Ghaeltacht Chonamara de, faighimid frása as Béarla a chuireann le héifeacht dhrámatúil an scéil. Sa ghearrscéal ‘Bualadh an Bháis’, tar éis a bheith ag úsáid frásaí as Béarla le foirm na Gaeilge cosúil le “*misseáilfidh an baile go mór é*” (Ó Conghaile, 1997:133) a thugtar le fios arís leis an mbéim atá ar ‘miss’ go bhfuil searbhas ag baint leis an bhfrása tar éis fáil amach nach bhfuil lucht na sochraide chomh tógtha le hÉamainn nuair a tháinig sé ar ais. Cuireann frása mar seo cuma na cainte beo ar an gcomhrá – tá sé éasca a leithéid de chomhrá a shamhlú i measc pobal Gaeilgeoirí i gConamara. Téann úsáid an Bhéarla chomh fada go gcuirtear frása as Béarla isteach ann nuair a deir duine gur ‘health risk ceart’ (Ó Conghaile, 1997:135) a bheadh ann dá n-úsáidfí a chónra arís tar éis aiséiri Éamainn. Sa ghearrscéal, ‘Leabhar na bPeacaí’ is d’aon ghnó atá aistriúchán litriúil déanta ag Ó Conghaile nuair a deir an moinsignoir go bhfuil an bhean chun an ‘buicéad a chiceáil’ (Ó Conghaile, 1997: 66). Léiríonn sé easpa samhlaíochta nó droch-Ghaeilge i gcainte na gcarachtar. Leis an stíl chainte seo in úsáid ag an moinsignoir agus an sagart, is éasca an ní é na tréithe sin a nascadh leis na carachtair féin chomh maith.

Is sa tslí nach ndiúltaíonn an Conghaileach do thionchar an Bhéarla i litriocht na Gaeilge a thugann stíl air leith dó mar sin. Sa lá atá inniu ann, ní hé an oiread sin fós de scríbhneoirí na Gaeltachta atá ag scríobh sa Ghaeilge san aonú haois is fiche agus tá léargas luachmhar faighte againn i scríbhneoireacht Uí Chonghaile ar thionchar an Bhéarla ar Ghaeilge na Gaeltachta. Is í Gaeilge Chonamara a ritheann trí na gearrscéalta ach tagann carachtar nó dhó isteach le canúint eile a léiríonn an réalachas teangeolaíoch ó thaobh na Gaeilge de atá timpeall na tíre.

Is sa ghearrscéal ‘An Mála Freagraí a Goideadh’ atá sampla de seo againn le Gaeilge na

Mumhan: “‘n’fheadar,” a deir fear i nGaeluinn Chiarraí,’ (Ó Conghaile, 1997: 91). Tá neart samplaí idir na cnuasaigh a thugann blas na Gaeilge ó iarthar na tíre dúinn. Is minic a scríobhtar ‘chuile dhuine’, ‘scaití’, ‘áirid’ agus ‘eicint’ in ionad na bhfoirmeacha caighdeánacha a úsáidtear níos minice i gcúrsaí litríochta ó chanúint na Mumhan. Mar aon leis sin, is iondúil go mbíonn an Conghaileach dílis dá chanúint féin nuair a chuireann sé rialacha gramadaí Chonamara cosúil leis an urú i bhfeidhm ar an nGaeilge, mar shampla, ‘sa gcathair’, ‘sa mbliain’. Fiú ó theideal an scéil ‘Gabh i Leith a Mhéit’ faighimid nath dúchasach cainte atá an-choitianta fós i measc mhuintir Chonamara.

Más mian linn spléachadh a thabhairt ar stíl Uí Chonghaile ar bhonn taighde agus gan a bheith teoranta do liosta tréithe, d’fhéadfaí a rá go seasann an Conghaileach chun tosaigh ó thaobh cruthaitheacht na teanga de. Is leis an máistreacht atá aige ar an nGaeilge agus ar an gcaoi a dtéann an Béarla i bhfeidhm ar Ghaeilge na Gaeltachta go háirithe a fheictear gnéithe dá stíl shainiúil liteartha ag teacht chun cinn. Ar an gcuma chéanna, áfach, ní thógann an Ghaeilge céim siar ó thaobh saibhreas na teanga de i ngearrscéalta Uí Chonghaile. Leis na samplaí a phléimear a chuir struchtúr na Gaeilge ar fhocail as Béarla, osclaítear an taobh triallach de stíl scríbhneoireachta Uí Chonghaile a chuireann iachall orainn moilliú nó stopadh chun díriú ar bhrí na bhfocal a chruthaíonn an Conghaileach is muid i mbun léitheoireachta. Aithníonn an Conghaileach é féin mar scríbhneoir triallach agus caithfear a áiteamh go gcabhraíonn an fonn a bhíonn air teacht ar fhoirmeacha nua d’fhocail a stíl aonair féin a bhuanú agus a aithint. Cosúil leis an dearcadh a léiríonn Titley, míníonn Nic Eoin gurb í ‘staid na teanga féin, agus gaol an scríbhneora léi, atá ina síorúdair inní agus aighnis ag scríbhneoirí na Gaeilge’ (Nic Eoin, 2005:94). Má ghlactar leis go n-éiríonn leis an gConghaileach dul i ngleic le ceist an Bhéarla agus an dátheangachais go héifeachtach, caithfear a thabhairt faoi deara, mar sin, go dtugann an chumadóireacht teanga spás dó a bheith triallach lena chuid scríbhneoireachta féin.

Ní rófhada cuid de stíl Uí Chonghaile ón aoir a d'úsáid filí na mbard chun maslú a dhéanamh nuair a fhéachann tú ar na focail áirithe a roghnaíonn an scríbhneoir ina chuid gearrscéalta. Bíonn maslaí searbhasacha agus gliceas na cainte ag teacht amach leo ach is féidir leis an léitheoir taitneamh a bhaint as na ceisteanna a chuireann focail chiotacha nó focal amháin as Béarla ar an léitheoir ag an am céanna. An bua is láidre a ritheann trí ghearrscéalta ó pheann Uí Conghaile ná na meafair leanúnacha, ámh. Tig leat scéal a léamh, taitneamh a bhaint as agus aitheantas a thabhairt do bhuanna an scríbhneora ach má éiríonn le scríbhneoir íomhá fháthchiallach a chruthú as gnáthrud nó gnátháit cosúil le siopa, uaireadóir nó scáil an duine, cruthaíonn an seasamh siombalach sin i bhfad níos mó ceisteanna ná mar a fhreagraíonn sé. Ní hiad na plotaí, na carachtair agus suíomh na ngearrscéalta amháin a chuireann an Conghaileach chun tosaigh mar scríbhneoir nuálach. Is leis an tslí a thugann sé saol nua do theicnící fileata cosúil leis an imeartas focal agus an meafar leanúnach a bhfuil cleachtadh againn air a thugann stíl ar leith don Chonghaileach.

Focal Scoir

Thosaigh mé mo thuras leis an tráchtas seo le smaoineamh amháin ar m'intinn agam mar ábhar don tráchtas faoin bhfantaisíocht agus gearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile. Ag an bpointe seo, agus mé ag druidim chun deiridh an staidéir, táim fós ag lorg mo 'mhála freagraí' féin chun deireadh a chur leis an sruthán smaointeoireachta a spreagann gearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile. Idir na cnuasaigh ar fad, taispeánann an Conghaileach gur scríbhneoir éagsúil, cumasach é atá ina mháistir ar Ghaeilge labhartha na ndaoine agus ar an nGaeilge mar mheán liteartha freisin. Is léir go bhfuil an saothar nua, *Diabhláocht Dé* (2015), tar éis tús a chur le smaointeoireacht struchtúrtha i dtaca le próis Uí Chonghaile a thabharfaidh dearcadh iomlán eile do thaighdeoirí agus do léitheoirí ar an gcineál stíle atá ag an gConghaileach. Chomh luath is a thosaigh mé an tráchtas seo, thug mé faoi deara go mbeadh orm a bheith sásta gan freagra sásúil a oireann dom féin a fháil i measc na saothar criticiúil. Ní hamháin go raibh orm dul i ngleic le saothar Uí Chonghaile mar léitheoir, bhí orm seasamh siar ansin ó na scéalta chomh maith chun iniúchadh a dhéanamh othu chun an saothar a mheas mar thaighdeoir acadúil. An dúshlán a bhí os mo chomhair, mar sin, ná conas cothromaíocht a fháil idir an léitheoireacht rannpháirteach agus an taighde criticiúil ag cur san áireamh an méid a bhí le rá ag léirmheastóirí eile na fantaisíochta agus litríocht na Gaeilge. An ní is suimiúla a tháinig chun cinn ná go raibh mé féin ag glacadh páirt i ngéithe éagsúla den taighde mar léitheoir na ngearrscéalta agus mar scríbhneoir an tsaothair seo. Thóg sé tamall dul i dtaithe ar choincheapa ciorclacha, teibí mar seo agus díriú ar sheánra liteartha na fantaisíochta ag an am céanna.

D'fhéadfá a áiteamh go n-éiríonn saol an taighdeora tuirsiúil tar éis roinnt mhaith ama a chaitheamh i d'aonar le saothair, téacsleabhair, peann agus ríomhaire, agus ag an deireadh go salaíonn an próiseas sin an taobh taitneamhach den léitheoireacht chruthaitheach. Thuigfeá go mbeadh an taighdeoir róghar dá ábhar féin chun stopadh ar feadh nóiméid agus tamall a chaitheamh ar luach an tsaothair ar bhonn cruthaitheach seachas ar bhonn taighde amháin. Is suimiúil an ní é go bhfuil aineolas an tsaineolaí suimithe go háibhéileach ach go paiteanta ag

an gConghaileach sa ghearrscéal ‘Reilig na bhFocla’: “‘huh,” arsa an t-iarchéimí, “nach cuma ann nó as é. Tá neart focla eile ann do mo thráchtas dá uireasa’ (Ó Conghaile. 2003:136). Ba mhínic a bhí orm teacht ar ais ar ghné eile den taighde, nó scéal a léamh uair amháin eile ar eagla go mbeadh taobh éigin fágtha ar lár agam. Dá mbeinn róthógtha le teoiric ar bith, cuir i gcás, bheinn ag diúltú do cheisteanna cruthaitheacha a thagann as taithí an léitheora go nádúrtha.

An taithí a ba luachmhaire a fuair mé le linn an staidéir seo ná an deis a bhí agam labhairt leis an scríbhneoir féin. Ní fhéadfá a shamhlú cé chomh luachmhar is atá sé labhairt le scríbhneoir na scéalta chun aithne a chur ar an nguth taobh thiar den scéal. Níl díreach bealach amháin ann chun féachaint ar scéal agus d’fhéadfá do léamh féin a dhéanamh ar aon cheann de na scéalta a phléigh mé tríd an taighde ach tugann an scríbhneoir bailchríoch do gach buille faoi thuairim a nochtáíodh ionam agus mé ag déanamh anailíse ar na scéalta. Le linn a bheith ag caint leis fiú, spreag sé smaointe nua ionam agus bealach úr chun féachaint ar na gearrscéalta a cheap mé a raibh smacht agam orthu go dtí sin.

Is féidir a rá nach raibh mé ach ag teacht in inmhe agus ag dul i dtraithí ar an scríbhneoireacht nuair a bhí mé ag críochnú an tsaothair seo agus dá mbeadh seans eile agam, tá an baol ann go mbeadh cuma dhifriúil ar an saothar seo. Is cosúil go mbíonn an éiginnteacht chéanna ar an gConghaileach féin, áfach, nuair a chríochnaíonn sé saothar, mar a luaigh sé liom. Ní ann go minic don chríoch iomlán i saothar liteartha ar bith, mar sin, rud a fhágann gur féidir filleadh arís agus arís air agus sásamh agus pléisiúr a bhaint as. Ní eisceacht gearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile sa chás sin.

Leabhar Liosta

Foinsí Clóite:

Apter, T.E. 1982 *Fantasy Literature: An Approach to Reality*. The Mac Millan Press Ltd.

Bradford, R. 1997 *Stylistics: The New Critical Idiom*. Londain agus New Eabhrac.

Breathnach, P. 2012 *Ar Bord Físe: Iarrachtaí le Micheál Ó Conghaile* in *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*, Eoin Mac Cárthaigh agus Jurgen Uhlich eag., Indreabhán: An Clóchomhar, Cló Iar-Chonnacht, 2012, 13-35.

Brombert, V. 1999 *In Praise of Antiheroes: Figures and Themes in Modern European Literature*. Chicago: The University of Chicago Press.

Cornell, N. 1990 *The Literary Fantastic*. Harvester Wheatsheaf

Culler, J. 2004 'Omniscience', *Narrative* 12, 22-35.

de Brún, P., Ó Buachalla, B. agus Ó Concheanainn, T., (1971) *Nua-Dhuanaire Cuid 1* Institiúid Ardléinn Baile Átha Cliath .

de Paor, P. 2005 *Na Buachaillí Dána: Cathal Ó' Searcaigh, Gabriel Rosenstock agus ról comhaimseartha an fhile sa Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.

Denvir, G. 1997 *Litríocht agus Pobal Cnuasach Aistí*. Cló Iar-Chonnacht.

Galef, D. 1983 *The Supporting Cast: A Study of Flat and Minor Characters*. Pennsylvania State University Press.

Grant, D. 1970 *Realism*. Methuen and Co. Ltd.

Hume, K. 1984 *Fantasy and Mimesis: Responses to Reality in Western Literature*. New York and London: METHUEN.

Irving, W. 1985 *Rip Van Winkle*. London: Chancellor Press.

Jackson, R. 1981 *Fantasy: The Literature of Subversion*. London: Methuen.

Kelleher, M agus O'Leary, P. 2006 *The Cambridge History of Irish Literature Vol.2*. Cambridge University Press.

Kidd, K. 2011 *Freud in Oz: At the Intersections of Psychoanalysis and Children's Literature*. Minneapolis, London: University of Minnesota Press.

Ní Chathán, M. 1998. 'Tagann siad ina gculaith féin: Labhrann Máire Ní Chathán le Mícheál Ó Conghaile' *Comhar*, 57 (1) (Eanáir 1998), pp. 6-8

Ní Dhomhnaill, N. 1991 *Feis*. An Sagart

Nic Dhonnchadha, A. 1980 *An Gearrscéal sa Ghaeilge 1898-1940*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Nic Eoin, M. 2006 'Ag Taisteal Gan Mhapaí: An Ficsean Neamhréalaíoch agus Gníomh na Léitheoireachta'. Ní Dhonnchadha A. (eag) *An Prós Comhaimseartha Léachtaí Cholm Cille XXXVI*. Magh Nuad: An Sagart, 77-111.

Nic Eoin, M. 2005 *Trén bhFearann Breac : An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. Cois Life.

Ó Buachalla, B. 1976 *Nua-Dhuanaire Cuid 2*. Institiúid Ardléinn Bhaile Átha Cliath.

Ó Cadhain, M. 2009 *Cré na Cille*. Indreabhán (eag. nua) Conamara: Cló Iar-Chonnachta.

Ó Cadhain, M. 1969 *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca*. An Clóchomhar.

Ó Conghaile, M. 1986 *Mac an tSagairt*. Indreabhán Conamara :Cló Iar-Chonnacht.

Ó Conghaile, M. 1997 *An Fear a Phléasc*. Indreabhán Conamara: Cló Iar-Chonnacht.

- Ó Conghaile, M. 2001 'Coisméigeacha Beaga agus Coisméagacha Móra' Mac Cóil, L. agus Ó hUiginn, R. (eag) *Bliainiris 2001*. Ráth Cairn, Co. na Mí: CARBAD. 279-317
- Ó Conghaile, M. 2003 *An Fear Nach nDéanann Gáire*. Indreabhán Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- Ó Conghaile, M. 'AGALLAIMH ATÁ DÉANTA AGAINN LE HÚDAIR AGUS LE CRITICEOIRÍ LITEARTHA' Gaelchultúr Teoranta. 29 Samhain 2013 ar fáil ag: <http://www.youtube.com/watch?v=KBXN3O8kb0M>
- Ó Conghaile, M. 2015 *Diabhlaitocht Dé*. Indreabhán Conamara: Cló Iar - Connacht.
- Ó Conaire, P. 1978 *An Chéad Chloch*. (eag. nua) Baile Átha Cliath: Mercier Press.
- Ó hÓgáin, D. 1982 *An File*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.
- Ó Giolláin, D. 2000 *Locating Irish Folklore: Tradition, Modernity, Identity*. Cork University Press.
- O' Leary, P. 2005 'The Irish Renaissance 1890-1940: Literature in Irish' Kelleher, M. agus O' Leary, P. (eag) *The Cambridge History of Irish Literature Volume 2*. Cambridge University Press 226-269
- Ó Sandair, C. 1961 *Leis an gCaptaen Spéirling go Mars*. BÁC: Oifig an tSoláthair.
- Ó Searcaigh, C. 2000 *Ag Tnúth leis an tSolas*, Indreabhán Conamara: Cló Iar-Chonnacht.
- Merriam, A.P. 1964 *The Anthropology of Music*. Northwestern University Press.
- Lee, H.D.P, 1955 *Plato: The Republic*, London: Penguin.
- Rabkin, E.S. 1976 *The Fantastic in Literature*. Evanston Illinois: Princeton University Press.
- Sodré, I. 2004 'Death by Daydreaming': Madame Bovary in eag. Bell, D. *Psychoanalysis and Culture: A Kleinian Perspective: The Tavistock Clinic Series*, 2nd eag, London, New York: Karnac, 54.
- Shaw, H. 1972 *Dictionary of Literary Terms* New York St. Louis San Francisco, Dusseldorf/Johannesburg/Kuala Lumpur / London/Mexico /Montreal /New Delhi / Panama /Rio de Janeiro / Singapore / Sydney/ Toronto: McGraw-Hill Book Company.

Wollheim, R. 1979 *Pictorial Style: Two Views in The Concept of Style*. Berel Lang, ed. University of Pennsylvania Press, pp. 129-45.

Foinsí Leictreonacha:

Byrne, A. 2011. ‘An tSamlaíocht ag Pléascadh’ *Comhar*, [ar líne], 57 (10), Deireadh Fómhair. Ar fáil ag : <http://www.jstor.org/stable/25573662> .(Léite 05 Fómhar 2011)

Cló Iar – Chonnacht (2015) [cic.ie/about](http://www.cic.ie/about) [ar líne], ar fáil ag: <https://www.cic.ie/about> [Léite 25 Meitheamh 2015]

Fredericks, S.C. 1978. ‘Problems of Fantasy’ *Science Fiction Studies*, [ar líne], 5 (1) (Márta 1978) Ar fáil ag : <http://www.jstor.org/stable/4239155> (Léite 07 Deireadh Fómhair 2013).

HCA Gilead.org.il, 2007. *The Little Mermaid by Hans Christian Andersen 1836* [ar líne] Ar fáil ag : http://hca.gilead.org.il/li_merma.html (Léite 12 Nollaig 2013).

Mac Aonghusa, M. 1996 ‘Teoranta Litríocht: Cathal ÓSándair 1922-1996’ *Comhar*, [ar líne], 55 (3) (Márta, 1996), ar fáil ag : <http://www.jstor.org/stable/25572913> (Leite 26 Deireadh Fómhair 2014) 27-28.

Ó Caiside,L. 2006. *An Interview with Nuala Ní Dhomhnaill* [ar líne]. Ar fail ag: http://www.gaelcast.com/?page_id=58 (Léite:17 Márta 2014).

Smith, A. 1981. ‘Reading For Pleasure: Opening Lines And Others Author (s)’ *British Medical Journal (Clinical Research Edition)*, [ar líne] 283 (6306), (Nollag. 12, 1981), ar fáil: <http://www.jstor.org/stable/29504613> (Léite: 17 Iúil 2015) 1596 – 1597.

Tuan, Y. 1990. 'Realism and Fantasy in Art, History, and Geography': *Annals of the Association of American Geographers* [ar líne]. 80 (3) Fómhar. Ar fáil ag: <http://www.jstor.org/stable/2563622> (Léite 19 Fómhar 2013).